Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15581/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0396(COD)**

**ENV 1243**
**MI 898**
**ENT 169**
**IND 527**
**CONSOM 320**
**COMPET 984**
**CODEC 1903**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 677 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 677 final.

Faoi iamh: COM(2022) 677 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2022
COM(2022) 677 final

2022/0396 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 425 final} - {SWD(2022) 384 final} - {SWD(2022) 385 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá gá le pacáistíocht chun earraí a chosaint agus a iompar. Mórghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas chomh maith is ea monaraíocht pacáistíochta. Tá cuir chuige rialála éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, áfach, rud a chruthaíonn bacainní a chuireann cosc ar an margadh inmheánach don phacáistíocht feidhmiú go hiomlán. Baineann difríochtaí a breithníodh le déanaí le, mar shampla, ceanglais lipéadaithe le haghaidh pacáistíochta, cuir chuige i leith sainmhíniú ar phacáistíocht in- athchúrsáilte nó in- athúsáidte, cuir chuige i leith táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora (EPR) a mhodhnú agus srianta margaíochta le haghaidh formáidí pacáistíochta áirithe. Cruthaíonn neamhréireachtaí den sórt sin éiginnteacht dhlíthiúil do ghnólachtaí, rud as a dtagann infheistíocht níos ísle i bpacáistíocht nuálach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus samhlacha gnó ciorclacha nua.

Tá pacáistíocht freisin ina phríomhábhar imní comhshaoil. Tá sé ar cheann de na príomhúsáideoirí óghábhar (úsáidtear 40 % de phlaistigh agus 50 % de pháipéar san Aontas le haghaidh pacáistíochta) agus is ionann é agus 36 % de dhramhaíl sholadach chathrach. Cuireann an úsáid mhéadaithe a bhaintear as pacáistíocht chomh maith leis na rátaí athúsáidte agus athchúrsála ísle bac ar fhorbairt geilleagair chiorclaigh ísealcharbóin. Tháinig méadú ar phacáistíocht le blianta beaga anuas níos tapúla ná an t- ollioncam náisiúnta, agus dá thoradh tháinig méadú mór ar $CO_2$- agus astaíochtaí eile, agus róshaothrú acmhainní nádúrtha, caillteanas bithéagsúlachta agus truailliú. Léirítear i sonraí ó Eurostat[1] agus tuarascálacha sonraí margaidh[2] úsáid mhéadaithe as saintréithe dearaidh pacáistíochta a d'fhéadfadh cosc a chur ar athchúrsáil. Bíonn pacáistíocht 'do- inathchúrsáilte' nuair nach féidir í a bhailiú ar leithligh nó má bhíonn sí dúshlánach do na próisis sórtála agus athchúrsáilte úrscothacha atá i bhfeidhm san Aontas. Ó 2012 go dtí 2020, tá fás suntasach tagtha ar an sciar den phacáistíocht nach féidir a athchúrsáil. Ina theannta sin, is minic nach n- athchúrsáiltear pacáistíocht atá in- athchúrsáilte go teicniúil mar gheall nach mbíonn na próisis is gá chun í a bhailiú, a shórtáil agus a athchúrsáil le fáil sa chleachtas nó nach mbíonn siad costéifeachtúil, nó nach leormhaith cáilíocht an aschuir chun freastal ar an éileamh i margaí deiridh na n- amhábhar tánaisteach. Thairis sin, léirítear i réamhthorthaí an dara Tuarascáil Luathrabhaidh ón gCoimisiún go bhfuil na Ballstáit ag streachailt chun na spriocanna athchúrsáilte a bhunaítear in Airteagal 6 de Threoir 94/62/CE a chomhlíonadh.

Cuirtear i dtábhacht i straitéis thionsclaíoch na hEorpa[3] an tábhacht a bhaineann leis an margadh inmheánach le haghaidh iomaíochas agus rathúnas an Aontais. Áirítear le bacainní a choisceann oibreoirí agus an pobal i gcoitinne ó thairbhiú go hiomlán den mhargadh inmheánach rialacha náisiúnta sriantacha agus casta, inniúlachtaí riaracháin teoranta, trasuí neamhfhoirfe rialacha an Aontais agus a gcur chun feidhme neamhleor.

---

1 https://ec.europa.eu/eurostat/web/waste/data/database

2 Transparency Market Research (2018) Packaging Market - Europe Industry Analysis, Size, Share, Growth, Trends and Forecast, 2018 – 2026, December 2018.

3 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0102

I gconclúidí na Comhairle i mí na Nollag 2020[4] cuireadh fáilte roimh rún an Choimisiúin a áirithiú go bhfuil an phacáistíocht ar fad in- athúsáidte nó in- athchúrsáilte ar bhealach indéanta go heacnamaíoch faoi 2030 agus chun pacáistíocht, róphacáistíocht agus dá bhrí sin dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú. Athdhearbhaíodh i rún na Parlaiminte an 10 Feabhra 2021 maidir leis an bplean gníomhaíochta nua um an ngeilleagar ciorclach[5] an cuspóir seo agus d'iarr sé ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh lena n- áirítear bearta agus spriocanna chun dramhaíl a laghdú, ceanglais uaillmhianacha chun pacáistiú iomarcach a laghdú – agus bearta chun in- athchúrsáilteacht a fheabhsú agus castacht na pacáistíochta a íoslaghdú, ábhar athchúrsáilte a mhéadú, substaintí guaiseacha agus díobhálacha a bhaint de réir a chéile, agus athúsáid a chur chun cinn gan shábháilteacht bia agus caighdeáin sláinteachais a chur i mbaol.

Ar deireadh, léiríodh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa go bhfuil daoine agus eagraíochtaí sochaí sibhialta ar fud an Aontais ag gairm gníomhaíocht láidir maidir le cosc dramhaíola, bainistíocht dramhaíola ó phacáistíocht agus ciorclaíocht pacáistíochta trí úsáid mhéadaithe a bhaint as ábhair athchúrsáilte.

Cuideoidh geilleagar ciorclach den phacáistíocht chun forbairt eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní nádúrtha, rannchuideoidh sé le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus caillteanas bithéagsúlachta a stadadh, agus spleáchas straitéiseach gheilleagar an Aontais ar roinnt mhaith amhábhar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé tionchar dearfach a imirt ar fhostaíocht, lena n- áirítear agus go sonrach sa gheilleagar sóisialta, trí níos mó poist ardcháilíochta 'ghlasa' a chruthú ar choinníoll go gcuirtear an infheistíocht is gá i scileanna[6] ar fáil agus go smaoinítear ar shonraíochtaí sna Ballstáit, réigiúin, agus cineálacha oibre.

Cé nach ndeachthas i ngleic sa leasú le Treoir 94/62/CE in 2018 le gach laige ina chur chun feidhme, áiríodh ann trí chlásal athbhreithnithe atá á gcur chun feidhme leis an tionscnamh seo.

Tugtar cothrom le dáta leis an tionscnamh seo creat reachtach an Aontais le haghaidh pacáistíochta agus dramhaíl ó phacáistíocht trí thacaíocht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit agus gnólachtaí chun spriocanna um laghdú dramhaíola a bhaint amach. Tagann an tacaíocht seo i bhfoirm creat rialála comhchuibhithe a thacaíonn le hinfheistíocht, a laghdaíonn dramhaíl agus a chuireann chun cinn athchúrsáil ardcháilíochta, a chuirfear i bhfeidhm go cothrom i ngach Ballstát den Aontas Eorpach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tugtar cothrom le dáta leis an rialachán beartaithe seo creat reachtach an Aontais le haghaidh pacáistíochta agus dramhaíl ó phacáistíocht. Mar chuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip[7] agus de phlean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar ciorclach, rannchuideoidh

4 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13852-2020-INIT/en/pdf

5 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0040_EN.html

6 Plean 5 bliana is ea an Clár Oibre Scileanna don Eoraip le cuidiú le daoine aonair agus gnólachtaí níos mó scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt i gcomhthéacs aistrithe glasa https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=22832&langId=en

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip COM/2019/640 final. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2019%3A640%3AFIN

sé le straitéis fáis an Aontais le haghaidh geilleagar nua- aimseartha, glan agus atá tíosach ó thaobh acmhainní de gan aon ghlan- astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050 agus le fás eacnamaíoch díchúpláilte ó úsáid acmhainní.

Tá an togra i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus le dramhaíl, go háirithe, Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl[8], Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an laghdú ar an tionchar a bhíonn ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol[9], Cinneadh na Comhairle (AE, Euratom) 2020/2053 an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[10] agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le clárú, meastóireacht, údarú, agus srianadh ceimiceán (REACH)[11].

Comhlánaíonn sé freisin tograí an Choimisiúin le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lastais dramhaíola[12], maidir le creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan amach le haghaidh táirgí inbhuanaithe[13], agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le creat beartas an Aontais maidir le plaistigh bhithbhunaithe, in- bhithmhillte agus inmhúirínithe[14].

**•Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirithítear sa togra seo neamh- idirdhealú idir táirgí a tháirgtear san Aontas agus táirgí allmhairithe agus tá sé comhsheasmhach le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais i réimse an bheartais trádála.

Tá sé mar aidhm ag an togra freisin oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a chomhchuibhiú, lena n- áirítear oibleagáid tuairiscithe táirgeora faoi scéimeanna EPR, d’fhonn teorainn a chur le hualach riaracháin na mBallstát agus oibreoirí eacnamaíocha i gcomhréir le cur chuige an Aontais maidir le reachtaíocht níos fearr[15] agus leis an tseiceáil Oiriúnachta maidir le tuairisciú agus faireachán[16].

Anuas air sin, i gcomhréir le gealltanas an Aontais le Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe NA 2030, lena n- áirítear a 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), feabhsófar leis an tionscnamh seo cur chun feidhme SDG 12.5 san Aontas trí ghiniúint dramhaíola a laghdú go suntasach faoi 2030 trí chosc, laghdú, athchúrsáil agus athúsáid.

A mhéid a bhaineann le cás sonrach dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach, comhlánaíonn an tionscnamh freisin an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach nach féidir a athchúrsáil i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ar an gcóras d’acmhainní dílse an Aontais

---

8 IO L 312, 22.11.2008, lch. 3.
9 IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.
10 IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
11 IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.
12 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52021PC0709
13 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52022PC0142
14 https://ec.europa.eu/environment/topics/plastics/bio-based-biodegradable-and-compostable-plastics_en
15 SWD(2015)111 final. https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2015)111&lang=en
16 COM(2017)312 final.

Eorpaigh. Dreasaíonn an acmhainn dhílis seo na Ballstáit chun bearta a chur i bhfeidhm chun cainníocht dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach neamh- athchúrsáilte ina gcríoch a laghdú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

**•Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra seo.

I gcomhréir leis an gcur chuige nua seo le táirgí a fógraíodh sa Chomhaontú Glas don Eoraip[1] agus an plean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach, cumhdaíonn an togra saolré iomlán na pacáistíochta. Leanann sé cur chuige na reachtaíochta don mhargadh inmheánach 'traidisiúnta' trí choinníollacha comhchuibhithe a chruthú chun pacáistíocht a chur ar an margadh. Ach, trí shaolré uile na pacáistíochta a chur san áireamh, cuirtear síneadh leis an gcur chuige mhargadh inmheánach seo chuig an gcéim deireadh ré, dá réir sin ag cruthú margadh inmheánach don phacáistíocht, gan bacainní le saorghluaiseacht agus le táirgeadh, margaíocht agus coinníollacha um chóireáil dramhaíola ar fud an Aontais.

Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí le Treoir 94/62/CE atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht. Ceadaítear san Airteagal seo don Aontas rialacha agus bearta riaracháin a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát. Ceadóidh an bunús dlí seo roinnt príomh- shaincheisteanna margaidh inmheánaigh a chuireann bac ar chur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha pacáistíochta ar gá dul i ngleic leo, lena n- áirítear: (i) ceanglais inbhuanaitheachta, (ii) critéir chomhchuibhithe maidir le héicea- mhodhnú táillí faoi na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, (iii) ceanglais maidir le lipéadú a chomhchuibhiú; agus (iv) ceanglais deireadh ré chun an cur chuige saolré seo a chomhlánú.

Cé go bhfágtar na ceanglais riaracháin mhionsonraithe ag na Ballstáit, rialaítear sa togra na gnéithe sin i gcás ina gcuirfidh comhchuibhiú cosc ar shaobhadh margaidh agus bacainní le saorghluaiseacht. Gné amháin den sórt sin is ea freagracht táirgeora leathnaithe, i gcás ina mbainfidh rialacha comhchuibhithe – lena n- áirítear tuairisciú – na bacainní le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a dhíolann pacáistíocht i roinnt Ballstát nó ar fud an Aontais mar gheall ar rialacha difriúla idir Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, tá creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh bailiú pacáistíochta, scéimeanna éarlaise agus aisíoca, agus córais le haghaidh athúsáidte, ag teastáil chun spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus chun coinníollacha cothroma a chruthú le haghaidh gnólachtaí atá gníomhach ar na margaí faoi seach. Beidh tionchar mór ag an gcreat comhchoiteann seo ar in- athchúrsáilteacht pacáistíochta agus ar infhaighteacht amhábhar tánaisteacha.

**•Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Maidir le buarthaí comhshaoil agus fadhbanna a bhaineann le pacáistíocht (i.e. bacainní leis an margadh inmheánach agus an geilleagar ciorclach, méideanna dramhaíola ó phacáistíocht a fhás agus gnéithe diúltacha eile) ní féidir leis na Ballstáit dul i ngleic leo astu féin. Leis na hardleibhéil trádála idir na Ballstáit, margadh mór amháin, seachas 27 margadh aonair, atá i margadh pacáistíochta an Aontais ar mhórán bealaí. Cé go dtéitear i ngleic i dtionscnaimh náisiúnta le roinnt de na dúshláin sin, cruthaíonn siad freisin ilroinnt bhreise ar an margadh inmheánach.

Trí chomhcheanglais agus comhspriocanna a shocrú ar leibhéal an Aontais, beidh breisluach soiléir mar go n- áiritheoidh sé feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus dá bhrí sin cothroime iomaíochta d'oibreoirí eacnamaíocha (e.g. tairgeoirí, soláthróirí, miondíoltóirí). Leis na ceanglais agus na spriocanna socraithe ar leibhéal an Aontais, beidh an t- aistriú chuig pacáistíocht inbhuanaithe comhsheasmhach ar fud na mBallstát, ag cruthú margadh éifeachtúil.

**•Comhréireacht**

Tá sé i gceist go soláthróidh na bearta a bheartaítear an deimhneacht rialála is gá chun infheistíocht mhórscála a spreagadh i réitigh phacáistíochta inbhuanaithe. Téann siad i ngleic leis an slabhra luacha pacáistíochta uile, fad is a áirithítear ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus sláinte an duine. Is é cuspóir an tionscnaimh seo an creat reachtach atá i bhfeidhm faoi láthair a nuachóiriú agus a neartú chun gur féidir barainneachtaí scála a dhéanamh trí chuir chuige choitianta, fad agus a thugtar an tsolúbthacht is gá don tionscal agus do na Ballstáit, i gcás inar gá sin a dhéanamh le haghaidh nuálaíochta nó mar gheall ar chúinsí áitiúla.

I gcás cuid de na roghanna beartais atá beartaithe, meastar gurb é an **cur chuige céim ar chéim** chun na ceanglais a neartú an cur chuige is fearr chun cloí le prionsabal na comhréireacht. Dá bhrí sin, tugtar isteach leis an togra **méadú de réir a chéile** ar uaillmhian agus ceanglais, amhail an ceanglais inbhuanaitheachta maidir le pacáistíocht in- athchúrsáilte agus athbhreithniú ar an ngá le díolúintí ó theorainneacha tiúchain le haghaidh substaintí a bhfuil imní fúthu in ábhair phacáistíochta áirithe.

Ar an iomlán, ní théann na bearta atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun comhlíontacht rialaitheach a áirithiú agus, san am céanna, chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a áirithiú.

**•An rogha ionstraime**

D’ainneoin a bhearta coincréiteacha, theip ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a chuspóirí comhshaoil agus margaidh inmheánaigh a bhaint amach. Mar gheall ar chuir chuige dhifriúla náisiúnta i leith trasuí agus bearta beartais pacáistíochta aontaobhacha ag Ballstáit áirithe tá creata rialála náisiúnta míchothroma ann. Tá an treocht seo le leanúint ar aghaidh, mar gheall ar na dúshláin le hinbhuaine pacáistíochta a leagtar amach sa tuarascáil um measúnú tionchair, go háirithe na méideanna méadaitheacha dramhaíola ó phacáistíocht, bacainní ó chiorclaíocht phacáistíochta agus an úsáid íseal a bhaintear as ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. Trí dhlíthe náisiúnta difriúla laghdaítear éifeachtacht an bheartais agus cuirtear bunú éifeachtach geilleagair chiorclaigh i mbaol.

Mar gheall ar na teipeanna rialála sa Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair (e.g. ceanglais fhíor- riachtanacha a bhfuil drochdhearadh orthu le haghaidh pacáistíochta agus deacrachtaí ag na Ballstáit iad a fhorfheidhmiú) is léir go bhfuil gá le comhchuibhiú, agus gur cheart go mbeadh na rialacha comhchuibhithe i bhfoirm rialacháin, seachas athbhreithniú ar an Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair. Chun an ghluaiseacht chuig geilleagar ísealcharbóin agus ciorclach a chur chun cinn a thuilleadh agus chun bacainní ar an margadh inmheánach a bhaint, tá gá le sraith nua de réitigh rialála chuimsitheacha, lena n- áirítear ceanglais shonracha do ghnólachtaí. Tacaíonn gach páirtí leasmhar gnó go láidir leis an ngluaiseacht chuig rialachán ina leagtar amach rialacha comhchuibhithe.

Áiritheofar le rialachán go gcomhlíonfaidh na 27 mBallstát a n- oibleagáidí an tráth céanna agus ar an mbealach céanna. Soláthróidh na ceanglais chéanna le haghaidh gach gníomhaí margaidh an deimhneacht dhlíthiúil is gá, laghdóidh siad saobhadh iomaíochta, agus seolfaidh siad comharthaí soiléire do ghníomhaithe margaidh nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad a bhfuil sé i gceist acu táirgí a chur ar mhargadh an Aontais. Tabharfaidh sé sainordú don Choimisiún freisin chun bearta cur chun feidhme a fhorbairt chun tuilleadh feola a chur ar an rialachán, i gcás inar gá, ionas gur féidir rialacha comhchoiteanna a shocrú go tapa.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

**•Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair**

I Seiceáil Oiriúnachta a rinneadh in 2014[17] sainaithníodh laigí sna ceanglais fhíor- riachtanacha le haghaidh pacáistíochta agus moladh iad a dhéanamh 'níos nithiúla agus éasca a fhorfheidhmiú', ag tabhairt le fios go mbeadh ceanglais fhíor- riachtanacha a neartú ina 'phríomhuirlis chun feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a bhaint amach maidir le pacáistíocht'. Ach ní dheachaigh an leasú ar Threoir 94/62/CE in 2018 i ngleic leis na laigí sin go díreach, ach thug sí isteach trí chlásal athbhreithnithe: (1) chun scrúdú a dhéanamh ar indéantacht na gceanglas fíor- riachtanacha a atreisiú d'fhonn, *inter alia*, dearadh a fheabhsú le haghaidh athúsáide agus ardcháilíocht athchúrsála a chur chun cinn chomh maith lena bhforfheidhmiú a neartú; (2) chun scrúdú a dhéanamh ar indéantacht spriocanna cainníochtúla a leagan amach maidir le hathúsáid pacáistíochta agus aon bhearta breise chun athúsáid pacáistíochta a chur chun cinn; agus (3), chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a raibh sé mar aidhm leo ídiú málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a laghdú agus scrúdú a dhéanamh ar bhealaí eile chun an cuspóir sin a bhaint amach. Leis na clásail athbhreithnithe tugadh sainordú don Choimisiún freisin chun togra reachtach a chur i láthair maidir leis na saincheisteanna sin, i gcás inarb iomchuí.

In Aibreán 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar meastóireachta maidir le héifeachtúlacht na gceanglas fíor- riachtanach le haghaidh pacáistíochta agus dramhaíl ó phacáistíocht agus tograí le haghaidh atreisiú[18]. Chuidigh príomhthorthaí na meastóireachta chun an fhadhb a shainmhíniú agus chun sraith beart tosaigh a fhorbairt don mheasúnú tionchair. Chuidigh an staidéar le bonn eolais a chur faoi Mheasúnú Tionchair Tosaigh an Choimisiúin, arna fhoilsiú an 11 Meitheamh 2020[19].

Áirítear bearta sa togra seo a théann i ngleic leis na saincheisteanna a sainaithníodh sa Seiceáil Oiriúnachta agus i staidéar meastóireachta 2020, chomh maith le bearta eile a sainaithníodh sa mheasúnú tionchair agus a chomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara.

**•Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sa mheasúnú tionchair a ghabhann le Treoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, bhí comhairliúchán críochnaitheach ar pháirtithe leasmhara lena áirithiú gur cuireadh i láthair agus go ndearnadh breithniú ar thuairimí ó raon leathan eagraíochtaí. Rannchuidigh os cionn 800 eagraíocht le níos mó ná 1 800 pointe teagmhála leis an gcomhairliúchán. Áiríodh ar mhodhanna spriocdhírithe agus níos leithne a úsáideadh chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara: aiseolas a bhailiú faoin measúnú tionchair tosaigh, ceistneoir poiblí, ceistneoir Ballstáit, ceardlanna agus seimineáir ar líne, agus agallaimh duine le duine.

---

17 An Coimisiún Eorpach (2014), Ex- post Evaluation of Five Waste Stream Directives [Meastóireacht *ex- post* ar Chúig Threoir Sruth Dramhaíola], – SWD (2014)209.

18 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/05a3dace-8378-11ea-bf12-01aa75ed71a1

19 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12263-Reducing-packaging-waste-review-of-rules_en

Ghin an comhairliúchán ar an measúnú tionchair tosaigh 110 freagra agus mar chomhairliúchán poiblí oscailte[20] ghin sé 425 fhreagra. Rinneadh comhairliúchán spriocdhírithe freisin chun an bonn fianaise a neartú, inar bailíodh aiseolas níos speisialaithe ó ghrúpaí páirtithe leasmhara sonracha le linn ceardlanna páirtithe leasmhara, i measc imeachtaí eile. Reáchtáladh sé sheimineár gréasáin le páirtithe leasmhara i Meitheamh 2021 chun aiseolas a chur i láthair agus a bhailiú ar thorthaí eatramhacha an staidéir. Bhí níos mó ná 950 duine aonair (as 250 eagraíocht) rannpháirteach sna seimineáir ghréasáin sin agus thug beagnach 100 eagraíocht aiseolas mionsonraithe agus páipéir sheasaimh. Reáchtáladh ceardlann bhreise an 30 Bealtaine 2022 le 517 duine i láthair, ar thug 50 páirtí leasmhar aiseolas lena linn. I gcomhthráth leis sin, rinne an comhairleoir a thacaigh le measúnú tionchair an Choimisiúin agus ranna ábhartha an Choimisiúin comhairliúcháin bhreise spriocdhírithe le saineolaithe na mBallstát, páirtithe leasmhara, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cumainn tomhaltóra.

Mheas formhór na bpáirtithe leasmhara go raibh údar le creat rialála nua a chruthú don phacáistíocht de bharr forbairtí teicneolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta. D'aontaigh a bhformhór freisin go raibh gá le comhchuibhiú breise ar rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair agus ghair siad creat nua Eorpach a chumhdaíonn saolré iomlán na pacáistíochta agus an tslabhra luacha ar fad. Mheas roinnt mhaith páirtithe leasmhara gur cheart go n- áiritheofaí rialacha comhchoiteanna níos géire ar inbhuanaitheacht na pacáistíochta chun feidhmiú mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú agus cuireadh i dtábhacht an gá le cur chuige coitianta i leith in- athchúrsáilteacht pacáistíochta, go háirithe an cur chuige critéir 'dearadh don athchúrsáil'.

Níos sonraíche, chuir ionadaithe tionscail i dtábhacht an gá le: (i) creat dlíthiúil socair agus comhchuibhithe lena n- áirithítear deimhneacht ó thaobh na hinfheistíochta de; (ii) cothroime iomaíochta a spreagann táirgeacht pacáistíocht inbhuanaithe; agus (iii) feidhmiú éifeachtach margaí athchúrsála chun infhaighteacht agus cáilíocht an amhábhair thánaistigh a fheabhsú. Ghair ionadaithe ón tsochaí shibhialta cur chun feidhme éifeachtach an ordlathais dramhaíola i slabhra luacha na pacáistíochta le bearta a dhreasaíonn cosc agus athúsáid dramhaíl ó phacáistíocht.

Is féidir teacht ar chonclúidí mionsonraithe ó na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara in Iarscríbhinn 2 den Mheasúnú Tionchair.

**•Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Anuas ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, úsáideadh roinnt príomhfhoinsí eile faisnéise don mheasúnú tionchair sin.

Chun tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na roghanna difriúla, d'úsáid an Coimisiún comhairleoirí seachtracha faoi dhá chonradh tacaíochta[21]. Forbraíodh leis na staidéir sin

---

20 Dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú – comhairliúchán poiblí. https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12263-Reducing-packaging-waste-review-of-rules/public-consultation_en

21 Dar teideal 'Measúnú ar na roghanna chun ceanglais fhíor- riachtanacha na Treorach um Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht agus bearta eile chun giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú' agus 'Tacaíocht chun an togra dlíthiúil agus an measúnú tionchair chun athbhreithniú a dhéanamh ar an

‘modheolaíocht samhaltaithe tionchair’ agus ‘modheolaíocht bonnlíne’. Úsáidtear an chéad cheann chun na bearta beartaithe a shamhaltú, i.e. samhaltú a dhéanamh ar an athrú ar shreabhadh maise, costais airgeadais, tionchair chomhshaoil agus shóisialta (fostaíocht). Sa cheann deiridh (an mhodheolaíocht bhonnlíne) soláthraítear forbhreathnú ar thomhaltas dramhaíola ó phacáistíocht, giniúint dramhaíola agus bainistíocht dramhaíola do na 27 mBallstát den Aontas Eorpach. Áirítear ann treochtaí stairiúla bunaithe ar shonraí reatha agus réamh- mheastacháin don todhchaí go dtí 2050 araon. Is cás ‘gan aon athrú beartais’ é an bhonnlíne go bunúsach, i.e. samhaltú ar threochtaí don todhchaí i gcás ina bhfanann gach beartas agus beart ar leibhéal an Aontais agus náisiúnta i bhfeidhm, arna chomhlánú ag aon togra(í) reachtach(a) amach anseo de chuid an Choimisiúin. Rinne Airmheán Comhphháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin staidéar tacaíochta eile chun anailís a dhéanamh ar thionchair na mbeart a mheascann siombailí ar ghabhdáin dramhaíola le lipéid mheaitseála ar phacáistíocht (forbraíodh an ceann deiridh faoin dá staidéar thuasluaite).

D’oibrigh an sainchomhairleoir agus a shaineolaithe go dlúth le ranna ábhartha an Choimisiúin le linn chéimeanna éagsúla an staidéir.

Bailíodh sonraí agus barúlacha breise trí agallaimh spriocdhírithe le páirtithe leasmhara agus comhairliúcháin ghrinn leis na Ballstáit.

Forbraíodh bearta féideartha maidir le málaí siopadóireachta plaisteacha i dtosach sa ‘Staidéar maidir le Cur chun Feidhme na Treorach um Málaí Plaisteacha nasctha leis an Staidéar Scóipe chun measúnú a dhéanamh ar indéantacht bearta breise an Aontais’[22], agus rinneadh measúnú tionchair ar na bearta beartaithe sa dara staidéar tacaíochta.

Ar deireadh, forbraíodh bearta maidir le pacáistíocht inmhúirínithe mar chuid de Staidéar 2020 ar Relevance of biodegradable and compostable consumer plastic products and packaging in a circular economy [Ábharthacht táirgí plaisteacha tomhaltóirí in- bhithmhillte agus inmhúirínithe agus pacáistíocht i ngeilleagar ciorclach][23]. Tugadh tuilleadh inspioráide sa staidéar seo freisin do Theachtaireacht an Choimisiúin maidir le creat beartais an Aontais i ndáil le plaistigh bhithbhunaithe, in- bhithmhillte agus inmhúirínithe.

**•Measúnú tionchair**

Tá an togra bunaithe ar mheasúnú tionchair. Tar éis dul i ngleic le barúlacha an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála ina thuairim dhiúltach an 13 Bealtaine 2022 agus na modhnuithe agus breiseanna is gá a dhéanamh, fuarthas tuairim dhearfach ón measúnú tionchair an 30 Meán Fómhair 2022.

Sainaithníodh trí phríomhfhadhb sa mheasúnú tionchair:

---

Treoir Pacáistíochta a chur i gcrích, le bearta beartais nua agus tugtha cothrom le dáta agus faisnéis don dréachtú reachtach’.

22 Staidéar Scóipe chun measúnú a dhéanamh ar indéantacht bearta breise an Aontais agus cur chun Feidhme na Treorach um Málaí Plaisteacha. Cuid II, Cur chun Feidhme na Treorach um Málaí Plaisteacha – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu).

23 Relevance of biodegradable and compostable consumer plastic products and packaging in a circular economy [Ábharthacht táirgí plaisteacha tomhaltóirí in- bhithmhillte agus inmhúirínithe agus pacáistíocht i ngeilleagar ciorclach] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu).

(1) Giniúint dramhaíola ó phacáistíocht ag fás[24]: Ní rabhthas in ann an treocht sin a chúlú i dTreoir 94/62/CE, d'ainneoin forálacha sonracha maidir le pacáistíocht a íoslaghdú. Chuir nósanna tomhaltais nua leis an treocht fáis (e.g. tomhaltas beir leat, díolacháin ar líne agus seachadtaí baile méadaithe).

(2) Bacainní le hathchúrsáil agus athúsáid pacáistíochta: áirítear leo sin tosca amhail úsáid mhéadaithe as gnéithe dearaidh pacáistíochta a chuireann cosc ar athchúrsáil, traséilliú méadaithe ar shruthanna athchúrsála inmhúirínithe, substaintí i bpacáistíocht a d'fhéadfadh a bheith guaiseach agus lipéadú nach bhfuil soiléir ar phacáistíocht lena sórtáil. Dá thoradh sin, níl an tosaíocht d'athúsáid agus athchúrsáil thairis athshlánú agus líonadh talún curtha chun feidhme ina hiomláine go fóill.

(3) Cáilíocht íseal athchúrsála i bpacáistíocht phlaisteach agus úsáid amhábhair thánaisteacha: cuireann sé sin teorainn ar chumas an Aontais úsáid óghábhar i bpacáistíocht nua a laghdú. Cuireann teipeanna margaidh agus easnaimh sa chreat rialála atá ann faoi láthair bac ar bhrabúsacht gníomhaíochtaí athchúrsála agus cuireann siad brú ar an infheistíocht sa teicneolaíocht agus sa lóistíocht soláthair is gá lena áirithiú go mbailítear, go sórtáiltear agus go n- athchúrsáiltear pacáistíocht ar leibhéal ardcháilíochta.

Mar gheall ar an méid thuas, is iad cuspóirí uileghabhálacha an togra reachtaigh seo chun tionchair dhiúltacha na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol a laghdú agus feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha: (i) giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú; (ii) geilleagar ciorclach le haghaidh pacáistíochta a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtach; agus (iii) úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a chur chun cinn.

Cuireadh i dtoll a chéile sa mheasúnú tionchair gach beart féideartha don anailís, bunaithe ar thrí staidéar a rinne comhairleoir seachtrach, ceardlanna le páirtithe leasmhara, comhairliúchán poiblí ar líne agus agallaimh spriocdhírithe. Grúpáladh na bearta éagsúla, casta agus idirghaolmhara faoi thrí rogha beartais, a chuirtear i gcomparáid le cás 'gnó mar is gnách'. Éiríonn Roghanna 1 go 3 níos láidre i dtéarmaí a n- éifeachtachta comhshaoil, agus a n- ualaigh agus ionsá cur chun feidhme freisin, mar a leanas:

- Leagtar amach i Rogha 1 bearta chun caighdeánú a mhéadú agus bunaítear ann ceanglais fhíor- riachtanacha níos soiléire ar iondúil go mbíonn siad ina réamhriachtanais le haghaidh beart i ngrúpaí eile.
- I Rogha 2 leagtar amach spriocanna sainordaitheacha maidir le laghdú dramhaíola, athúsáid le haghaidh earnálacha áirithe agus íosmhéid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach, ceanglais chun in- athchúrsáilteacht fhoriomlán a áirithiú faoi 2030 agus rialacha táirge comhchuibhithe.
- I Rogha 3 leagtar amach spriocanna sainordaitheacha níos airde agus ceanglais táirge bhreise ná mar atá i Rogha 2.

24 Tá méadú tagtha ar ghiniúint dramhaíola fhoriomlán ó phacáistíocht san Aontas ó 66 mhilliún tona in 2009 go dtí 78,5 milliún tona in 2019 (fás 19 %, níos airde ná OIN). Measadh an táirgeadh bliantúil de dhramhaíl ó phacáistíocht in 2018 agus 173 kg *per capita* san Aontas, méadú 27 kg i gcomparáid le 2009.

Is iad na príomhroghanna beartais do dhéantóirí beartais sna 27 mBallstát den Aontas sna 3 réimse idirghabhála spriocanna laghdaithe dramhaíola náisiúnta, spriocanna athúsáidte d'oibreoirí eacnamaíocha in earnálacha áirithe, bearta chun in- athchúrsáilteacht a mhéadú, agus spriocanna le haghaidh ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. De na bearta cumasúcháin, is iad córais aisíoca éarlaise shainordaitheacha agus rialacha lipéadaithe chun sórtáil tomhaltóirí a éascú na roghanna beartais amuigh.

Cuirtear na bearta atá i ngach rogha i láthair sa Tábla a leanas. Chun na hidirnaisc eatarthu a léiriú, tá an uimhir chéanna ar bhearta malartacha, e.g. M2b agus M2c. Tá bearta maidir leis na **príomhroghanna beartais** i **gcló trom**.

| Rogha 1: Caighdeánú níos fearr agus Ceanglais Fhíor-Riachtanacha níos soiléire | Rogha 2: Spriocanna sainordaitheacha agus ceanglais níos géire | Rogha 3: Spriocanna agus ceanglais forleathana |
|---|---|---|
| **M5: Íoslaghdú ar spás bán ar phacáistíocht in earnálacha roghnaithe, lena n- áirítear ríomhthráchtáil**<br>**M1: Nuashonrú ar Cheanglais Fhíor- riachtanacha chun rópheacáistíocht a íoslaghdú**<br>**M10a: Athbhreithniú ar chaighdeán CEN chun sainmhíniú a thabhairt ar phacáistíocht in- athchúrsáilte**<br>**M19: soiléireacht a thabhairt ar an sainmhíniú ar ghníomhaíocht athúsáidte seachas gníomhaíocht 'ullmhú le haghaidh athúsáidte'** | **M8b: Spriocanna athúsáidte sainordaitheacha le haghaidh grúpaí pacáistíochta roghnaithe le haghaidh 2030/2040 in earnálacha roghnaithe** +M19+M10a+M10b: Sainmhínithe agus ceanglais shainordaitheacha le haghaidh formáidí pacáistíochta athúsáidte arna leagan amach i reacht agus i gcaighdeáin an Aontais le haghaidh formáidí áirithe+M10c: Sainmhíniú agus caighdeáin shainordaitheacha le haghaidh córais athúsáidte<br>**M7: Céimnigh amach pacáistíocht inseachanta / neamhriachtanach**<br>**M2b: Sprioc shainordaitheach chun dramhaíl ó phacáistíocht *per capita* a laghdú 19 % in 2030 i gcomparáid leis an mbonnlíne** +M1+M5 | M8c: **Spriocanna sainordaitheacha ardleibhéil chun athúsáid pacáistíochta a mhéadú faoi 2030/2040 in earnálacha roghnaithe** +M10a+ M10b+M10c+M19<br>**M2c: Sprioc shainordaitheacha chun dramhaíl ó phacáistíocht *per capita* a laghdú 23 % in 2030 i gcomparáid leis an mbonnlíne** +M1+M5+M7+M3: Faoi 2030, cosc a chur ar an bpacáistíocht is troime le haghaidh míreanna roghnaithe bunaithe ar roghanna malartacha níos éadroime atá ann faoi láthair |

| | | |
|---|---|---|
| **M21a: Beidh gach pacáistíocht in- athúsáidte nó in- athchúrsáilteacht faoi 2030 – soiléiriú ar Cheanglais Fhíor- riachtanacha agus sainmhíniú in- athchúrsáilteacht +M21b: Is gá go mbeadh gach pacáistíocht in- athúsáidte in- athchúrsáilte ó 2030**<br><br>**M22a: Sainmhíniú cáilíochtúil ar phacáistíocht in- athchúrsáilte**<br><br>**M28: Soiléiriú ar in- bhithmhillteacht agus inmhúirínitheacht agus nuashonruithe ar Cheanglais Fhíor- riachtanacha agus caighdeán EN 13432**<br><br>**M29a: Ceadú do phlaistigh inmhúirínithe agus thraidisiúnta le haghaidh cineálacha pacáistíochta roghnaithe** | **M22b: Sainmhíniú ar phacáistíocht in- athchúrsáilte bunaithe ar chritéir maidir le dearadh pacáistíochta le haghaidh athchúrsála (DfR) comhlánaithe ag an nós imeachta measúnaithe in- athchúrsáilteachta agus liosta diúltach de shaintréithe pacáistíochta neamh- in- athchúrsáilte** +M21a+M21b+M22a+M23: Comhchuibhiú na gCritéar Modhnaithe Táille EPR<br><br>**M29d:** Inmhúirínteacht shainordaitheacha le haghaidh cinn áirithe de na cineálacha plaisteach pacáistíochta roghnaithe agus le haghaidh na gceann eile inmhúirínithe nó plaistigh thraidisiúnta féideartha +M28 | **M22c: Sainmhíniú cáilíochtúil ar phacáistíocht in- athchúrsáilte** +M21a**+M21b+M22a+ M23**<br><br>**M29b:** Inmhúiríntheacht shainordaitheacha le haghaidh gach cineáil plaisteach pacáistíochta roghnaithe +M28 |
| **M37: Sainmhíniú ar Ábhar Athchúrsáilte agus modh tomhais** | **M35em: Spriocanna leathana le haghaidh ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach bunaithe ar íogaireacht teagmhála le haghaidh 2030 agus 2040** +M37 | **M35eh: Spriocanna leathana le huaillmhian níos airde le haghaidh ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach bunaithe ar íogaireacht teagmhála le haghaidh 2030 agus 2040** +M37 |
| **Mx: Nuashonrú ar lipéadú bunaithe ar ábhar atá ann faoi láthair: Baint cód alfa- uimhriúla le haghaidh sórtálaithe dramhaíola**<br>**M31: Nuashonrú ar shainmhínithe a bhaineann le substaint ghuaiseach**<br>**M32a: An fhaisnéis ar shubstaintí guaiseacha a leathnú** | **Ma&b: DRS sainordaitheacha agus íoscheanglais le haghaidh gach DRS**<br>**M27c-y: Lipéadú comhchuibhithe ar tháirgí agus gabhdáin dramhaíola chun sórtáil tomhaltóirí a éascú** (ardchórais phicteagram Nordacha)+Mx+Mk: Srianta maidir le lipéid mhearbhlacha<br>M12-u: Lipéadú comhchuibhithe, sainordaitheach le haghaidh pacáistíocht in- athúsáidte<br>M38-j: Critéir lipéadaithe le haghaidh Ábhar Athchúrsáilte<br>M32b: Fógra maidir le substaintí arb údar imní iad i bpacáistíocht +M33a: Srianta ar shubstaintí faoi REACH +M31<br>M40b: Íoschritéir GPP shainordaitheacha le haghaidh pacáistíocht táirgí agus seirbhísí tosaíochta<br>M42b: Comhchuibhiú chóras tuairiscithe EPR<br>MPCB: Oibleagáidí tuairiscithe leathnaithe ar PCB | **Mc: Úsáid tosaíochta pacáistíochta athchúrsáilte ó DRS** +Ma&b<br><br>M26cc: Scéimeanna bailithe dramhaíola mar mhalairt ar DRS+Mx+M12-u+M38-j+M27c-y+Mk<br><br>M32c: Fógra maidir le gach substaint i bpacáistíocht +M33b: Srianta ar shubstaintí faoi PPWD athbhreithnithe +M31<br><br>M40c: Íoschritéir GPP shainordaitheacha le haghaidh phacáistíocht gach táirge agus seirbhíse<br><br>M34b: Ceanglas maidir le tuairisciú sainordaitheach le haghaidh ábhar athchúrsáilte le haghaidh gach pacáistíochta +M42b + MPCB |

Bunaithe ar mheasúnú ar na tionchair ar na bearta, is fearr leis an gCoimisiún Rogha 2.

Ach, tugadh faoi mheastóireacht dhícheallach cás ar chás d'fhonn gnéithe de bhearta lasmuigh de Rogha 2 a bhrath, a bhfeabhsódh a gcomhtháthú sa rogha tosaíochta beartais a thuilleadh an fheidhmíocht chomhshaoil agus a n- indéantacht, fad is a bheidís comhréireach go fóill.

**•Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá leibhéil dhifriúla ualaigh riaracháin ag baint leis na bearta beartaithe, a thiocfadh go príomha as faireachán agus tuairisciú ar chomhlíontacht, le haghaidh údaráis phoiblí agus gnólachtaí araon.

An tráth céanna, baintear leas iomlán as úsáid an digitithe chun an t- ualach riaracháin a laghdú. Mar shampla, tá sé beartaithe go nglacfadh an Coimisiún le gníomh cur chun feidhme chun na coinníollacha a bhunú lena sainaithneofaí comhdhéanamh ábhartha pacáistíochta trí bhíthin teicneolaíochtaí marcála digiteacha. Moltar freisin go mbeadh cóid QR nó bealaí coibhéiseacha ar phacáistíocht in- athúsáidte chun a n- aisghabháil a éascú agus lipéid shonracha comhchuibhithe a thugann eolas i gceart do thomhaltóirí maidir le hin- athúsáideacht pacáistíochta, infhaighteacht córas athúsáidte. Thairis sin, ba cheart leis an lipéadú pacáistíochta comhchuibhithe le haghaidh sórtáil tomhaltóirí an scagadh dramhaíola a fheabhsú agus is simpliú suntasach é le haghaidh na n-oibreoirí.

**•Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Léirítear sa ráiteas airgeadais a áirítear na himpleachtaí buiséadacha mionsonraithe agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá sa Togra seo.

Is é an Coimisiún Eorpach, agus go sonrach Ard- Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (AS ENV), a bheidh freagrach as an rialachán a chaibidliú tríd an ngnáthnós imeachta comhchinnteoireachta, chomh maith lena chur chun feidhme go ginearálta agus as glacadh gach gnímh cur chun feidhme agus tarmligthe a bheartaítear ann. Áirítear ar ranna agus gníomhaireachtaí eile a sholáthróidh ionchur Eurostat, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA).

Tá na samhlacha airgeadais reatha bunaithe ar thrí phost coibhéise lánaimseartha Riarthóra (AD) chun na tascanna sin amháin a dhéanamh: (i) an Rialachán a chaibidliú agus a chur chun feidhme go ginearálta; agus (ii) an obair ullmhúcháin chun an reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh beirt saineolaithe náisiúnta coibhéise lánaimseartha ar iasacht agus beirt ghníomhairí conarthacha na cúraimí teicniúla (i bhfianaise na hamlíne ionchais). Beidh na costais le haghaidh fhoireann an Choimisiúin cothrom le EUR 6 537 000 bunaithe ar na scálaí tuarastail is déanaí, atá ar fáil go poiblí.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**•Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear sa togra roinnt forálacha chun faireachán agus an tuiscint ar shreafaí pacáistíochta a fheabhsú. Cuirfear iad seo leis an ríomh atá ann faoi láthair agus ceanglais tuairiscithe le

haghaidh na mBallstát faoi Chinntí an Choimisiúin 2005/270/CE[25] agus 2018/896/CE[26]. Beidh gá na cinntí sin a chur in ionad ceanglais tuairiscithe bhreise le tacú le faireachán agus cur chun feidhme foriomlán na gceanglas substainteach a bhaineann le: (1) málaí siopadóireachta plaisteacha (i.e. tuairisciú dí- chomhiomlánaithe agus sainordaitheach agus catagóirí difriúla málaí siopadóireachta plaisteacha); (2) an ráta bailithe do phacáistíocht a chumhdaítear leis an oibleagáid córais éarlaise agus aisíoca a chur ar bun; agus (3) sonraí a bhaineann le catagóirí pacáistíochta sonracha, is gá chun an mhodheolaíocht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar in- athchúrsáilteacht pacáistíochta.

Le tacú le faireachán a dhéanamh ar fhreagracht leathnaithe táirgeora (EPR) ar leibhéal an Bhallstáit, agus ceanglais EPR a chomhchuibhiú chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí ar fud an Aontais, moltar sa tionscnamh seo freisin ceanglas clárúcháin le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha (tairgeoirí) agus a n- eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí i gcás ina gcuireann siad pacáistíocht ar fáil ar mhargadh Ballstáit den chéad uair. Gabhann ceanglais chomhchuibhithe leis sin chun sonraí a thuairisciú ar phacáistíocht den sórt sin chuig na húdaráis náisiúnta. Laghdóidh sé sin an t- ualach riaracháin ar thairgeoirí ar gá dóibh faoi láthair oiriúnú do cheanglais náisiúnta atá ag éirí níos difriúla lena chéile maidir le tuairisciú EPR, agus ceadóidh sé do na Ballstáit a n- oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus an leibhéal gráinneachta sonraí is gá a sholáthar chun tacú le coigeartuithe beartais amach anseo, go háirithe maidir le hin- athchúrsáilteacht phacáistíochta.

Cuirtear teorainn sa togra le tuairisciú sonraí maidir le spriocanna athúsáidte agus athlíonta chuig an méid a thuairiscíonn oibreoirí eacnamaíocha chuig na húdaráis inniúla; ní bheartaítear aon tuairisciú breise chuig an gCoimisiún. Glacfaidh an Coimisiún na rialacha ríofa sna gníomhartha cur chun feidhme.

**• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach na forálacha ginearálta i *gCaibidil I***.**

Leagtar ábhar an Rialacháin seo síos in *Airteagal 1*. Mínítear ann go dtugtar isteach leis ceanglais le haghaidh shaolré foriomlán na pacáistíochta a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus lipéadú ionas gur féidir pacáistíocht a chur ar an margadh, chomh maith le ceanglais maidir le freagracht, bailiú, cóireáil, athchúrsáil leathnaithe an táirgeora i ndáil le dramhaíl ó phacáistíocht. Mínítear ann go rannchuidíonn an Rialachán seo le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh fad is go dtéitear i ngleic le cuspóirí comhshaoil maidir le tionchair dhiúltacha na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a chosc nó a laghdú. Ar an mbealach seo,

---

25 Cinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún an 22 Márta 2005 lena mbunaítear na formáidí a bhaineann leis an gcóras bunachair sonraí faoi Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, arna leasú go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/665 ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2019 (leagan comhdhlúite IO L 112, 26.4.2019, lch. 26–46).

26 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/896 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2018 lena leagtar síos an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh an tomhaltais bhliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus lena leasaítear Cinneadh 2005/270/CE (IO L 160, 25.6.2018, lch. 6–10).

rannchuidíonn sé leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola.

Leagtar síos in *Airteagal 2* go bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an bpacáistíocht uile, gan beann ar an ábhar a úsáidtear, agus leis an dramhaíl uile ó phacáistíocht.

In *Airteagal 3*, leagtar síos na sainmhínithe is gá chun críocha an Rialacháin seo. Glactar roinnt de na sainmhínithe sin ar aghaidh ón gCreat Reachtach Nua (Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 agus Cinneadh 768/2008/CE), ón Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht a aisghaireadh nó ó reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair (amhail an Treoir Réime Dramhaíola agus an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh). Tugtar isteach sraith nua sainmhínithe, go háirithe chun príomhbhearta an tionscnaimh seo a chur chun feidhme ag díriú ar phacáistíocht in- athchúrsáilte, úsáid ábhair athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach, pacáistíocht in- athúsáidte agus dramhaíl ó phacáistíocht a chosc.

Le *hAirteagal 4* leagtar síos prionsabal na saorghluaiseachta ar an margadh aonair maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais inbhuanaitheachta agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos sa Rialachán seo.

Tá ceanglais inbhuanaitheachta do phacáistíocht i g*Caibidil II*.

Le *hAirteagal 5* leagtar síos ceanglais maidir le substaintí i bpacáistíocht, go háirithe srian ar leibhéal tiúchana luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leibhéal an tsriain seo a ísliú chomh maith le díolúintí uaidh a leagan síos.

Éilíonn *Airteagal 6* go mbeidh an phacáistíocht in- athchúrsáilte agus leagtar amach ann na ceanglais a chaithfear a chomhlíonadh i gcur chuige dhá chéim. Ón 1/1/2030, beidh ar an bpacáistíocht na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála a chomhlíonadh agus, ón 1/1/2035, déanfar na ceanglais a choigeartú tuilleadh chun a áirithiú go ndéanfar pacáistíocht in- athchúrsáilte a bhailiú, a shórtáil agus a athchúrsáil go leordhóthanach agus go héifeachtach freisin (‘athchúrsáilte ar scála’). Bunófar i ngníomhartha tarmligthe a ghlacfaidh an Coimisiún na critéir maidir le dearadh na hathchúrsála agus an mhodheolaíocht chun a mheas an ndéantar athchúrsáil ar phacáistíocht ar scála. Is gá na forálacha seo a chur i bhfeidhm go difriúil chun an reachtaíocht is gá lena mionsonraítear na ceanglais in- athchúrsáilteachta a ghlacadh agus chun am leordhóthanach a thabhairt don tionscal oiriúnú do na rialacha nua. Thairis sin, bunaítear leis an bhforáil seo an riail go ndéanfar ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n- oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh a mhodhnú bunaithe ar na gráid feidhmíochta in- athchúrsáilteachta faoi na critéir um dhearadh le haghaidh athchúrsála, a thabharfar cothrom le dáta chun athchúrsáil ar thairseacha scála a chur san áireamh, le cur i bhfeidhm ó 2035. Ar deireadh, socraítear rialacha sonracha maidir le pacáistíocht nuálach nach gceanglófar na ceanglais in- athchúrsáilteachta ina leith a dhoiciméadú ach 5 bliana ó cuireadh ar an margadh í den chéad uair. Ina theannta sin, díolmhaítear ó na ceanglais in- athchúrsáilteachta neasphacáistiú a chomhlíonann an sainmhíniú ar neasphacáistiú in Airteagal 4(25) de Rialachán (AE) 2019/6, chomh maith le pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála d’fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745 agus d’fheistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/746 a bunaíodh faoin Airteagal sin go dtí 2034 chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chur san áireamh.

Éilíonn *Airteagal 7* go mbeidh, ón 1 Eanáir 2030, íosmhéid áirithe d’ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a bheidh aisghafa ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais, in aghaidh

an aonaid de phacáistíocht phlaisteach; tá pacáistíocht shonrach díolmhaithe, de réir mar is iomchuí. Méadófar na méideanna seo faoin 1 Eanáir 2040 agus ba cheart na maoluithe a athbhreithniú. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht a bhunú chun céatadán chion an ábhair athchúrsáilte atá aisghafa ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais agus an fhormáid don doiciméadacht theicniúil ghaolmhar a ríomh agus a fhíorú. Leis an bhforáil seo tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar íoschéatadán d'ábhar athchúrsáilte atá aisghafa ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais.

Sainmhínítear le *hAirteagal 8*, in éineacht leis an sainmhíniú in Airteagal 3, na coinníollacha maidir le pacáistíocht a mheastar a bheith inmhúirínithe agus forordaítear go mbeidh faighneoga caife scagaire, lipéid ghreamaitheacha atá ceangailte de thorthaí agus glasraí agus málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadroma inmhúirínithe 24 mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm. Beidh pacáistíocht eile, cé is moite de mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma, ar tugadh solúbthacht do na Ballstáit ina leith, incháilithe le hábhar a athchúrsáil. Tugann sé de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun liosta na pacáistíochta a chaithfidh a bheith inmhúirínithe a leasú.

Éilíonn *Airteagal 9* go n- íoslaghdófar meáchan agus toirt na pacáistíochta agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht agus ar fheidhmiúlacht na pacáistíochta. Déanfar comhlíontacht na hoibleagáide seo a chruthú le doiciméadacht theicniúil.

Leagann *Airteagal 10* síos na ceanglais maidir le pacáistíocht in- athúsáidte. Ar cheann de na ceanglais tá go ndéantar an phacáistíocht a cheapadh, a dhearadh agus a chur ar an margadh agus é de chuspóir aige sin í a athúsáid nó a athlíonadh uaslíon uaireanta. Ní mór pacáistíocht in- athúsáidte a bheith ina cuid de chóras le haghaidh athúsáide freisin, a chomhlíonann na híoschoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn VI den Rialachán seo.

Le *Caibidil III* leagtar síos ceanglais maidir le lipéadú, marcáil agus faisnéis.

Ceanglaítear le *hAirteagal 11* go ndéanfar pacáistíocht a mharcáil le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir lena comhdhéanamh ábhair chun sórtáil tomhaltóirí a éascú. Cuirfear na lipéid chéanna ar ghabhdáin dramhaíola chun go bhféadfaidh an tomhaltóir an bealach diúscartha iomchuí a shainaithint go héasca (*Airteagal 12*). Déanfar lipéid chomhchuibhithe a dhearadh freisin chun eolas a thabhairt, de rogha an mhonaróra, faoin ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. Beidh cód QR nó cineál iompróra eile sonraí ar phacáistíocht in- athúsáidte a thabharfaidh rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha chun a hathúsáid a éascú. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais chomhchuibhithe lipéadaithe agus formáidí comhchuibhithe lipéadaithe a bhunú do phacáistíocht agus do ghabhdáin dramhaíola chomh maith le comhdhéanamh ábhartha modhanna pacáistíochta na dteicneolaíochtaí marcála digiteacha a shainaithint.

Leagtar síos oibleagáidí na n- oibreoirí eacnamaíocha i *gCaibidil IV* agus is forálacha caighdeánacha den chuid is mó atá ann ó Chinneadh 768/2008/CE[27]. Is fiú Airteagal 14 agus Airteagail 21- 28 a lua, áfach.

---

27 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle

Éilíonn *Airteagal 14* go ndéanfaidh soláthraithe pacáistíochta nó ábhair pacáistíochta an fhaisnéis agus an doiciméadacht go léir is gá a sholáthar don mhonaróir chun comhréireacht na pacáistíochta a léiriú.

Sonraítear le *hAirteagal 21* nach mór d'oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí do dháileoirí deiridh nó d'úsáideoirí deiridh i bpacáistíocht ghrúpáilte, iompair nó ríomhthráchtála a áirithiú go bhfuil an cóimheas idir an spás folamh sa phacáistíocht i ndáil leis an táirge/na táirgí pacáistithe 40 % ar a mhéad.

Foráiltear le *hAirteagal 22* nár cheart d'oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht a chur ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an liosta seo a leasú trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh.

Éilíonn *Airteagail 23 agus 24* go n- áiritheoidh an t- oibreoir eacnamaíoch a chuireann pacáistíocht in- athúsáidte ar an margadh go bhfuil córas athúsáide i bhfeidhm don phacáistíocht seo. Déanfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha a bhaineann leas as pacáistíocht in- athúsáidte córas a chur ar bun freisin chun an phacáistíocht seo a athúsáid nó chun a bheith rannpháirteach ann. Leagtar síos na ceanglais maidir leis an gcóras le haghaidh athúsáide agus maidir le hathriochtú pacáistíochta in- athúsáidte in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán.

Éilíonn *Airteagal 25* go ndéanfaí oibreoirí eacnamaíocha a thairgeann táirgí lena gceannach trí athlíonadh faisnéis áirithe a sholáthar d'úsáideoirí deiridh agus go n- áiritheofaí go gcomhlíonann stáisiúin athlíonacháin na ceanglais a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn VI.

Leagtar síos le *hAirteagal 26* roinnt spriocanna maidir le hathúsáid agus athlíonadh le haghaidh earnálacha éagsúla agus formáidí pacáistíochta. Bunaítear leis freisin díolúintí ón oibleagáid na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhaint amach. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar síos spriocanna athúsáide níos sonraí agus díolúintí breise.

Leagann *Airteagail 27 agus 28* síos na rialacha maidir le ríomh agus baint amach na spriocanna éagsúla athúsáide agus athlíonacháin a leagtar síos in Airteagal 26 agus na rialacha maidir le tuairisciú don údarás inniúil ar na spriocanna sin. Faoin 31 Nollaig 2028, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunófar rialacha mionsonraithe maidir le ríomh agus an mhodheolaíocht maidir leis na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26.

Leagtar síos le *Caibidil V* (*Airteagal 29*) nach bhféadfaidh tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma dul thar 40 mála den sórt sin in aghaidh an duine faoin 31 Nollaig 2025. Féadfaidh na Ballstáit málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadroma, atá riachtanach chun críoch sláinteachais nó a chuirtear ar fáil mar phacáistíocht díolacháin do bhia scaoilte chun cur amú bia a chosc, a eisiamh ón oibleagáid an sprioc a bhaint amach.

Is forálacha caighdeánacha ó Chinneadh 768/2008/CE maidir le conas measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na pacáistíochta den chuid is mó atá i *gCaibidil VI* faoi chomhréireacht na pacáistíochta. Baineann sí leis na nithe seo a leanas:

---

(IO L 218, 13.8.2008, lch. 82–128).

– modhanna iontaofa, cruinne agus in-atáirgthe a úsáid chun tástálacha, tomhais agus ríomhanna a dhéanamh (*Airteagal 30*);

– caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar toimhde comhréireachta (*Airteagal 31*);

– an deis a bheith ann don Choimisiún sonraíochtaí teicniúla coiteanna a ghlacadh i gcás nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ar fáil (*Airteagal 32*);

–an nós imeachta um measúnú comhréireachta (*Airteagal 33*); agus

–dearbhú comhréireachta AE (*Airteagal 34*).

Baineann *Caibidil VII* le bainistíocht ar phacáistíocht agus le bainistíocht ar dhramhaíl ó phacáistíocht.

Éilíonn *Airteagal 35* go n-ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil chun na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagail 26 go 29 agus Caibidil VII a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Baineann *Airteagal 36* leis an tuarascáil luathrabhaidh, atá le dréachtú ag an gCoimisiún i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh faoi chomhair bhaint amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagail 38 agus 46.

Éilíonn *Airteagal 37* go ndéanfaidh na Ballstáit caibidil ar bhainistíocht pacáistíochta agus ar bhainistíocht dramhaíola ó phacáistíocht a thabhairt isteach ina bpleananna bainistíochta dramhaíola mar a cheanglaítear in Airteagal 28 de Threoir 2008/98/CE.

Éilíonn *Airteagal 38* go ndéanfaidh gach Ballstát an dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear in aghaidh an duine a laghdú de réir a chéile i gcomparáid leis an dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear in aghaidh an duine in 2018, 5 % faoi 2030, 10 % faoi 2035 agus 15 % faoi 2040. Cuirfidh na Ballstáit bearta chun feidhme, amhail ionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile, chun dreasachtaí a sholáthar chun an t-ordlathas dramhaíola a chur i bhfeidhm, chun giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc agus chun tionchar comhshaoil na pacáistíochta a íoslaghdú.

Éilíonn *Airteagal 39* go ndéanfaidh na Ballstáit clár a bhunú a fhónfaidh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht cheanglais Chaibidil VII ag táirgeoirí pacáistíochta. Clárófar táirgeoirí, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí i gcás eagraíocht den sórt sin a bheith ceaptha ag táirgeoir, nó an t-ionadaí ceaptha don fhreagracht leathnaithe táirgeoirí i gclár an Bhallstáit ina gcuireann an táirgeoir an phacáistíocht ar fáil den chéad uair. Ní chuirfidh táirgeoirí nach bhfuil cláraithe pacáistíocht ar fáil ar mhargadh Ballstáit.

Leagtar síos le *hAirteagal 40* go mbeidh freagracht leathnaithe táirgeoirí as a bpacáistíocht ag táirgeoirí a chuireann pacáistíocht ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 8a de Threoir 2008/98/CE.

Baineann *Airteagal 41* le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí. Má tá eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí iolracha ann, ní mór a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí ar chríoch iomlán Ballstáit.

Éilíonn *Airteagal 42* go ndéanfaidh táirgeoirí nó eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí cheaptha iarratas ar údarú ón údarás inniúil.

Éilíonn *Airteagal 43* go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirtear córais ar bun chun go bhféadfar an phacáistíocht agus an dramhaíl ó phacáistíocht go léir a thabhairt ar ais agus/nó a bhailiú ón tomhaltóir, ó úsáideoir deiridh eile, nó ón sruth dramhaíola.

Éilíonn *Airteagal 44* córas éarlaise agus aisíoca (DRS) le haghaidh buidéil deochanna phlaisteacha aon úsáide a bhfuil toilleadh suas le 3 lítear acu agus coimeádáin dí aon úsáide

mhiotail agus alúmanaim a bhfuil toilleadh suas le 3 lítear acu. Leagann sé síos freisin díolúintí ón riail seo. Faoin 1 Eanáir 2029, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann gach córas éarlaise agus aisíoca na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn X. Ceadaítear do na Ballstáit gloine a áireamh sa chóras éarlaise agus aisíoca freisin agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear córais éarlaise agus aisíoca le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe le haghaidh buidéil deochanna ghloine aon úsáide, nuair is indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, ar fáil go cothrom do phacáistíocht in- athúsáidte.

Éilíonn *Airteagal 45* go ndéanfaidh na Ballstáit bearta chun méadú ar chórais a spreagadh chun go bhféadfar iad a athúsáid. D'fhéadfaí a áireamh le bearta den sórt sin e.g. úsáid córais éarlaise agus aisíoca le haghaidh pacáistíocht nach gcumhdaítear leis na córais aisíoca éarlaise atá sainordaithe ag Airteagal 44.

Leagann *Airteagal 46* síos spriocanna athchúrsála maidir le dramhaíl ó phacáistíocht nach mór do na Ballstáit a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2025 agus faoin 31 Nollaig 2030, ar spriocanna iad atá mar an gcéanna i dTreoir 94/62/CE. Má chuireann na Ballstáit siar na sprioc- amanna chun spriocanna 2025 a bhaint amach ní mór dóibh plean cur chun feidhme a chur isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn XI. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát a phlean cur chun feidhme a athbhreithniú.

Leagann *Airteagail 47 agus 48* síos na rialacha maidir le baint amach na spriocanna athchúrsála a leagtar síos in Airteagal 46(1) a ríomh.

Éilíonn *Airteagal 49* go gcuirfí táirgeoirí nó eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí faisnéis ar fáil maidir le cosc agus bainistíocht ar dhramhaíl ó phacáistíocht le haghaidh na pacáistíochta a sholáthraíonn siad laistigh de chríoch Ballstáit.

Baineann *Airteagal 50* le tuairisciú do gach bliain féilire ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir le:

-baint amach na spriocanna athchúrsála,

-tomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadroma, éadroma agus tiubha,

-an ráta bailithe do phacáistíocht a chumhdaítear leis an oibleagáid córais éarlaise agus aisíoca a chur ar bun, agus

-an phacáistíocht a chuirtear ar an margadh agus na rátaí athchúrsála le haghaidh formáidí/cineálacha pacáistíochta mar a shonraítear i dTábla 3, Cuid 3, d'Iarscríbhinn II.

Leagtar amach le *hAirteagal 51* rialacha maidir le bunachair sonraí ar phacáistíocht agus ar an bhfaisnéis nach mór a bheith iontu.

Baineann *Caibidil VIII* le nósanna imeachta coimirce agus tá sé bunaithe ar fhorálacha caighdeánacha.

Baineann *Caibidil IX* (*Airteagal 57*) le soláthar poiblí glas agus, ar dhóigh níos sonraí, leis an bhféidearthacht go bhféadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun ceanglais is infheidhme maidir le conarthaí poiblí a bhunú (e.g. sonraíochtaí teicniúla, critéir roghnúcháin, critéir dhámhachtana, etc.), bunaithe ar na ceanglais inbhuanaitheachta a leagtar síos sa Rialachán seo.

Is caibidil chaighdeánach í *Caibidil X* ina bhfuil airteagail maidir le gníomhartha tarmligthe (*Airteagal 58*) agus maidir le gníomhartha cur chun feidhme (*Airteagal 59*).

Leagtar amach i *gCaibidil XI* leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1020 agus ar Threoir (AE) 2019/904.

Is caibidil chaighdeánach í *Caibidil XII* maidir le forálacha críochnaitheacha, ina bhfuil airteagail maidir le pionóis (*Airteagal 62*), maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán 8 mbliana tar éis a ghlactha (*Airteagal 63*), agus maidir le forálacha aisghairme agus idirthréimhseacha (*Airteagal 64*).

2022/0396 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is gá pacáistíocht a bheith ann chun táirgí a chosaint agus chun gurb siad éasca le hiompar ón áit a dtáirgtear iad go dtí an áit a n- úsáidtear nó a dtomhlaítear iad. Is ríthábhachtach d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí bacainní ar an margadh inmheánach do phacáistíocht a chosc. Is ann do chostais bhreise le haghaigh oibreoirí eacnamaíocha mar gheall ar rialacha ilroinnte agus ceanglais dhoiléire.

(2) Ina theannta sin, úsáideann an phacáistíocht méideanna móra óghábhar (úsáidtear 40 % de phlaistigh agus 50 % de pháipéar san Aontas le haghaidh pacáistíochta) agus is é sin 36 % de dhramhaíl sholadach chathrach[3]. Cruthaíonn leibhéil arda pacáistíochta a ghintear, agus a mhéadaíonn i gcónaí, chomh maith le leibhéil ísle athúsáide agus droch- athchúrsáil, bacainní suntasacha ar gheilleagar ciorclach ísealcharbóin a bhaint amach. Ar na cúiseanna sin, ba cheart leis an Rialachán seo rialacha a bhunú maidir le saolré iomlán na pacáistíochta a rannchuideoidh le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh trí bhearta náisiúnta a

[1] IO C […], […], lch. […].
[2] IO C […], […], lch. […].
[3] Eurostat, Staidreamh maidir le dramhaíl ó phacáistíocht: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Packaging_waste_statistics

chomhchuibhiú, agus drochthionchair na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a chosc agus a laghdú. Trí bhearta a leagan amach i gcomhréir le hordlathas na dramhaíola, ba cheart rannchuideodh leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.

(3) Leagtar síos le Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] ceanglais do na Ballstáit maidir le pacáistíocht, amhail ceanglais fhíor- riachtanacha, a bhaineann le comhdhéanamh na pacáistíochta agus a cineál in- athúsáidte agus in- aisghabhála, agus spriocanna aisghabhála agus athchúrsála.

(4) In 2014, moladh i Seiceáil Oiriúnachta a bhaineann le Treoir 94/62/CE[5] oiriúnuithe ar na ceanglais fhíor- riachtanacha chun iad a dhéanamh 'níos nithiúla agus éasca a fhorfheidhmiú' agus chun iad a neartú, rud a measadh mar phríomhuirlis chun feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a bhaint amach maidir le pacáistíocht.

(5) I gcomhréir leis an gComhaontú Glas[6], tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP)[7] go ndéanfaí na ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le pacáistíocht a atreisiú d'fhonn gach pacáistíocht a dhéanamh in- athúsáidte nó in- athchúrsáilte faoi 2030, agus bearta eile a bhreithniú chun (ró)phacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú, dearadh a spreagadh le haghaidh athúsáide agus in- athchúrsáilteacht phacáistíochta, castacht ábhar pacáistíochta a laghdú agus ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a thabhairt isteach. Cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún ann measúnú a dhéanamh ar indéantacht lipéadú ar fud an Aontais a éascaíonn deighilt cheart na dramhaíola ó phacáistíocht ag an bhfoinse.

(6) Is í pacáistíocht phlaisteach an t- ábhar is déine ó thaobh carbóin de agus, i dtéarmaí úsáid breosla iontaise, tá athchúrsáil ar dhramhaíl phlaisteach thart ar cúig huaire níos fearr ná loscadh le haisghabháil fuinnimh[8]. Díreach mar a shonraítear sa Straitéis Eorpach um Plaistigh[9], tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach glacadh le plaistigh athchúrsáilte a mhéadú agus rannchuidiú le húsáid níos inbhuanaithe a bhaint as plaistigh. Rannchuidíonn buiséad an Aontais agus an córas acmhainní dílse le laghdú a dhéanamh ar thruailliú ó

---

4 Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

5 An Coimisiún Eorpach (2014), *Ex- post Evaluation of Five Waste Stream Directives* [Meastóireacht *ex post* ar Chúig Threoir maidir le Sruth Dramhaíola], - SWD (2014)209

6 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2019%3A640%3AFIN

7 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:98:FIN&WT.mc_id=Twitter

8 Amadei A., Ardente F., Garcia- Gutierrez P., Klenert D., Nessi S., Tonini D., Tosches D., Saveyn H. (2022), *Environmental and economic assessment of plastic waste recycling: Mechanical, physical and chemical recycling technologies* [Measúnú comhshaoil agus eacnamaíoch ar athchúrsáil dramhaíola plaisteach: Teicneolaíochtaí athchúrsála meicniúla, fisiceacha agus ceimiceacha], foilseachán ar feitheamh.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Eorpach le haghaidh Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach COM (2018) 28 final.

dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach[10]. Ón 1 Eanáir 2021, le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, tugadh isteach ranníocaíocht náisiúnta atá comhréireach le cainníocht na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach nach n- athchúrsáiltear i ngach Ballstát. Tá an acmhainn dhílis seo mar chuid de dhreasachtaí chun tomhaltas plaistigh aon úsáide a laghdú, athchúrsáil a chothú agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach.

(7) Chuir an Chomhairle i dtábhacht go láidir ina Conclúidí i mí na Nollag 2020[11], gur cheart don athbhreithniú ar Threoir 94/62/CE forálacha níos nithiúla, níos éifeachtaí agus níos éasca le cur chun feidhme a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun pacáistíocht inbhuanaithe a éascú sa mhargadh inmheánach agus castacht na pacáistíochta a íoslaghdú chun réitigh atá indéanta go heacnamaíoch a chothú, feabhas a chur ar ath- inúsáidteacht agus in- athchúrsáilteacht chomh maith le substaintí ar údar imní iad in ábhair phacáistíochta a íoslaghdú, go háirithe maidir le hábhair pacáistíochta bia, agus foráil a dhéanamh maidir le pacáistíocht a lipéadú ar bhealach sothuigthe chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina hathchúrsáil agus cén áit ba cheart an dramhaíl a dhiúscairt chun sórtáil agus athchúrsáil a éascú.

(8) Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach[12] athdhearbhaíodh an cuspóir go mbeidh gach pacáistíocht in- athúsáidte nó in- athchúrsáilte ar bhealach atá inmharthana go heacnamaíoch faoi 2030 agus iarradh ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh lena n- áirítear bearta chun dramhaíl a laghdú agus spriocanna agus ceanglais fhíor- riachtanacha uaillmhianacha sa Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht chun pacáistiú iomarcach a laghdú, lena n- áirítear i ríomhthráchtáil, feabhas a chur ar in- athchúrsáilteacht agus castacht na pacáistíochta a íoslaghdú, ábhar athchúrsáilte a mhéadú, substaintí guaiseacha agus díobhálacha a bhaint de réir a chéile, agus athúsáid a chur chun cinn.

(9) Comhlánaíonn an Rialachán seo Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe][13], nach dtugtar aghaidh ar an bpacáistíocht mar chatagóir táirge sonrach faoina réir. Ba cheart a mheabhrú, áfach, maidir le táirgí sonracha, go bhféadfadh gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe] ceanglais bhreise nó ceanglais níos mionsonraithe a bhunú maidir lena bpacáistíocht, go háirithe i ndáil le híoslaghdú pacáistíochta nuair is féidir pacáistíocht ar lú a tionchar ar an gcomhshaol a bheith mar thoradh ar dhearadh nó athdhearadh táirgí.

---

10 Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom COM (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

11 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13852-2020-INIT/en/pdf

12 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0040_EN.html

13 https://ec.europa.eu/info/energy-climate-change-environment/standards-tools-and-labels/products-labelling-rules-and-requirements/sustainable-products/ecodesign-sustainable-products_en

(10) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an bpacáistíocht go léir a chuirtear ar an margadh san Aontas agus maidir le gach dramhaíl ó phacáistíocht, gan beann ar an gcineál pacáistíochta nó ar an ábhar a úsáidtear. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an sainmhíniú ar phacáistíocht faoi Threoir 94/62/CE roimhe seo a athstruchtúrú gan an tsubstaint a athrú. Ba cheart pacáistíocht díolacháin, pacáistíocht ghrúpáilte agus pacáistíocht iompair a shainiú ar leithligh chun dúbailt téarmaíochta a sheachaint. Dá dhroim sin, freagraíonn pacáistíocht díolacháin do phríomh- phacáistíocht, pacáistíocht ghrúpáilte do phacáistíocht thánaisteach agus pacáistíocht iompair do phacáistíocht threasach.

(11) Níor cheart mír, atá ina cuid dhílis de tháirge agus a bhfuil gá léi chun an táirge sin a choinneáil, a thacú ná a chaomhnú ar feadh a shaolré agus i gcás ina mbeartaítear na heilimintí go léir a úsáid, a thomhailt nó a dhiúscairt le chéile, níor cheart í a mheas mar phacáistíocht ós rud é go bhfuil a feidhmiúlacht nasctha go dlúth lena bheith mar chuid den táirge. I bhfianaise iompraíocht dhiúscartha na dtomhaltóirí maidir le málaí tae agus caife chomh maith le haonaid aon fhreastail de chuid an chórais caife nó tae, a dhiúscraítear sa chleachtas mar aon leis an iarmhar táirge as a n- eascraíonn éilliú sruthanna inmhúirínithe agus athchúrsála, ba cheart déileáil leis na míreanna sonracha sin mar phacáistíocht , áfach.Tá sé sin i gcomhréir leis an gcuspóir chun an bailiú ar leithligh de bhithdhramhaíl a mhéadú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 22 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14]. Thairis sin, chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le hoibleagáidí airgeadais agus oibriúcháin deiridh ré, ba cheart déileáil freisin mar phacáistíocht le gach aonad caifé nó córas tae is gá chun caife nó tae a choinneáil.

(12) I gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, agus i gcomhréir le smaointeoireacht saolré chun an toradh foriomlán is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar, tá sé d’aidhm ag na bearta dá foráiltear faoin Rialachán seo an méid pacáistíochta a chuirtear ar an margadh i dtéarmaí toirte agus meáchain a laghdú, agus giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, go háirithe trí íoslaghdú pacáistíochta, chun pacáistíocht nach gá a sheachaint, agus athúsáid pacáistíochta a mhéadú. Ina theannta sin, tá sé d’aidhm ag na bearta úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a mhéadú, go háirithe i bpacáistíocht phlaisteach, i gcás ina bhfuil an glacadh le hábhar athchúrsáilte an- íseal, chomh maith le rátaí athchúrsála níos airde do gach pacáistíocht agus ardcháilíocht na n- amhábhar tánaisteach mar thoradh air sin agus cineálacha eile aisghabhála agus diúscartha deiridh a laghdú ag an am céanna.

(13) Ba cheart pacáistíocht a dhearadh, a mhonarú agus a thráchtálú ar bhealach a fhágann gur féidir í a athúsáid nó a athchúrsáil ar ardcháilíocht, agus chun a tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú le linn a saolré iomláin agus le linn shaolré na dtáirgí ar lena n- aghaidh ar dearadh í.

---

[14] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

(14) I gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[15] agus na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[16], agus chun bainistíocht fhónta ceimiceán a áirithiú ar feadh a saolré agus an t- aistriú go geilleagar ciorclach saor ó thocsain, agus ábhartacht na pacáistíochta sa saol laethúil á meas, is gá go dtabharfaidh an Rialachán seo aghaidh ar thionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta níos leithne, lena n- áirítear ciorclaíocht, mar thoradh ar tionchair substaintí ar cúis imní iad do shaolré iomlán na pacáistíochta, ó mhonarú go húsáid agus deireadh ré, lena n- áirítear bainistíocht dramhaíola.

(15) Agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch á chur san áireamh, ba cheart pacáistíocht a dhearadh agus a mhonarú ar bhealach a chuirfeadh teorainn le láithreacht miotal trom áirithe agus substaintí eile ar údar imní iad ina comhdhéanamh. Mar atá ráite sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, déanfar substaintí ar údar imní iad a íoslaghdú agus a ionadú a mhéid is féidir, ag cur deireadh de réir a chéile leis na cinn is díobhálaí d’úsáid shochaíoch neamhriachtanach, go háirithe i dtáirgí tomhaltais. Dá réir sin, ba cheart substaintí ar údar imní iad mar chomhábhair d’ábhar pacáistíochta nó d’aon cheann de na comhpháirteanna pacáistíochta a íoslaghdú agus é de chuspóir aige sin a áirithiú nach mbíonn drochthionchar ag an bpacáistíocht, chomh maith le hábhair a athchúrsáiltear ó phacáistíocht, ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol, ar feadh a saolré.

(16) I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach[17], ba cheart beartais an Aontais a bheith bunaithe ar an bprionsabal gur cheart gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh ag an bhfoinse. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht gur cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach COM/2020/98 final.

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán an Aontais maidir le hInbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] COM/2020/667 final.

[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: ‘I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú’] – COM(2021) 400 final.

[18] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

gComhairle[19] a atreisiú mar bhunchloch chun ceimiceáin a rialáil san Aontas agus gur cheart iad a chomhlánú le cuir chuige chomhleanúnacha chun ceimiceáin a mheasúnú agus a bhainistiú sa reachtaíocht earnálach atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, cuirtear srian ar shubstaintí i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta ag an bhfoinse agus tugtar aghaidh orthu go príomha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach faoi Theideal VIII dá chuid, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, feadh gach céime de shaolré na substainte, lena n- áirítear céim na dramhaíola. Dá bhrí sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag forálacha an Rialacháin sin maidir le srianta a ghlacadh nó a leasú ar shubstaintí a mhonaraítear lena n- úsáid nó a úsáidtear i dtáirgeadh pacáistíochta nó comhpháirteanna pacáistíochta chomh maith le substaintí atá i bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistíochta a chur ar an margadh. Maidir le pacáistíocht a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20], ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí bia phacáistithe.

(17) I dteannta leis na srianta a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus, de réir mar is infheidhme maidir le pacáistíocht teagmhála bia, le forálacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, is iomchuí, ar chúiseanna comhsheasmhachta, na srianta atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun maidir le luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach atá i bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistíochta.

(18) Bunaítear díolúintí ar na leibhéil tiúchana luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh atá i bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistithe i gCinneadh 2001/171/CE ón gCoimisiún[21] agus i gCinneadh 2009/292/CE ón gCoimisiún[22] arna nglacadh faoi Threoir 94/62/CE agus ba cheart iad a choinneáil ar bun faoin Rialachán seo freisin. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún, áfach, chun iad a leasú nó a aisghairm chomh maith le díolúintí breise, i gcás inarb iomchuí, a chinneadh ar na leibhéil tiúchana luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh atá i

---

19 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

20 Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia agus lena n- aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lgh. 4–17).

21 Cinneadh 2001/171/CE ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2001 lena mbunaítear na coinníollacha maidir le maolú ar phacáistíocht ghloine i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotal trom a bunaíodh le Treoir 94/62/CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, IO L 62, 2.3.2001, lch. 20.

22 Cinneadh 2009/292/CE ón gCoimisiún an 24 Márta 2009 lena mbunaítear na coinníollacha maidir le maolú cliathbhoscaí plaisteacha agus pailléid phlaisteacha i ndáil leis na leibhéil tiúchana miotal trom a bhunaítear le Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, IO L 79, 25.3.2009, lch. 44.

bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistíochta, nó chun an teorainnluach tiúchana do na miotail sin a leasú sa Rialachán seo chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

(19) Leis an Rialachán seo níor cheart srianadh substaintí a chumasúatá bunaithe ar chúiseanna sábháilteachta ceimiceacha, nó ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia, cé is moite de na srianta ar luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach a bunaíodh cheana féin ar bhonn Threoir 94/62/CE agus ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt air faoin Rialachán sin, ós rud é go dtugtar aghaidh ar na srianta sin faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Mar sin féin, ba cheart dó a fhágáil gur féidir srian a chur, go príomha ar chúiseanna seachas sábháilteacht cheimiceach nó bia, ar shubstaintí atá i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta nó a úsáidtear ina bpróisis monaraíochta, ar substaintí iad a dhéanann difear diúltach d'inbhuanaitheacht na pacáistíochta, go háirithe a mhéid a bhaineann lena ciorclaíocht, i.e. athúsáid nó athchúrsáil.

(20) Maidir le dearadh pacáistíochta agus é de chuspóir aige an phacáistíocht a athchúrsáil, a luaithe a bheidh sí ina dramhaíl ó phacáistíocht, tá sé ar cheann de na bearta is éifeachtúla chun ciorclaíocht na pacáistíochta a fheabhsú agus rátaí athchúrsála pacáistíochta agus úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a ardú. Tá critéir maidir le dearadh pacáistíochta le haghaidh athchúrsála bunaithe le haghaidh roinnt formáidí pacáistíochta faoi scéimeanna deonacha tionscail nó ag roinnt Ballstát chun críche táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a mhodhnú. Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cothroime iomaíochta a sholáthar don tionscal, agus é de chuspóir aige sin inbhuanaitheacht na pacáistíochta a chur chun cinn, tá sé tábhachtach ceanglais shainordaitheacha a leagan síos maidir le hin- athchúrsáilteacht na pacáistíochta, trí na critéir agus an mhodheolaíocht a chomhchuibhiú chun measúnú a dhéanamh ar in- athchúrsáilteacht na pacáistíochta bunaithe ar mhodheolaíocht deartha le haghaidh athchúrsála ar leibhéal an Aontais. Chun an cuspóir a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Nua um an nGeilleagar Ciorclach a chomhlíonadh, ba cheart, faoi 2030, gach pacáistíocht a bheith in- athchúrsáilte nó in- athúsáidte, ar bhealach atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, ba cheart gráid feidhmíochta in- athchúrsáilteachta pacáistíochta a bhunú bunaithe ar na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála do chatagóirí pacáistíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn II. Níor cheart an phacáistíocht a bheith i gcomhlíontacht leis na critéir sin, áfach, ach ón 1 Eanáir 2030 chun am leordhóthanach a thabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha oiriúnú a dhéanamh.

(21) Toisc nach n- áirithíonn dearadh le haghaidh measúnú athchúrsála ann féin go ndéantar athchúrsáil ar phacáistíocht sa chleachtas, is gá modheolaíocht agus critéir aonfhoirmeacha a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar in- athchúrsáilteacht na pacáistíochta sa chleachtas bunaithe ar na próisis úrscothacha ar leithligh um bailiú, sórtáil agus athchúrsáil agus ar an mbonneagar atá ar fáil san Aontas. Ba cheart do thuairisciú gaolmhar ó na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, ó oibreoirí eacnamaíocha, tacú le bunú na dtairseach in- athchúrsáilteachta 'ar scála' agus, ar an mbonn sin, na gráid feidhmíochta in- athchúrsáilteachta maidir leis na hábhair agus na catagóirí sonracha pacáistíochta a thabhairt cothrom le dáta.

(22) Chun rialacha comhchuibhithe a bhunú maidir le dearadh pacáistíochta chun a hin- athchúrsáilteacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun critéir mhionsonraithe a leagan amach maidir le dearadh pacáistíochta le haghaidh athchúrsála de réir na n- ábhar pacáistíochta agus de réir catagóirí, chomh maith le

measúnú a dhéanamh ar in- athchúrsáilteacht na pacáistíochta ar scála lena n- áirítear catagóirí pacáistíochta nach liostaítear sa Rialachán seo. Chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha agus do na Ballstáit na sonraí is gá a bhailiú agus a thuairisciú chun an mhodheolaíocht athchúrsála 'ar scála' a bhunú, ba cheart do na monaróirí a áirithiú go ndéanfar an phacáistíocht a athchúrsáil ar scála ó 2035. Ba cheart a áirithiú leis sin go gcomhlíonann an phacáistíocht na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála, agus go ndéanfaí í a athchúrsáil sa chleachtas freisin ar bhonn na bpróiseas úrscothach ar leithligh um bailiú, sórtáil agus athchúrsáil.

(23) Chun nuálaíocht i bpacáistíocht a spreagadh, is iomchuí a cheadú go dtabharfar teorainn ama breise 5 bliana do phacáistíocht, a léiríonn gnéithe nuálacha as a dtagann feabhas suntasach ar chroí- fheidhm na pacáistíochta agus a bhfuil sochair chomhshaoil inléirithe aici, chun na ceanglais in- athchúrsáilteachta a chomhlíonadh. Ba cheart na gnéithe nuálacha a mhíniú sa doiciméadacht theicniúil a ghabhann leis an bpacáistíocht.

(24) Chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chosaint, de bharr chineál na dtáirgí pacáistithe agus na gceanglas gaolmhar, is iomchuí nach mbeadh feidhm ag na ceanglais in- athchúrsáilteachta maidir le neasphacáistiú mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] agus in Airteagal 4(25) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], atá i dteagmháil dhíreach leis an táirge íocshláinte, chomh maith le pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair na bhfeistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] agus maidir le feistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26]. Ba cheart feidhm a bheith ag na díolúintí sin go dtí an 1 Eanáir 2035.

(25) Tá roinnt Ballstát i mbun gníomhaíochta chun in- athchúrsáilteacht na pacáistíochta a spreagadh trí tháillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a mhodhnú; féadfaidh tionscnaimh den sórt sin a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta éiginnteacht rialála a chruthú do na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe i gcás ina soláthraíonn siad pacáistíocht i roinnt Ballstát. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora chun dearadh pacáistíochta níos inbhuanaithe a dhreasú chun pacáistíocht in- athchúrsáilte níos fearr a bhaint amach

---

[23] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[24] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n- aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[25] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n- aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

[26] Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n- aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú ag an am céanna. Is gá, dá bhrí sin, na critéir maidir le modhnú na dtáillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhchuibhiú bunaithe ar an ngrád feidhmíochta in- athchúrsáilteachta a fhaightear trí mheasúnú a dhéanamh ar in- athchúrsáilteacht, agus gan méideanna iarbhír na dtáillí sin a shocrú. Ós rud é gur cheart baint a bheith ag na critéir leis na critéir maidir le hin- athchúrsáilteacht na pacáistíochta, is iomchuí cumhacht a thabhairt don Choimisiún critéir chomhchuibhithe den sórt sin a ghlacadh an tráth céanna lena mbunófar an dearadh mionsonraithe le haghaidh na gcritéar athchúrsála de réir catagóirí pacáistíochta.

(26) Chun ciorclaíocht na pacáistíochta a áirithiú, ba cheart pacáistíocht a dhearadh agus a mhonarú sa chaoi gur féidir ionadú méadaithe a dhéanamh ar óghábhair le hábhair athchúrsáilte. Tacaíonn úsáid mhéadaithe na n- ábhar athchúrsáilte le forbairt an gheilleagair chiorclaigh le margaí a fheidhmíonn go maith d'ábhair athchúrsáilte, laghdaíonn costais, spleáchais agus tionchair chomhshaoil dhiúltacha a bhaineann le húsáid na n- amhábhar príomhúil, agus fágann gur féidir úsáid a bhaint ábhar atá níos tíosaí ar acmhainní. I ndáil leis na hábhair phacáistíochta éagsúla, is i bpacáistíocht phlaisteach atá an t- ionchur is ísle d'ábhair athchúrsáilte. Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin ar an mbealach is iomchuí, is gá glacadh le plaistigh athchúrsáilte a mhéadú, trí spriocanna sainordaitheacha a bhunú maidir le hábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach ag leibhéil éagsúla ag brath ar íogaireacht teagmhála[27] na bhfeidhmeanna pacáistíochta plaisteacha éagsúla, agus ag

---

27 Tagraíonn pacáistíocht teagmhála íogair do phacáistíocht phlaisteach táirgí a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n- úsáid i gcothú ainmhithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 29), Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a theacht i dteagmháil le bia (IO L 338 13.11.2004, lch. 4), Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún (IO L 229, 1.9.2009, lch. 1), Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha (athmhúnlú) (IO L 342, 22.12.2009, lch. 59), Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh.1223/2009 agus lena n- aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1), Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n- aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176), Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle (IO L 4, 7.1.2019, lch. 1), Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n- aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43), Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gCód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67) agus Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

áirithiú go mbeidh na spriocanna ceangailteacha faoi 2030. Chun ciorclaíocht na pacáistíochta a áirithiú diaidh ar ndiaidh, ba cheart feidhm a bheith ag spriocanna méadaithe ó 2040.

(27) Ba cheart a shoiléiriú, nach meastar ábhar páipéir a eascraíonn as an bpróiseas laoínála adhmaid a bheith san áireamh sa sainmhíniú ar phlaisteach faoi phointe 43 d'Airteagal 3.

(28) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a áirithiú i gcomhréir le ceanglais i reachtaíocht an Aontais agus chun aon riosca do shlándáil an tsoláthair agus do shábháilteacht leigheasanna agus feistí leighis a sheachaint, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisiamh ón oibleagáid d'íosmhéid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach le haghaidh neasphacáistiú mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 23, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6, chomh maith le pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 agus pacáistíocht teagmhála íogair d'fheistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh seo freisin maidir le pacáistíocht sheachtrach táirgí íocshláinte don duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 24, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 26, de Rialachán (AE) 2019/6 i gcásanna ina gcaithfidh sé ceanglais shonracha a chomhlíonadh chun cáilíocht an táirge íocshláinte a chaomhnú.

(29) Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cur chun feidhme éifeachtúil na n- oibleagáidí a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go bhfuil íoschéatadán áirithe d'ábhar athchúrsáilte atá aisghafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais sa chuid plaisteach de gach aonad pacáistíochta.

(30) Ba cheart dreasacht a bheith ann le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha chun an cion d'ábhar athchúrsáilte sa chuid phlaisteach den phacáistíocht a mhéadú. Is é an modh is oiriúnaí chun é sin a bhaint amach a áirithiú go ndéanfar modhnú ar tháillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora bunaithe ar chéatadán an ábhair athchúrsáilte sa phacáistíocht. Ba cheart an modhnú táillí a bheith bunaithe ar rialacha comhchoiteanna maidir le ríomh agus fíorú an chion athchúrsáilte atá sa phacáistíocht sin.

(31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na rialacha maidir le ríomh agus fíorú, in aghaidh an aonaid de dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais sa phacáistíocht, an sciar d'ábhar athchúrsáilte atá aisghafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais atá ann agus lena mbunaítear an fhormáid le haghaidh doiciméadacht theicniúil, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don

gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13- 59).

Choimisiún forálacha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(32) Maidir le pacáistíocht phlaisteach, ach amháin i gcás ina bhfuil sí déanta as teireataláit phoileitléine (PET), beidh údar, sách fada roimh dháta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le hábhar athchúrsáilte lena mbaineann, le hathmheasúnú a dhéanamh ar infhaighteacht teicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha do phacáistíocht phlaisteach den sórt sin, chomh maith le maidir leis an staid údaraithe faoi rialacha ábhartha an Aontais, agus suiteáil na teicneolaíochta sin sa chleachtas. Bunaithe ar an measúnú sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar na ceanglais le haghaidh ábhar athchúrsáilte do phacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair sonrach lena mbaineann, nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar na maoluithe. Chuige sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún.

(33) Chun na rioscaí a bhaineann le soláthar féideartha neamhleor de dhramhaíl phlaisteach shonrach le haghaidh athchúrsála a d'fhéadfadh praghsanna iomarcacha nó éifeachtaí díobhálacha ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar an gcomhshaol a bheith mar thoradh air, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na spriocanna maidir le hábhar sainordaitheach athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a leasú go sealadach. Agus an bonn cirt le gníomh tarmligthe den sórt sin á mheas, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar iarrataí dea- réasúnaithe ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha.

(34) Maidir le hábhair nach ábhair phlaisteacha iad, amhail gloine nó alúmanam, tá an treocht chun amhábhar príomhúil a chur in ionad ábhair athchúrsáilte soiléir agus tá coinne leis go leanfaidh sé ar aghaidh mar gheall ar an bhforbairt sa timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch agus ionchais na dtomhaltóirí. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún faireachán géar a dhéanamh ar úsáid ábhair athchúrsáilte in ábhair phacáistíochta nach ábhair phlaisteacha iad agus ba cheart dó measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá sé bearta breise a bhunú, lena n- áirítear spriocanna a leagan síos a bhfuil sé d'aidhm acu úsáid ábhair athchúrsáilte sa phacáistíocht seachas pacáistíocht phlaisteach a mhéadú.

(35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola ó bhithdhramhaíl éillithe le gnáthphlaistigh agus is minic a bhíonn na sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe. Mar thoradh ar an tras- éilliú seo cuirtear amú acmhainní, bíonn amhábhair thánaisteacha ar cháilíocht níos ísle ann agus ba cheart é seo a chosc ag an bhfoinse. Toisc go bhfuil an bealach diúscartha ceart do phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ag éirí níos mearbhlaí do thomhaltóirí, tá údar maith le agus is gá le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistigh inmhúirínithe, gan sainordú a dhéanamh ach amháin nuair a thugann a úsáid leas soiléir don chomhshaol nó do shláinte an duine. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás

[28] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

ina gcuidíonn úsáid phacáistíochta inmhúirínithe le bithdhramhaíl a bhailiú nó a dhiúscairt.

(36) Maidir le feidhmeanna pacáistíochta teoranta déanta as polaiméirí plaisteacha in- bhithmhillte, tá sochair comhshaoil inléirithe ann maidir le pacáistíocht inmhúirínithe a úsáid, a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n- áirítear áiseanna díleá anaeróbacha faoi choinníollacha rialaithe. Thairis sin, sa chás ina bhfuil scéimeanna iomchuí bailithe dramhaíola agus bonneagair cóireála dramhaíola ar fáil i mBallstát, ba cheart solúbthacht theoranta a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh ar cheart úsáid plaistigh inmhúirínithe do mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ina chríoch a shainordú. Chun mearbhall tomhaltóirí a sheachaint maidir le diúscairt cheart agus breithniú a dhéanamh ar an sochar comhshaoil a bhaineann le ciorclaíocht an charbóin, ba cheart úsaid a bhaint as gach pacáistíocht phlaisteach eile chun críche athchúrsála ábhair agus ba cheart a áirithiú le dearadh pacáistíochta den sórt sin nach ndéanann sé difear d'in- athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile.

(37) I gcás ina bhfuil údar maith agus inarb iomchuí mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíocha agus rialála a imríonn tionchar ar dhiúscairt plaisteach inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha sonracha lena n- áirithítear go bhfuil úsáid na n- ábhar sin chun leasa an chomhshaoil agus shláinte an duine, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta na pacáistíochta inmhúirínithe a leasú nó a leathnú.

(38) Chun measúnú comhréireachta le ceanglais maidir le pacáistíocht inmhúirínithe a éascú, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta do phacáistíocht inmhúirínithe atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] chun sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl agus chun a chur san áireamh, i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí, na paraiméadair, lena n- áirítear amanna múirínithe agus leibhéil inghlactha éillithe, a léiríonn na coinníollacha iarbhír i saoráidí cóireála bithdhramhaíola, lena n- áirítear próisis díleá anaeróbacha.

(39) Ba cheart a mheabhrú nach mór do gach pacáistíocht inmhúirínithe arb é atá inti ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia, na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 a chomhlíonadh.

(40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go laghdófar a toirt agus a meáchan agus ag an am céanna a cumas chun na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích a choinneáil ar bun. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV

---

29 Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

den Rialachán seo. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun giniúint pacáistíochta agus dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú agus ciorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéar feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000[30] atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil margaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad a bheith ina gcuid de chritéir feidhmíochta a thugann údar, ina n- aonar, do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor dó sin dochar a dhéanamh do shonraíochtaí táirge le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus le haghaidh táirgí bia agus talmhaíochta atá cláraithe agus faoi chosaint faoi scéim um chosaint tásc geografach an Aontais, mar chuid de chuspóir an Aontais an oidhreacht chultúrtha agus saineolas traidisiúnta a chosaint. Ar an taobh eile, féadfaidh in- athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid údar a thabhairt do mheáchan nó toirt bhreise phacáistíochta, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d’aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sé an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail chéanna maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú.

(41) Chun na ceanglais maidir le híoslaghdú pacáistíochta a chomhlíonadh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar theorannú an spáis fholaimh, na pacáistíochta grúpáilte agus iompair, lena n- áirítear pacáistíocht ríomhthráchtála.

(42) Chun measúnú comhréireachta le ceanglais maidir le híoslaghdú pacáistíochta a éascú, is gá toimhde comhréireachta a sholáthar do phacáistíocht atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a chur in iúl maidir leis na ceanglais sin agus critéir intomhaiste deartha a shonrú, lena n- áirítear i gcás inarb iomchuí, uasteorainneacha meáchain nó spáis fholmha le haghaidh formáidí sonracha pacáistíochta chomh maith le dearthaí pacáistíochta réamhshocraithe agus caighdeánaithe a chomhlíonann an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta.

(43) Chun ciorclaíocht agus úsáid inbhuanaithe na pacáistíochta a chur chun cinn, ba cheart pacáistíocht in- athúsáidte agus córais le haghaidh athúsáide a dhreasú. Chun na críche sin, is gá an coincheap maidir le pacáistíocht in- athúsáidte a shoiléiriú agus a áirithiú go bhfuil sé nasctha ní hamháin le dearadh na pacáistíochta, rud a d’fhéadfadh uaslíon turas nó rothlú a éascú agus na ceanglais sábháilteachta, cháilíochta agus sláinteachais a choinneáil ar bun agus í á folmhú, á díluchtú, á hathlíonadh nó á hathlódáil, ach freisin chun córais le haghaidh athúsáide a chur ar bun a urramaíonn na híoscheanglais mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun measúnú comhréireachta le ceanglais maidir le pacáistíochta in- athúsáidte a éascú,

---

30 Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.

is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta do phacáistíocht atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a chur in iúl maidir leis na ceanglais sin agus critéir agus formáidí pacáistíochta in- athúsáidte a shainiú, lena n- áirítear íoslíon turas nó rothlú, dearaí caighdeánaithe, chomh maith le ceanglais maidir le córais le haghaidh athúsáide, lena n- áirítear ceanglais sláinteachais.

(44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chur ar a gcumas dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí, lena n- áirítear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus an- éadroim inmhúirínithe. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a dhéanamh córas lipéadaithe comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola.

(45) Chun cuidiú le tomhaltóirí dramhaíl ó phacáistíocht a shórtáil agus a dhiúscairt, ba cheart córas siombailí comhchuibhithe a thabhairt isteach agus a cheangal ar phacáistíocht agus ar ghabhdáin dramhaíola araon, rud a ligfeadh do thomhaltóirí na siombailí a mheaitseáil chun críocha diúscartha. Ba cheart do na siombailí a fhágáil gur féidir bainistiú dramhaíola iomchuí a dhéanamh mar ba cheart faisnéis a sholáthair do thomhaltóirí leis faoi airíonna múirínithe pacáistíochta den sórt sin, go háirithe ionas nach gcuirfear tomhaltóirí amú mar nach bhfuil an phacáistíocht inmhúirínithe oiriúnach mar atá lena múiríniú sa bhaile. Ba cheart leis an gcur chuige sin feabhas a chur ar bhailiú dramhaíola ó phacáistíocht ar leithligh, rud a fhágfaidh go n- athchúrsáilfear dramhaíl ó phacáistíocht ar cháilíocht níos airde, agus go dtabharfaí isteach leibhéal comhchuibhithe na gcóras bailithe dramhaíola ó phacáistíocht ar an margadh inmheánach. Is gá freisin na siombailí atá bainteach leis na córais shainordaitheacha éarlaise agus aisíoca a chomhchuibhiú. Ós rud é nach mbailítear é trí chórais bailithe dramhaíola cathrach, níor cheart úsáid na siombailí sin a bheith sainordaitheach do phacáistíocht iompair cé is moite den phacáistíocht ríomhthráchtála.

(46) Níor cheart é a bheith sainordaitheach ábhar athchúrsáilte a lipéadú i bpacáistíocht toisc nach bhfuil an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun cóireáil cheart dheireadh shaolré na pacáistíochta a áirithiú. Beidh sé de cheangal ar mhonaróirí spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte a bhaint amach faoin Rialachán seo, áfach, agus d’fhéadfadh sé gur mhaith leo an fhaisnéis sin a thaispeáint ar a bpacáistíocht chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi. Chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis sin in iúl ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais, ba cheart lipéad a thaispeánann an t- ábhar athchúrsáilte a chomhchuibhiú.

(47) Chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas maidir le hin- athúsáidteacht, infhaighteacht córas le haghaidh athúsáide agus suíomh na bpointí bailithe a mhéid a bhaineann le pacáistíocht in- athúsáidte, ba cheart cód QR nó meán eile sonraí a sholáthraíonn faisnéis den sórt sin a bheith ar an bpacáistíocht sin. Ba cheart leis an gcód QR freisin rianú agus ríomh turas agus rothlú a éascú. Ina theannta sin, ba cheart pacáistíocht díolacháin in- athúsáidte a shainaithint go soiléir ag an díolphointe.

(48) Níor cheart aon iolrú a dhéanamh ar lipéid ar phacáistíocht. Chun é sin a sheachaint, i gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais faisnéis faoin táirge pacáistíochta a bheith ar fáil go digiteach trí mheán sonraí, ba cheart an fhaisnéis a cheanglaítear le haghaidh na pacáistíochta faoin Rialachán seo agus an fhaisnéis a

cheanglaítear le haghaidh an táirge phacáistithe a bheith inrochtana tríd an iompróir sonraí céanna. Ba cheart don iompróir sonraí sin na ceanglais faoin Rialachán sin nó faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme a chomhlíonadh. Go sonrach, i gcás ina bhfuil an táirge pacáistíochta cumhdaithe ag an Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe] nó ag reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear pas táirge digiteach, ba cheart an pas táirge digiteach sin a úsáid freisin chun an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoin Rialachán sin.

(49) Chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Rialacháin sin, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar fhaisnéis mhíthreorach agus mhearbhlach faoi shaintréithe na pacáistíochta agus faoin gcóireáil iomchuí maidir le deireadh a saolré, a bhfuil lipéid chomhchuibhithe bunaithe ina leith faoin Rialachán sin. Ba cheart é a bheith indéanta pacáistíocht a áirítear sa scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a shainaithint trí bhíthin siombail chreidiúnaithe ar fud chríoch an chórais sin. Ba cheart an tsiombail sin a bheith soiléir agus gan athbhrí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí maidir le hin- athchúrsáilteacht na pacáistíochta. Chuige sin, d'fhéadfaí a mheas go bhféadfadh an tsiombail 'Ponc Glas', a úsáidtear i roinnt Ballstát chun a chur in iúl go bhfuil ranníocaíocht airgeadais déanta ag táirgeoir do chóras náisiúnta um aisghabháil phacáistíochta[31], tomhaltóirí a chur amú chun a chreidiúint gur féidir pacáistíocht a bhfuil siombail den sórt sin uirthi a athchúrsáil i gcónaí.

(50) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na gceanglas maidir le lipéadú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun sórtáil dramhaíola a fheabhsú tuilleadh, chun na coinníollacha a bhunú chun comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta a shainaithint trí bhíthin teicneolaíochtaí marcála digiteacha, agus chun sonraíochtaí comhchuibhithe mionsonraithe a leagan síos maidir leis na ceanglais lipéadaithe do phacáistíocht agus do ghabhdáin dramhaíola a bunaíodh faoin Rialachán sin. Agus na gníomhartha tarmligthe seo á bhforbairt, ba cheart don Choimisiún faisnéis eolaíoch nó faisnéis theicniúil eile atá ar fáil a chur san áireamh, lena n- áirítear caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha. I bhfianaise an chórais nua, ba cheart Cinneadh 97/129/CE ón gCoimisiún[32] a aisghairm 42 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ba cheart a ábhar a chorprú sa ghníomh cur chun feidhme seo.

(51) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go gcomhlíonann an phacáistíocht na ceanglais faoin Rialachán seo. Ba cheart dóibh bearta iomchuí a ghlacadh chun comhlíontacht den sórt sin a áirithiú i ndáil lena róil faoi seach sa slabhra soláthair chun saorghluaiseacht phacáistíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú agus chun a hinbhuanaitheacht a fheabhsú.

(52) Is é an monaróir is fearr chun an nós imeachta um measúnú comhréireachta a dhéanamh, ós aige atá an t- eolas mionsonraithe faoin bpróiseas dearaidh agus

---

31 https://www.pro-e.org/the-green-dot-trademark

32 Cinneadh ón gCoimisiún an 28 Eanáir 1997 lena mbunaítear an córas sainaitheantais d'ábhair phacáistíochta de bhun Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 50, 20.2.1997, lgh. 28–31).

táirgeachta dá ndéantar foráil leis an Rialachán seo. Ba cheart, mar sin, oibleagáid an mheasúnaithe comhréireachta sin a chomhlíonadh a bheith ar an monaróir i gcónaí, agus ar an monaróir amháin.

(53) Ba cheart a áirithiú go soláthróidh soláthraithe pacáistíochta nó ábhar pacáistíochta an fhaisnéis agus an doiciméadacht go léir is gá don mhonaróir chun comhréireacht na pacáistíochta agus na n- ábhar pacáistíochta a léiriú. Ba cheart an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin a sholáthar ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach.

(54) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, is gá a áirithiú go gcomhlíonfaidh pacáistíocht ó thríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais an Rialachán seo, cibé acu a allmhairítear í mar phacáistíocht neamhspleách nó i dtáirge pacáistíochta. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis an bpacáistíocht sin. Ba cheart d'allmhaireoirí a áirithiú, dá bhrí sin, go gcomhlíonann an phacáistíocht a chuireann siad ar an margadh na ceanglais sin agus go mbeidh doiciméadacht a tarraingíodh suas ag monaróirí ar fáil chun críche cigireachta ag na húdaráis inniúla náisiúnta.

(55) Agus an phacáistíocht á cur ar an margadh, ba cheart do gach allmhaireoir a ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe chomh maith lena sheoladh poist agus, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, modh leictreonach cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh lleis a chur in iúl ar an bpacáistíocht. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí i gcásanna nach féidir tásca den sórt sin a chur ar an bpacáistíocht.

(56) Toisc go gcuireann an dáileoir pacáistíocht ar fáil ar an margadh tar éis don mhonaróir nó don allmhaireoir í a chur ann, ba cheart don dáileoir gníomhú leis an gcúram is cuí i ndáil le ceanglais infheidhme an Rialacháin seo. Ba cheart don dáileoir a áirithiú freisin nach ndéanann láimhseáil na pacáistíochta difear diúltach do chomhlíontaadh na gceanglas sin.

(57) Ós rud é go bhfuil dáileoirí agus allmhaireoirí gar don mhargadh agus go bhfuil ról tábhachtach acu maidir le comhlíonadh pacáistíochta a áirithiú, ba cheart dóibh a bheith bainteach le cúraimí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus ba cheart dóibh a bheith réidh chun a bheith rannpháirteach go gníomhach tríd an bhfaisnéis uile is gá a bhaineann leis an táirge lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis sin.

(58) Aon allmhaireoir nó dáileoir a chuireann pacáistíocht ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc féin, nó a mhodhnaíonn táirge den sórt sin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíontacht an Rialacháin seo, ba cheart a mheas gurb é an monaróir é agus ba cheart dó oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh air féin.

(59) Trí inrianaitheacht pacáistíochta a áirithiú feadh an tslabhra soláthair ina iomláine éascaítear cúram na n- údarás um fhaireachas margaidh oibreoirí eacnamaíocha a rianú a chuir pacáistíocht neamhchomhlíontach ar an margadh nó a chuir ar fáil ar an margadh í. Ba cheart a éileamh ar na hoibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, an fhaisnéis faoina n- idirbhearta a choinneáil ar feadh tréimhse ama áirithe.

(60) Ní féidir dul i ngleic go hiomlán leis an bhfadhb a bhaineann le giniúint iomarcach dramhaíola ó phacáistíocht trí oibleagáidí a leagan síos maidir le dearadh pacáistíochta. I gcás cineálacha áirithe pacáistíochta, ba cheart oibleagáidí chun an spás folamh a laghdú a leagan síos ar oibreoirí eacnamaíocha i dtéarmaí an spás folamh a laghdú nuair a bhíonn pacáistíocht den sórt sin a úsáid. I gcás pacáistíochta

grúpáilte, iompair agus ríomhthráchtála a úsáidtear chun táirgí a sholáthar do dháileoirí deiridh nó don úsáideoir deiridh, níor cheart an chiondáil spáis fholaimh a bheith níos mó ná 40 %. I gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht díolacháin mar phacáistíocht ríomhthráchtálaa bheith in ann a bheith díolmhaithe ón oibleagáid sin.

(61) Chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú sa mhargadh inmheánach chomh maith le hardleibhéal sábháilteachta agus sláinteachais bia, agus chun na spriocanna um chosc dramhaíola ó phacáistíocht a éascú, níor cheart pacáistíocht neamhriachtanach ná inseachanta a cheadú lena cur ar an margadh. Soláthraítear liosta na bhformáidí pacáistíochta sin in Iarscríbhinn V den Rialachán seo. Chun an liosta a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an liosta a leasú.

(62) Chun aidhm na ciorclaíochta agus úsáid inbhuanaithe pacáistíochta a chur chun cinn, is gá teorainn a chur leis an riosca nach n- athúsáidfear pacáistíocht a mhargaítear mar phacáistíocht in- athúsáidte sa chleachtas agus a áirithiú go dtabharfaidh tomhaltóirí pacáistíocht in- athúsáidte ar ais. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a bhaint amach ceangal a chur ar oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht in- athúsáidte, a áirithiú go gcuirtear córas le haghaidh athúsáide i bhfeidhm, rud a fhágfaidh gur féidir an phacáistíocht sin a chur i gcúrsaíocht, a rothlú agus a úsáid arís agus arís eile. Chun na buntáistí is mó a bhaineann le córais den sórt sin a áirithiú, ba cheart íoscheanglais a leagan síos maidir le córais lúboscailte agus lúbiata. Ba cheart deimhniú go gcomhlíonann pacáistíocht in- athúsáidte córas atá ann faoi láthair le haghaidh athúsáide a bheith mar chuid de dhoiciméadacht theicniúil na pacáistíochta sin.

(63) Ní mór pacáistíocht in- athúsáidte a bheith sábháilte dá húsáideoirí. Dá bhrí sin, ní mór d’oibreoirí eacnamaíocha a thairgeann a gcuid táirgí i bpacáistíocht in- athúsáidte a áirithiú, sula n- úsáidtear pacáistíocht in- athúsáidte arís, go bhfuil sí faoi réir próisis athriochtaithe, ar cheart ceanglais a leagan síos ina leith.

(64) Déantar dramhaíl de phacáistíocht in- athúsáidte, de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2008/98/CE, nuair a dhéanann a sealbhóir í a dhiúscairt, nuair atá sé ar intinn aige í a dhiúscairt nó nuair a bhíonn sé faoi oibleagáid í a dhiúscairt. De ghnáth ní mheastar gur dramhaíl í pacáistíocht in- athúsáidte i bpróiseas athriochtaithe.

(65) Chun cosc dramhaíola a dhreasú, ba cheart coincheap nua maidir le ‘hathlíonadh’ a thabhairt isteach. Ba cheart athlíonadh a mheas mar bheart sainiúil um chosc dramhaíola a chuirtear san áireamh agus a bhfuil gá leis chun na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhaint amach. Ní pacáistíocht de réir bhrí an Rialacháin seo iad coimeádáin ar leis an tomhaltóir iad, a bhfuil feidhm phacáistíochta i gcomhthéacs athlíonta acu, áfach, amhail cupáin, mugaí, buidéil nó boscaí in- athúsáidte.

(66) I gcás ina dtugann oibreoirí eacnamaíocha an deis táirgí a cheannach trí athlíonadh, ba cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonann a stáisiúin athlíonacháin ceanglais áirithe chun sláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, i gcás ina n- úsáideann tomhaltóirí a gcoimeádáin féin, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, eolas a thabhairt faoi na coinníollacha a bhaineann le hathlíonadh agus le húsáid shábháilte na gcoimeádán sin. Chun athlíonadh a spreagadh, níor cheart d’oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht a sholáthar saor in aisce nó gan bheith ina cuid den chóras éarlaise agus aisíoca ag na stáisiúin athlíonacháin.

(67) Chun an cion méadaitheach de phacáistíocht aon úsáide a laghdú agus na méideanna méadaitheacha dramhaíola ó phacáistíocht a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide agus athlíonacháin a bhunú ar phacáistíocht in earnálacha a measúnaíodh mar na hearnálacha is mó a bhfuil cumas laghdaithe dramhaíola ó phacáistíocht acu, is é sin bia agus deochanna le haghaidh beir leat, earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. Rinneadh é seo a mheas bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais le haghaidh athúsáide a bhí ann faoi láthair, an gá atá le pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh i dtéarmaí srianadh, slachta, sláinte, sláinteachais agus sábháilteachta. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcórais táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Tá coinne leis go dtacóidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht agus go méadófar an cion de réitigh athúsáide agus athlíonacháin. Níor cheart úsáid pacáistíochta aon úsáide a cheadú le haghaidh bia agus deochanna a líontar agus a dtomhlaítear laistigh den áitreabh in earnáil na n- óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (HORECA).

(68) Chun a n- éifeachtacht a mhéadú agus chun cóir chomhionann oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, ba cheart na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha. I gcás spriocanna maidir le deochanna, ba cheart iad a chur ar na monaróirí freisin, toisc go bhfuil na gníomhaithe sin in ann na formáidí pacáistíochta a úsáidtear do na táirgí a thairgeann siad a rialú. Ba cheart na spriocanna a ríomh mar chéatadán de na díolacháin i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí athlíonadh nó, i gcás pacáistíochta iompair, mar chéatadán úsáidí. Ba cheart na spriocanna a bheith neodrach ó thaobh ábhair de. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, ba cheart an chumhacht chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh maidir leis an modheolaíocht chun iad a ríomh, a tharmligean chuig an gCoimisiún.

(69) Ní gá úsáidí áirithe a bhaint as formáidí pacáistíochta iompair aon úsáide, toisc go bhfuil raon leathan de roghanna malartacha in- athúsáidte dea- fheidhmithe ann. Chun a áirithiú go n- úsáidfear roghanna malartacha den sórt sin go héifeachtach, is iomchuí a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha, agus táirgí á n- iompar acu idir láithreáin éagsúla an oibreora eacnamaíoch chéanna nó idir an t- oibreoir eacnamaíoch agus na fiontair nasctha nó chomhpháirtíochta, gan ach pacáistíocht iompair in- athúsáidte a úsáid i leith formáidí pacáistíochta, cuir i gcás pailléid, boscaí plaisteacha infhillte, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin sholúbtha idirmheánacha builc, idir dhocht agus solúbtha, nó drumaí. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid chéanna, ar na cúiseanna céanna, maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a iompraíonn táirgí laistigh de Bhallstát amháin.

(70) D’fhéadfadh sé a bheith dúshlánach d’oibreoirí eacnamaíocha níos lú spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid na spriocanna le haghaidh athúsáid pacáistíochta a chomhlíonadh má chuireann siad níos lú ná toirt áirithe phacáistíochta ar an margadh, nó má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar faoi

Mholadh 2003/361 ón gCoimisiún[33], nó má tá an limistéar díolacháin, lena n- áirítear gach limistéar stórála agus seolta, faoi theorainn dromchla áirithe acu. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhunú do tháirgí eile, chun díolúintí breise a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíocha eile nó chun formáidí sonracha pacáistíochta a chumhdaítear leis na spriocanna athúsáide nó athlíonacháin a dhíolmhú i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin.

(71) Chun comhlíontacht na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a fhíorú, is gá go dtuairisceodh na hoibreoirí eacnamaíocha faoi seach do na húdaráis inniúla. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha na sonraí ábhartha a thuairisciú do gach bliain féilire, ag tosú ón 1 Eanáir 2030. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí.

(72) I bhfianaise leibhéil arda tomhaltais málaí siopadóireachta plaisteacha, úsáid neamhéifeachtúil acmhainní agus a n- acmhainneacht bruscair, is iomchuí forálacha a choinneáil ar bun chun laghdú marthanach ar thomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha a bhaint amach, mar a bunaíodh cheana le Treoir 94/62/CE arna leasú le Treoir (AE) 2015/720 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. I bhfianaise na gcineálacha cur chuige éagsúla atá ann faoi láthair agus na gceanglas tuairiscithe teoranta ar na málaí siopadóireachta plaisteacha, is deacair measúnú a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an cuspóir maidir le laghdú 'marthanach' ar thomhaltas málaí den sórt sin bainte amach ag bearta laghdaithe tomhaltais arna nglacadh ag na Ballstáit agus freisin, ar tháinig méadú ar thomhaltas cineálacha eile málaí siopadóireachta plaisteacha dá bharr. Is gá, dá bhrí sin, sainmhíniú ar thomhaltas laghdaithe marthanach a chomhchuibhiú agus spriocanna comhchoiteanna a leagan síos chomh maith le ceanglais tuairiscithe nua a thabhairt isteach.

(73) I bhfianaise thorthaí an staidéir meastóireachta ar mhálaí siopadóireachta plaisteacha[35], ní mór bearta breise a dhéanamh chun tomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a laghdú agus measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ionadaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann le málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadroim agus málaí siopadóireachta plaisteacha níos tibhe os cionn 50 miocrón.

(74) Féadfar a áireamh sna bearta atá déanta ag na Ballstáit chun laghdú marthanach a bhaint amach ar thomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar a gcríoch

---

33 Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (fógartha faoi dhoiciméad C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

34 Treoir (AE) 2015/720 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 lena leasaítear Treoir 94/62/CE a mhéid a bhaineann le tomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a laghdú (IO L 115, 6.5.2015, lch. 11).

35 Staidéar Scóipe chun measúnú a dhéanamh ar indéantacht bearta breise an Aontais agus cur chun feidhme na Treorach um Málaí Plaisteacha. Cuid II, Cur Chun Feidhme na Treorach um Málaí Plaisteacha, Eunomia (2021), arna foilsiú ag Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh, 2022.

úsáid spriocanna náisiúnta laghdaithe, ionstraimí eacnamaíocha a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach chomh maith le srianta margaíochta, ar choinníoll go bhfuil na srianta sin comhréireach agus neamh- idirdhealaitheach. Féadfaidh bearta den sórt sin a bheith éagsúil ag brath ar thionchar comhshaoil na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma nuair a dhéantar iad a aisghabháil nó a dhiúscairt, a n- airíonna múirínithe, a marthanacht nó an úsáid shonrach atá beartaithe dóibh.

(75) Chun cur chun feidhme éifeachtach agus comhchuibhithe na gceanglas inbhuanaitheachta arna leagan síos faoin Rialachán sin a áirithiú, ba cheart comhlíontacht na gceanglas sin a thomhas trí úsáid a bhaint as modhanna iontaofa, cruinne agus in- atáirgthe a chuireann san áireamh na modhanna úrscothacha a shainaithnítear go ginearálta.

(76) Chun a áirithiú nach mbeidh aon bhacainní ar thrádáil ar an margadh inmheánach, ba cheart ceanglais maidir le hinbhuanaitheacht phacáistíochta, lena n- áirítear substaintí ar údar imní iad i bpacáistíocht, pacáistíocht inmhúirínithe, íoslaghdú pacáistíochta, pacáistíocht in- athúsáidte agus córais le haghaidh athúsáide a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Chun measúnú comhréireachta le ceanglais den sórt sin a éascú, lena n- áirítear modhanna tástála, tomhais nó ríofa, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta do phacáistíocht agus do tháirgí pacáistithe atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) 1025/2012 chun sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl, go háirithe go léireoidh saolré na pacáistíochta agus na dtáirgí pacáistithe meánréimse iompraíocht na dtomhaltóirí agus go mbeidh siad stóinsithe chun imchéimniú d'aon ghnó agus neamhbheartaithe a dhíspreagadh.

(77) In éagmais caighdeán comhchuibhithe, ba cheart ceart cúitimh maidir le sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna a úsáid mar réiteach cúlaithe chun oibleagáid an mhonaróra ceanglais inbhuanaitheachta a chomhlíonadh a éascú, mar shampla i gcás ina bhfuil moill mhíchuí ann maidir le caighdeán comhchuibhithe a bhunú. Ina theannta sin, ba cheart ceart cúitimh a bheith in ann maidir leis an réiteach sin i gcás ina bhfuil an Coimisiún tar éis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a shrianadh nó a tharraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 11(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012. Ba cheart toimhde comhréireachta eascairt freisin as comhlíontacht sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna arna nglacadh ag an gCoimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme.

(78) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le dul ceart cúitimh i dtaca le sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna le haghaidh na gceanglas a leagan síos, a leasú nó a aisghairm maidir le hinbhuanaitheacht, lipéadú agus córais le haghaidh athúsáide, agus modhanna tástála, tomhais nó ríofa a ghlacadh.

(79) Chun comhleanúnachas le dlí eile de chuid an Aontais a áirithiú, is éard ba cheart a bheith sa nós imeachta um measúnú comhréireachta an modúl ar rialú inmheánach

táirgthe a áirítear sa Rialachán seo bunaithe ar na modúil a áirítear i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36].

(80) Níor cheart don mharcáil CE ar phacáistíocht comhlíontacht na pacáistíochta le ceanglais an Rialacháin seo a léiriú, ach ba cheart comhlíontacht na táirge pacáistithe le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le táirgí a léiriú, agus sin amháin, más ábhartha. Go deimhin, éilíonn reachtaíocht maidir le táirgí an Aontais go hiondúil an mharcáil CE a bhaineann leis an táirge a ghreamú ar an táirge féin nó ar a phacáistíocht. Má cheanglaítear marcáil CE a chur ar an bpacáistíocht chun comhlíontacht le ceanglais an Rialacháin seo a thaispeáint, d'fhéadfadh mearbhall agus míthuiscint a bheith ann i ndáil leis an gceist an mbaineann an mharcáil leis an bpacáistíocht féin nó leis an táirge pacáistithe agus ar deireadh thiar le héiginnteachtaí maidir le sábháilteacht agus comhlíontacht éifeachtach na dtáirgí pacáistithe lena mbaineann.

(81) Ba cheart, ina ionad sin, comhlíontacht na pacáistíochta féin le ceanglais an Rialacháin seo a thaispeáint le dearbhú comhréireachta AE.

(82) Ba cheart do mhonaróirí dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas chun faisnéis a sholáthar faoi chomhréireacht pacáistíochta leis an Rialachán seo. Féadfar a cheangal ar mhonaróirí le reachtaíocht eile de chuid an Aontais dearbhú comhréireachta AE a tharraingt suas freisin. Chun rochtain éifeachtach ar fhaisnéis a áirithiú chun críche faireachais margaidh, ba cheart dearbhú comhréireachta AE aonair a tharraingt suas i ndáil le gach gníomh de chuid an Aontais. Chun an t- ualach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a laghdú, ba cheart é a bheith indéanta an dearbhú comhréireachta AE aonair sin a bheith ina shainchomhad ina mbeidh na dearbhuithe comhréireachta aonair ábhartha.

(83) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], soláthraítear creat le haghaidh faireachas margaidh ar tháirgí agus le haghaidh rialuithe ar tháirgí ó thríú tíortha. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin maidir le pacáistíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonann pacáistíocht a bhaineann tairbhe as an tsaorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas ceanglais lena soláthraítear ardleibhéal cosanta ar leas an phobail, ar nós shláinte an duine, sábháilteachta agus an chomhshaoil.

(84) Ba cheart feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola san Aontas d'fhonn cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, úsáid stuama, éifeachtúil agus réasúnach acmhainní nádúrtha a áirithiú, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn, úsáid an fhuinnimh in- athnuaite a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, spleáchas an Aontais ar acmhainní allmhairithe a laghdú, deiseanna eacnamaíocha nua a sholáthar agus cur le

---

[36] Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

[37] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

hiomaíochas fadtéarmach. Trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní, bhainfí amach freisin glanchoigiltis shubstaintiúla do ghnólachtaí, d'údaráis phoiblí agus do thomhaltóirí an Aontais agus, ag an am céanna, laghdófaí iomlán na n- astaíochtaí gás ceaptha teasa.

(85) D'ainneoin na gceanglas agus na gcuspóirí maidir le híoslaghdú pacáistíochta a leagtar síos i dTreoir 94/62/CE, tá méadú tagtha ar ghiniúint dramhaíola ó phacáistíocht i dtéarmaí iomlána agus ar bhonn *per capita* agus léiríonn treochtaí laghdú géar breise ar athúsáid agus ar athlíonadh pacáistíochta mar gheall ar thomhaltas beir leat méadaithe agus ríomhthráchtáil. De réir mar a tháinig athrú ar tháirgí, ábhair agus patrúin tomhaltais, tháinig méadú suntasach ar úsáid na pacáistíochta aon úsáide, go háirithe plaisteach aon úsáide. Tá sé seo nasctha leis an timpeallacht mhiondíola, ina bhfuil líonraí dáilte níos mó, monaraíocht níos mó agus táirgí pacála ar línte pacáistithe ardluais, nithe a chuireann brú comhchruinnithe anuas ar an margadh le haghaidh athúsáide agus athlíonacháin.

(86) Chun faireachán agus fíorú a dhéanamh go gcomhlíonann na táirgeoirí agus na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí oibleagáidí faoi Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora a bhaineann le bailiú agus cóireáil dramhaíola óna dtáirgí is gá do na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú.

(87) Chun a áirithiú go gcuireann na Ballstáit na hoibleagáidí chun feidhme ar bhonn níos fearr, níos tráthúla agus níos aonfhoirmí agus chun aon laigí sa chur chun feidhme a réamh- mheas, ba cheart córas tuarascálacha luathrabhaidh a chothabháil chun easnaimh a bhrath agus chun bheith in ann gníomhaíocht a dhéanamh roimh na spriocdhátaí chun na spriocanna a bhaint amach. Maidir le leathnú an chórais sin, a bhfuil baint amach spriocanna athchúrsála cumhdaithe aige faoi Threoir 94/62/CE, ba cheart a áireamh ann spriocanna laghdaithe maidir le dramhaíl ó phacáistíocht atá le baint amach ag Ballstáit faoi 2030 agus 2035.

(88) Toisc gur gné thábhachtach de bhainistiú dramhaíola trí chéile é bainistiú pacáistíochta agus bainistiú dramhaíola ó phacáistíocht, ba cheart do na Ballstáit caibidil ar leithligh a shannadh don tsaincheist sin i bpleananna bainistíochta dramhaíola a ullmhófar i bhforfheidhmiú na hoibleagáide a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar chosc ar dhramhaíl agus ar chúrsaí athúsáide.

(89) Tógtar ar na rialacha bainistithe dramhaíola agus na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE sa Rialachán seo.

(90) Is é cosc ar dhramhaíl an bealach is éifeachtúla chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol atá ag dramhaíl. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanann oibreoirí eacnamaíocha bearta iomchuí chun an ghiniúint dramhaíola a laghdú trí phacáistíocht iomarcach a dhíothú agus srianta a chur ar úsáid formáidí pacáistíochta áirithe, saolré pacáistíochta a leathnú, táirgí a athdhearadh ionas gur féidir gan pacáistíocht ar bith nó níos lú pacáistíochta a úsáid, lena n- áirítear díolacháin i mbulc, agus aistriú ó phacáistíocht aon úsáide go pacáistíocht in- athúsáidte.

(91) Chun an laghdú uaillmhianach marthanach ar ghiniúint fhoriomlán na dramhaíola ó phacáistíocht a bhaint amach, ba cheart spriocanna a leagan síos le haghaidh laghdú na dramhaíola ó phacáistíocht atá le baint amach *per capita* faoi 2030. Chun sprioc laghdú 5 % a bhaint amach in 2030 i gcomparáid le 2018, ba cheart dearbhlaghdú foriomlán de thart ar 19 % ar an meán a bheith i gceist ar fud an Aontais in 2030 i

gcomparáid le bonnlíne 2030. Ba cheart do na Ballstáit dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú faoi 10 % i gcomparáid le 2018, faoi 2035; meastar go laghdófar dramhaíl ó phacáistíocht faoi 29 % leis sin, i gcomparáid le bonnlíne 2030. Chun a áirithiú go leanfar leis na hiarrachtaí laghdaithe tar éis 2030, ba cheart sprioc laghdaithe de 10 % ó 2018, arb é laghdú 29 % i gcomparáid leis an mbonnlíne, a shocrú do 2035 agus, maidir le 2040, ba cheart sprioc laghdaithe de 15 % ó 2018, arb é laghdú 37 % i gcomparáid leis an mbonnlíne, a leagan síos.

(92) Féadfaidh na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach le hionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile chun dreasachtaí a sholáthar do chur i bhfeidhm an ordlathais dramhaíola, lena n- áirítear bearta atá le cur chun feidhme trí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, agus bunú agus feidhmiú éifeachtach córas le haghaidh athúsáide a chur chun cinn agus oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh chun tuilleadh féidearthachtaí athlíonacháin a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh. Ba cheart bearta den sórt sin a ghlacadh go comhuaineach agus i dteannta le bearta eile faoin Rialachán seo, bearta atá dírithe ar phacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú, amhail ceanglais maidir le híoslaghdú pacáistíochta, spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, tairseacha méideanna agus bearta chun laghdú marthanach tomhailte málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a bhaint amach. Fad a chloíonn Ballstát leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, féadfaidh sé forálacha a sháraíonn na spriocanna íosta a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh.

(93) Chun an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur chun feidhme, is iomchuí na hoibleagáidí maidir le bainistiú na dramhaíola ó phacáistíocht a leagan ar tháirgeoirí, lena n- áirítear aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, lena n- áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], a chuireann pacáistíocht ar fáil den chéad uair, laistigh de chríoch Ballstáit, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin.

(94) Chun faireachán a dhéanamh ar na táirgeoirí maidir le comhlíonadh a n- oibleagáidí a bhaineann le hoibleagáidí airgeadais agus eagraíochta i ndáil lena áirithiú go mbainistítear an dramhaíl ón bpacáistíocht a chuireann siad ar fáil den chéad uair ar mhargadh Ballstáit, is gá go mbunófaí clár agus go mbainisteodh an t- údarás inniúil i ngach Ballstát é agus go gceanglófaí ar tháirgeoirí clárú leis.

(95) Ba cheart do na ceanglais a bheith comhchuibhithe ar fud an Aontais a mhéid is féidir chun an clárú a éascú, go háirithe i gcas ina gcuireann táirgeoirí pacáistíocht ar fáil i mBallstáit éagsúla. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh chur chun feidhme na gceanglas clárúcháin a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun formáid chomhchoiteann a

---

[38] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

leagan síos le haghaidh clárú agus tuairisciú sa chlár, agus mionsonraí a thabhairt maidir leis na sonraí atá le tuairisciú.

(96) I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a léirítear in Airteagal 191(2) den Chonradh, tá sé fíor- riachtanach go nglacfaidh na táirgeoirí a chuireann pacáistíocht agus táirgí pacáistithe ar mhargadh an Aontais freagracht as a mbainistíocht ag deireadh a saolré. Ba cheart a mheabhrú nach mór scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a bhunú, dá ndéantar foráil i dTreoir 94/62/CE, faoin 31 Nollaig 2024, toisc gurb iad na modhanna is iomchuí chun é sin a bhaint amach agus is féidir leo tionchar comhshaoil dearfach a imirt trí ghiniúint na dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú agus bailiú agus athchúrsáil na dramhaíola sin a mhéadú. Is iomaí éagothromaíocht atá ann maidir leis an mbealach a mbunaítear iad, lena n- éifeachtúlacht agus le raon feidhme fhreagracht na dtáirgeoirí. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na rialacha, i ndáil le freagracht leathnaithe táirgeora a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE, maidir le scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora do tháirgeoirí pacáistíochta, agus ba cheart forálacha sonracha eile iad a chomhlánú i gcás inar gá agus inarb iomchuí.

(97) Ba cheart táirgeoirí a bheith in ann na hoibleagáidí sin a fheidhmiú i dteannta a chéile, trí bhíthin eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a ghlacann an fhreagracht thar a gceann. Ba cheart táirgeoirí nó eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bheith faoi réir údarú na mBallstát agus ba cheart dóibh a dhoiciméadú, *inter alia* go bhfuil an acmhainn airgeadais acu leis na costais a ghabhann leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora a chumhdach. Agus rialacha riaracháin agus nós imeachta á leagan síos ag na Ballstáit maidir le húdarú a thabhairt do tháirgeoirí i gcomhair eagraíochtaí um fhreagracht aonair agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí le haghaidh comhlíonadh comhchoiteann, d’fhéadfadh siad idirdhealú a dhéanamh idir na próisis do tháirgeoirí aonair agus don eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí chun an t- ualach riaracháin ar tháirgeoirí aonair a theorannú. Ba cheart a mheabhrú go bhféadfaidh na Ballstáit eagraíochtaí iomadúla um fhreagracht táirgeoirí a údarú, toisc go bhféadfadh níos mó tairbhí a bheith ann do thomhaltóirí dá thoradh sin. Thairis sin, nuair a bhunaítear bearta lena n- áirithítear go bhfuil socruithe le tabhairt i gcrích le dáileoirí, údaráis phoiblí nó tríú páirtithe a bhainistíonn an dramhaíl, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le réamh- chomhaontuithe, nó comhaontuithe comhchosúla, agus ba cheart dóibh a éileamh go dtugtar comhaontuithe ceangailteacha i gcrích laistigh d’achar ama réasúnach tar éis údarú, agus san achar ama sin amháin.

(98) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe, rialacha ina bhfuil oibleagáidí sonracha do sholáthraithe ardáin ar líne a ligeann do thomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí a thairgeann pacáistíocht do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas. Chun saorthairbhiú de bharr na n- oibleagáidí um fhreagracht

---

[39] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair Do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

leathnaithe táirgeoirí a chosc, ba cheart a shonrú conas ba cheart do sholáthraithe ardáin ar líne den sórt sin na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ndáil le cláir na dtáirgeoirí pacáistíochta a bhunaítear de bhun an Rialacháin seo. Sa chomhthéacs sin, maidir le soláthraithe ardáin ar líne, a thagann faoi raon feidhme Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, ardáin a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí, ba cheart dóibh faisnéis a fháil ó na táirgeoirí sin maidir leis an mbealach a gcomhlíonann siad na rialacha freagrachta leathnaithe táirgeora a leagtar amach sa Rialachán seo. Tá na rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe a dhíolann pacáistíocht ar líne faoi réir rialacháin forfheidhmiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065.

(99) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na bearta le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora faoin Rialachán seo, i gcomhréir le forálacha Threoir 2008/98/CE agus forálacha an Rialacháin seo.

(100) Ba cheart do na Ballstáit córais a bhunú chun dramhaíl ó phacáistíocht a thabhairt ar ais agus a bhailiú, ionas go mbeidís dul faoin mbainistiú dramhaíola malartach is iomchuí, de réir an ordlathais dramhaíola. Ba cheart do na córais a bheith oscailte ionas gur féidir leis na páirtithe leasmhara uile a bheith rannpháirteach, go háirithe oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí agus ba cheart sláinte, sábháilteacht agus sláintíocht an chomhshaoil agus na dtomhaltóirí a chur san áireamh nuair a bhunaítear na córais. Ba cheart feidhm a bheith ag na córais tabhairt ar ais agus bailithe maidir le pacáistíocht táirgí allmhairithe faoi fhorálacha neamh- idirdhealaitheacha.

(101) Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh freisin chun athchúrsáil, a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta maidir le húsáid ábhar athchúrsáilte in earnálacha ábhartha, a chur chun cinn. Tá an oibleagáid sin an- ábhartha i bhfianaise an chéatadáin íosta a shocraítear don chion d'ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach.

(102) Tá sé léirithe go n- áirithítear le córais éarlaise agus aisíoca, a reáchtáiltear go maith, ráta bailiúcháin an- ard, buidéil agus cannaí dí go háirithe. Chun tacú le baint amach na sprice bailithe ar leithligh maidir le buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/904 agus chun rátaí arda bailithe coimeádán miotail dí a spreagadh tuilleadh, tá sé iomchuí go gcuirfeadh na Ballstáit córais éarlaise agus aisíoca ar bun. Cuirfidh na córais sin le méadú an tsoláthair d'amhábhar tánaisteach ar dhea- cháilíocht a bheidh oiriúnach d'athchúrsáil lúbiata agus laghdófar leis bruscar coimeádán dí.

(103) Ba cheart do chórais éarlaise agus aisíoca a bheith éigeantach do bhuidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad agus do choimeádáin mhiotail dí. Féadfaidh Ballstáit a chinneadh pacáistíocht eile a áireamh sna córais sin, go háirithe buidéil ghloine aon úsáide, agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbíonn córais éarlaise agus aisíoca le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe i gcás buidéal gloine dí aon úsáide, ar fáil le haghaidh pacáistíocht in- athúsáidte freisin, i gcás ina mbíonn sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch. Ba cheart dóibh cuimhneamh ar chórais éarlaise agus aisíoca a bhunú le haghaidh pacáistíocht in- athúsáidte freisin. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag Ballstát, fad a chloíonn sé leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, forálacha a sháraíonn na ceanglais íosta a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh.

(104) De bharr chineál na dtáirgí agus na ndifríochtaí i ndáil leis na córais táirgthe agus dáilte a ghabhann leo, níor cheart do chórais éarlaise agus aisíoca a bheith éigeantach

i gcás na pacáistíochta d'fhíon, do tháirgí fíona cumhraithe, do bhiotáille agus do bhainne agus do tháirgí bainne a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40]. Féadfaidh Ballstáit córais éarlaise agus aisíoca lena mbaineann pacáistíocht eile a bhunú freisin.

(105) Ba cheart do na córais éarlaise agus aisíoca na ceanglais ghinearálta íosta a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Beidh na ceanglais sin ina gcuidiú chun níos mó comhsheasmhachta agus rátaí tabhairt ar ais níos airde a sholáthar ar fud na mBallstát. Socraíodh iad bunaithe ar dhearcthaí páirtithe leasmhara, anailís ó shaineolaithe agus dea- chleachtas ó chórais éarlaise agus aisíoca atá ann faoi láthair. Dearadh na ceanglais chun nuálaíocht a chumasú fad a chuirtear ar fáil leibhéal solúbthachta chun oiriúnú do chásanna áitiúla.

(106) Ba cheart do na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile atá páirteach i socrú na gcóras éarlaise agus aisíoca a ndícheall a dhéanamh idir- inoibritheacht uasta na gcóras sin a bhaint amach agus ba cheart dóibh obair a dhéanamh i gcomhar lena chéile ionas go mbeidh sé éasca do thomhaltóirí an phacáistíocht a thabhairt ar ais, go háirithe i limistéir teorann, áit faoina bhfuil sé léirithe go bhfágtar leis an easpa idir- inoibritheachta go bhfuil na rátaí a bhaineann le tabhairt ar ais pacáistíochta níos ísle.

(107) Maidir le Ballstáit a bhaineann amach ráta bailithe de 90 % de na cineálacha pacáistíochta a ndírítear orthu gan córas éarlaise agus aisíoca ar feadh 2 bhliain féilire roimh theacht i bhfeidhm na hoibleagáide sin, féadfaidh siad a iarraidh nach mbeadh orthu córas éarlaise agus aisíoca a bhunú.

(108) Agus é ina bheart sonrach maidir le cosc giniúna dramhaíola ó phacáistíocht, ba cheart do na Ballstáit réitigh athúsáide agus athlíonacháin a chur chun cinn go gníomhach. Ba cheart dóibh tacú le bunú na gcóras le haghaidh athúsáide agus athlíonacháin agus ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmiú agus a gcomhlíonadh i ndáil leis na caighdeáin sláintíochta. Moltar do na Ballstáit bearta eile a dhéanamh freisin, amhail córais éarlaise agus aisíoca lena gcumhdaítear formáidí pacáistíochta in- athúsáidte a bhunú, trí bhíthin dreasachtaí eacnamaíocha a úsáid nó ceanglais a bhunú lena gceanglófar ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile dá chuid, seachas na cinn a chumhdaítear faoi spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, a chur ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte nó i bpacáistíocht is féidir a athlíonadh ar choinníoll nach gcruthófaí leis sin ilroinnt sa mhargadh aonair ná bacainní trádála.

(109) Leasaíodh Treoir 94/62/CE le Treoir (AE) 2018/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41] lena leagtar amach spriocanna athchúrsála atá le baint amach ag

---

[40] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

[41] Treoir (AE) 2018/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 94/62 /CE maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistiú (IO L 150, 14.6.2018, lch. 141).

Ballstáit faoi 2025 agus 2030. Ba cheart na spriocanna agus na rialacha dá ríomh a choinneáil. Ina theannta sin, ba cheart bearta lena n- éascaítear baint amach na spriocanna sin a bhunú, amhail ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, go háirithe forálacha maidir le hin- athchúrsáilteacht pacáistíochta. Mar gheall air sin, níor cheart é a bheith indéanta sprioc- amanna maidir le baint amach spriocanna athchúrsála 2030 a chur siar.

(110) Le Treoir 94/62/CE, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna athchúrsála 2030 le haghaidh pacáistíochta chun iad a choinneáil ar bun, nó chun iad a mhéadú i gcás inarb iomchuí. Níl sé iomchuí na spriocanna atá socraithe do 2030 a leasú go fóill, áfach, toisc go léirítear leis an bhfianaise go bhfuil deacrachtaí ag roinnt Ballstát na spriocanna reatha a chomhlíonadh fós. Mar gheall air sin, ba cheart bearta lena dtugtar dreasacht do mhonaróirí pacáistíocht atá níos in- athchúrsáilte a chur ar an margadh a shocrú, rud a chabhróidh leis na Ballstáit a spriocanna athchúrsála a bhaint amach. Ba cheart pacáistíocht níos in- athchúrsáilte, chomh maith le níos mó gráinneachta ó thaobh shonraí na sreafaí pacáistíochta, a thuairisciú don Choimisiún amach anseo. Cuirfidh sé seo ar chumas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna agus an fhéidearthacht ann go gcoinneoidh sé nó go méadóidh sé iad. Chun éifeacht na mbeart, arb é is aidhm dóibh in- athchúrsáilteacht na pacáistíochta a fheabhsú, a chur san áireamh, níor cheart an t- athbhreithniú a dhéanamh níos luaithe ná meastóireacht ghinearálta bheartaithe an Rialacháin, i.e. 8 mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Le linn an athbhreithnithe sin, ba cheart aird a thabhairt ar an bhféidearthacht a bhaineann le spriocanna nua a thabhairt isteach ar bhonn níos gráinní ná na spriocanna atá ann faoi láthair.

(111) Ba cheart ríomh na spriocanna athchúrsála a bheith bunaithe ar mheáchan na dramhaíola ó phacáistíocht a théann isteach in athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit iontaofacht agus cruinneas na sonraí a bhailítear faoi dhramhaíl ó phacáistíocht athchúrsáilte a áirithiú. Mar riail ghinearálta, ba cheart tomhas iarbhír mheáchan na dramhaíola ó phacáistíocht a áireamh mar dhramhaíl athchúrsáilte a dhéanamh ag an bpointe a théann an dramhaíl ó phacáistíocht isteach san oibríocht athchúrsála. Mar sin féin, chun an t- ualach riaracháin a theorannú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, faoi choinníollacha diana agus de mhaolú ar an riail ghinearálta, ualach na dramhaíola ó phacáistíochta atá athchúrsáilte a shocrú ar bhonn tomhas ar aschur aon oibríochta sórtála, atá le ceartú le rátaí meánchaillteanais a tharlaíonn sula dtéann an dramhaíl isteach sna hoibríochtaí athchúrsála. Maidir le caillteanais ábhar a tharlaíonn sula dtéann an dramhaíl isteach san oibríocht athchúrsála, mar shampla caillteanais mar gheall ar shórtáil nó réamhoibríochtaí eile, níor ceart iad a áireamh sna méideanna a thuairiscítear mar ábhar athchúrsáilte. Is féidir na caillteanais sin a shuíomh ar bhonn cláir leictreonacha, sonraíochtaí teicniúla, rialacha mionsonraithe le haghaidh meánrátaí caillteanais a ríomh maidir le sruthanna dramhaíola éagsúla nó ar bhonn bearta coibhéiseacha eile. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar bhearta den sórt sin sna tuarascálacha maidir le seiceáil a dhéanamh ar cháilíocht a ghabhann leis na sonraí a thuairisceoidh siad don Choimisiún maidir le hathchúrsáil dramhaíola. B’fhearr na meánrátaí caillteanais a shuíomh ar leibhéal na saoráidí sórtála aonair agus ba cheart iad a nascadh leis na príomhchineálacha dramhaíola éagsúla, na foinsí éagsúla (amhail foinsí teaghlaigh nó tráchtála), na scéimeanna éagsúla bailithe agus na cineálacha éagsúla de phróisis sórtála. Níor cheart na meánrátaí caillteanais a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil sonraí iontaofa eile ar fáil, go háirithe i gcomhthéacs dramhaíl a loingsiú nó a onnmhairiú. Níor cheart caillteanais i meáchan ábhar nó substaintí de thoradh próisis chlaochlaitheacha fhisiceacha nó cheimiceacha ar cuid bhunúsach den oibríocht athchúrsála iad, i gcás

inarb amhlaidh go ndéantar dramhaíl ó phacáistíocht a athphróiseáil iarbhír ina táirgí, ina hábhair nó ina substaintí, a asbhaint ó mheáchan na dramhaíola a dhéanfar a thuairiscítear mar dhramhaíl athchúrsáilte.

(112) I gcás ina gcuirtear ríomh an ráta athchúrsála i bhfeidhm maidir le cóireáil aeróbach nó anaeróbach dramhaíola in- bhithmhillte ó phacáistíocht, féadfar an méid dramhaíola a théann isteach sa chóireáil aeróbach nó anaeróbach a áireamh mar dhramhaíl athchúrsáilte ar choinníoll go ngineann an chóireáil sin aschur atá le húsáid mar tháirge athchúrsáilte, mar ábhar athchúrsáilte nó mar shubstaint athchúrsáilte. Cé gur minic gur múirín nó díleáiteán an t- aschur ó chóireáil den sórt sin, d’fhéadfaí aschur eile a chur san áireamh freisin ar choinníoll go n- áirítear ann cainníochtaí inchomparáide d’ábhar athchúrsáilte i ndáil leis an méid dramhaíola in- bhithmhillte ó phacáistíocht atá cóireáilte. I gcásanna eile, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar athchúrsáil, níor cheart athphróiseáil dramhaíola in- bhithmhillte ó phacáistíocht ina hábhair atá le húsáid mar bhreoslaí nó mar mhodhanna eile chun fuinneamh a ghiniúint, a dhéantar a dhiúscairt, nó atá le húsáid in aon oibríocht a bhfuil an cuspóir céanna léi agus le haisghabháil dramhaíola seachas athchúrsáil, a áireamh faoi chomhair bhaint amach na spriocanna athchúrsála.

(113) Más rud é nach dramhaíl a thuilleadh iad na hábhair dhramhaíola ó phacáistíocht de thoradh oibríocht ullmhúcháin sula ndearnadh iad a athphróiseáil iarbhír, ba cheart iad a áireamh mar ábhair athchúrsáilte ar choinníoll go bhfuil siad beartaithe lena n- athphróiseáil ina dtáirgí, ina n- ábhair nó ina substaintí ina dhiaidh sin, bíodh sé sin chun na gcríoch bunaidh a bhí acu nó chun críocha eile. Maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad atá le húsáid mar bhreoslaí nó mar mhodhanna eile chun fuinneamh a ghiniúint, a dhéantar a aislíonadh nó a dhiúscairt, nó atá le húsáid in aon oibríocht arb é an cuspóir céanna di agus atá d’aisghabháil dramhaíola seachas athchúrsáil, níor cheart na hábhair sin a áireamh faoi chomhair bhaint amach na spriocanna athchúrsála.

(114) Ba cheart é a chur ar a chumas do na Ballstáit athchúrsáil miotal a scartar tar éis loscadh na dramhaíola a chur san áireamh i gcomhréir leis an sciar den dramhaíl ó phacáistíocht a loisctear ar choinníoll go gcomhlíonann na miotail athchúrsáilte critéir cháilíochta áirithe a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1004 ón gCoimisiún[42] lena leagtar síos rialacha maidir le sonraí dramhaíola a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE.

(115) I gcás onnmhairí de dhramhaíl ó phacáistíocht ón Aontas lena hathchúrsáil, tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].

(116) Toisc nach gcuirtear aon phacáistíocht nua ar an margadh le hathúsáid, ba cheart pacáistíocht díolacháin in- athúsáidte a chuirtear ar an margadh den chéad uair agus

---

42 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1004 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le sonraí dramhaíola a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2012) 2384 ón gCoimisiún (IO L 163, 20.6.2019, lch. 66).

43 Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

pacáistíocht adhmaid a dheisítear le haghaidh athúsáide a chur san áireamh chun críocha spriocanna athchúrsála pacáistíochta faoi seach a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an fhéidearthacht sin a úsáid chun leibhéal coigeartaithe a ríomh maidir leis na spriocanna athchúrsála trí aird a thabhairt ar 5 phointe céatadáin ar a mhéad de mheánsciar na pacáistíochta díolacháin in- athúsáidte, i rith na 3 bliana roimhe sin, a cuireadh ar an margadh den chéad uair agus a athúsáideadh mar chuid de chóras le haghaidh athúsáide.

(117) Ba cheart do tháirgeoirí agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bheith rannpháirteach go gníomhach i soláthar na faisnéise d'úsáideoirí deiridh, go háirithe tomhaltóirí, maidir le cosc agus bainistiú na dramhaíola ó phacáistíocht. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin infhaighteacht na socruithe athúsáide le haghaidh pacáistíochta, brí na lipéad a thaispeántar ar phacáistíocht agus treoracha eile maidir le diúscairt na dramhaíola ó phacáistíocht. Ba cheart do tháirgeoirí úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoin ról tábhachtach atá acu chun a áirithiú go mbainistítear dramhaíl ó phacáistíocht ar an mbealach is fearr ó thaobh an chomhshaoil de. Ba cheart teicneolaíochtaí faisnéise comhaimseartha a úsáid agus faisnéis á nochtadh do na húsáideoirí deiridh uile chomh maith le tuairisciú ar phacáistíocht. Ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil ar an ngnáthbhealach, amhail póstaeir lasmuigh agus laistigh agus feachtas ar na meáin shóisialta, nó ar bhealach níos nuálaí, amhail rochtain leictreonach ar shuíomhanna gréasáin le cóid QR a ghreamaítear den phacáistíocht.

(118) Do gach bliain féilire, ba cheart do na Ballstáit faisnéis maidir le baint amach spriocanna athchúrsála a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart, arb e is aidhm dóibh tomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a laghdú, ba cheart sonraí maidir le tomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadrom agus málaí siopadóireachta plaisteacha tiubha a thuairisciú ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu a tháinig nó nár tháinig méadú ar thomhaltas na málaí sin mar fhreagairt ar na bearta laghdaithe a dhíríonn ar mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma. Níor cheart é a cheangal ar na Ballstáit sonraí a sholáthar maidir le tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha an- tiubh. Ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na córais shainordaitheacha éarlaise agus aisíoca atá le bunú ag na Ballstáit éifeachtach, nó cé acu atá nó nach bhfuil údar cuí le díolúintí na mBallstát ón oibleagáid chun na córais sin a bhunú, tá sé tábhachtach faisnéis a fháil maidir le ráta bailithe pacáistíocht den sórt sin le tuairisciú ó na mBallstáit.

(119) Chun an mhodheolaíocht le haghaidh an mheasúnaithe ar in- athchúrsáilteacht ar scála a shuí, ba cheart do na Ballstáit sonraí maidir le rátaí dramhaíola ó phacáistíocht a thuairisciú in aghaidh an ábhair agus an chineáil pacáistíochta, méideanna na dramhaíola ó phacáistíocht a bhailítear ar leithligh in aghaidh gach ábhair pacáistíochta, méideanna na dramhaíola ó phacáistíocht a chuirtear ar an margadh in aghaidh an ábhair agus an chineáil pacáistíochta, agus inniúlachtaí feistithe le haghaidh sórtála agus athchúrsála. Ba cheart an tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

(120) Ba cheart do na Ballstáit na sonraí a thuairisciú don Choimisiún go leictreonach agus ba cheart dóibh tuarascáil maidir le seiceáil cáilíochta a chur faoina bhráid freisin. Anuas air sin, ba cheart tuarascáil ina dtugtar tuairisc ar bhearta a rinneadh chun córas éifeachtach um rialú cáilíochta agus inrianaitheacht dramhaíola ó phacáistíocht a thabhairt i dteannta sonraí maidir le spriocanna athchúrsála.

(121) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na n- oibleagáidí tuairiscithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun rialacha a bhunú le haghaidh ríomh agus fhíorú na sonraí maidir le baint amach na spriocanna athchúrsála, na rátaí bailithe ar leithligh maidir leis an bpacáistíocht a chumhdaítear faoin gcóras éarlaise agus aisíoca, agus na sonraí is gá chun an mhodheolaíocht le haghaidh an mheasúnaithe ar in- athchúrsáilteacht ar an mórchóir a bhunú. Ba cheart a áireamh sa ghníomh cur chun feidhme seo rialacha le haghaidh chinneadh an mhéid dramhaíola ó phacáistíocht a ghintear chomh maith le formáid le haghaidh thuairisciú na sonraí a leagan síos. Chomh maith leis sin, ba cheart an mhodheolaíocht a bhunú le haghaidh ríomh an tomhaltais bhliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma in aghaidh an duine agus an fhormáid le haghaidh thuairisciú na sonraí sin, toisc go bhfuil gá leis sin chun tacú le faireachán agus cur chun feidhme iomlán na gceanglas substainteach a bhaineann le málaí siopadóireachta plaisteacha, chun tuairisciú imdhealaithe agus sainordaitheach maidir le catagóirí éagsúla málaí siopadóireachta plaisteacha a áirithiú. Ba cheart don ghníomh cur chun feidhme seo teacht in ionad Chinntí (AE) 2018/896[44] agus 2005/270/CE[45] ón gCoimisiún.

(122) Chun é a chur ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit bunachair sonraí maidir le pacáistíocht a bhunú agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbíonn siad dea-fheidhmiúil.

(123) Tá forfheidhmiú éifeachtach na gceanglas inbhuanaitheachta fíor- riachtanach chun iomaíocht chóir a áirithiú agus chun a áirithiú go mbainfear amach na tairbhí a mheastar a thiocfaidh as an Rialachán seo agus an méid a mheastar a chuirfidh sé le cuspóirí aeráide, fuinnimh agus ciorclaíochta an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] lena leagtar amach creat cothrománach le haghaidh faireachas margaidh ar tháirgí agus rialú táirgí a thagann isteach i margadh an Aontais maidir le pacáistíocht dá socraítear ceanglais inbhuanaitheachta de bhun an Rialacháin seo.

(124) Níor cheart pacáistíocht a chur ar an margadh ach amháin mura gcuireann sí comhshaol ná sláinte an duine i mbaol. Chun ailíniú níos fearr le cineál sonrach na gceanglas inbhuanaitheachta agus chun a áirithiú go ndíreofar sna hiarrachtaí maidir le faireachas margaidh ar neamhchomhlíonadh i ndáil leis na ceanglais sin, ba cheart,

---

44 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/896 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2018 lena leagtar síos an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh an tomhaltais bhliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus lena leasaítear Cinneadh 2005/270/CE (IO L 160, 25.6.2018, lch. 6).

45 Cinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún an 22 Márta 2005 lena mbunaítear na formáidí a bhaineann leis an gcóras bunachair sonraí de bhun Threoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 86, 5.4.2005, lch. 6).

46 Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

chun críocha an Rialacháin seo, pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi a shainiú mar phacáistíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna eile de chuid an phobail a chosnaítear leis na ceanglais ábhartha, toisc nach gcomhlíonann sí ceanglas inbhuanaitheachta nó toisc nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch freagrach ceanglas inbhuanaitheachta.

(125) Ba cheart nós imeachta a bheith ann faoina gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta a bheartaítear a ghlacadh i ndáil le pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi. Chomh maith leis sin, ba cheart dó ligean do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim luath maidir le pacáistíocht den sórt sin. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le bearta náisiúnta i leith táirgí neamhchomhlíontacha.

(126) Ba cheart an ceart a bheith ag na húdaráis um fhaireachas margaidh a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh ar bhonn torthaí a léiríonn nach gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais inbhuanaitheachta agus na ceanglais maidir le lipéadú nó gur sháraigh an t- oibreoir eacnamaíoch na rialacha eile maidir le pacáistíocht a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an cheanglais ar oibreoirí eacnamaíocha gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le beart náisiúnta.

(127) I gcás ábhar imní maidir le sláinte an duine, ní dhéanfaidh an faireachas margaidh meastóireacht ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe, riosca de thionscnamh an ábhair pacáistíochta, má aistrítear é ón ábhar pacáistíochta chuig an ábhar pacáistithe, ach cuirfidh faireachas margaidh fios ar na húdaráis atá inniúil maidir le rialú na rioscaí a ceapadh de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6.

---

[47] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

(128) Is éard atá sa soláthar poiblí 14 % de OTI an Aontais. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir aeráidneodracht a bhaint amach, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú agus aistriú chuig geilleagar ciorclach lena gcosnaítear an tsláinte phoiblí agus an bhithéagsúlacht, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún, a fhéadfaidh é a fheidhmiú más gá, chun a cheangal, i gcás inarb iomchuí, ar údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha, mar a shainmhínítear i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49], a soláthar a ailíniú le critéir nó spriocanna sonracha maidir le soláthar poiblí glas. I gcomparáid le cur chuige deonach, ba cheart a áirithiú le critéir nó spriocanna sainordaitheacha go n- uasmhéadófar giaráil an chaiteachais phoiblí chun borradh a chur faoin éileamh ar phacáistíocht a fheidhmíonn ar bhealach níos fearr. Ba cheart na critéir sin a bheith trédhearcach, oibiachtúil agus neamh- idirdhealaitheach.

(129) Maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún leis an Rialachán seo agus nach mbaineann leis an gcinneadh cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le bearta a ghlacann Ballstáit i leith pacáistíocht neamhchomhlíontacha, ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(130) Maidir le pacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais, ba cheart tús áite a thabhairt don chomhar sa mhargadh idir údaráis um fhaireachas margaidh agus oibreoirí eacnamaíocha. Dá bhrí sin, cé go bhféadfaidís a bheith bainteach le haon phacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais, ba cheart d’idirghabhálacha na n- údarás a ainmnítear de bhun Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith dírithe ar phacáistíocht, atá faoi réir na mbeart toirmisc a ghlacann údaráis um fhaireachas margaidh, go príomha. I gcás ina ndéanann siad bearta toirmisc den sórt sin, agus nach mbíonn siad srianta don chríoch náisiúnta, ba cheart d’údaráis um fhaireachas margaidh cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis a ainmnítear le haghaidh na rialuithe ar phacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais, cumarsáid maidir leis na sonraí is gá chun pacáistíocht neamhchomhlíontach den sórt sin a shainaithint ag na teorainneacha, lena n- áirítear faisnéis maidir leis na táirgí pacáistithe agus na hoibreoirí eacnamaíocha chun cur chuige bunaithe ar riosca a chumasú i ndáil le táirgí a thagann isteach chuig margadh an Aontais. Sna cásanna sin, déanfaidh lucht custaim a dhícheall an phacáistíocht sin a shainaithint agus stop a chur leis ag na teorainneacha.

(131) Chun an próiseas rialaithe a bharrfheabhsú ag teorannacha seachtracha an Aontais, agus chun t- ualach ar an bpróiseas sin a laghdú, is gá aistriú uathoibrithe sonraí idir Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) agus córais chustaim a chumasú. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir dhá chineál

---

48 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n- aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

49 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n- aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

aistrithe sonraí éagsúla i bhfianaise a gcuspóirí faoi seach. Ar an gcéad dul síos, ba cheart do ICSMS bearta toirmisc arna gcinneadh ag údaráis um fhaireachas margaidh a bhaineann le sainaithint pacáistíochta neamhchomhlíontaí a chur in iúl don lucht custaim lena n- úsáid ag údaráis a ainmnítear do rialuithe ag teorainneacha seachtracha chun pacáistíocht a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe faoi bheart toirmisc den sórt sin a shainaithint. An Córas Leictreonach Custaim maidir leis an Timpeallacht Bainistíochta Riosca agus Córas Rialaithe (CRMS) a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2447/2015 ón gCoimisiún[50], gan dochar d'aon athrú amach anseo ar an timpeallacht bainistíochta riosca custaim, ba cheart an córas sin a úsáid le haghaidh na gcéad aistrithe sonraí sin. Ar an dara dul síos, i gcás ina sainaithneoidh údaráis chustaim pacáistíocht neamhchomhlíontach, beidh gá le cásbhainistiú, i measc nithe eile, chun an fógra faoin bhfionraí, conclúid na n- údarás um fhaireachas margaidh agus toradh na mbeart a rinne lucht custaim a aistriú. Tacaíonn Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam leis na dara haistrithe sonraí sin idir ICSMS agus córais náisiúnta chustaim.

(132) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an idirnaisc maidir le cumarsáid idir na húdaráis um fhaireachas margaidh agus na húdaráis chustaim, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na rialacha nós imeachta agus sonraí na socruithe cur chun feidhme a shonrú, lena n- áirítear na feidhmiúlachtaí, na heilimintí sonraí agus próiseáil sonraí, chomh maith leis na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rúndacht agus an rialú i gcás an idirnaisc sin.

(133) Agus gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh á nglacadh, ba cheart don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n- áirítear ar an leibhéal saineolaithe, agus ba cheart na comhairliúcháin sin a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[51]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Agus na gníomhartha tarmligthe seo á bhforbairt, ba cheart don Choimisiún faisnéis eolaíoch nó faisnéis theicniúil eile atá ar fáil a chur san áireamh, lena n- áirítear caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha.

(134) Chun a áirithiú gur féidir faireachán a dhéanamh ar cheanglais táirgí i dTreoir (AE) 2019/904 agus gur féidir iad a fhorfheidhmiú agus go mbíonn siad faoi réir

---

50 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

51 IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14.

faireachas margaidh iomchuí, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1020 a leasú chun Treoir (AE) 2019/904 a áireamh faoina raon feidhme. Ba cheart na ceanglais a bhaineann leis an ábhar plaisteach atá athchúrsáilte i gcás buidéil deochanna, ar táirgí plaisteacha iad, ón 1 Eanáir 2030, a scriosadh ó Threoir (AE) 2019/904, toisc go rialaítear an t- ábhar sin go heisiach leis an Rialachán seo. Ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe comhfhreagracha eile a scriosadh freisin.

(135) Chun muinín an phobail i bpacáistíocht a chuirtear ar an margadh a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhlíonadh ceanglas inbhuanaitheachta, ba cheart na hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann pacáistíocht neamhchomhlíontach ar an margadh nó oibreoirí eacnamaíocha nach gcomhlíonann a gcuid oibleagáidí a bheith faoi réir pionós. Da bhrí sin, ní mór do na Ballstáit pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a leagan síos sa dlí náisiúnta in aghaidh neamhchomhlíontacht leis an Rialachán seo.

(136) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach Aontais agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar a thionchar ar inbhuanaitheacht comhshaoil pacáistíochta agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

(137) Is gá foráil a dhéanamh maidir le am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus do na Ballstáit chun an bonneagar rialacháin is gá a bhunú chun é a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta ar réasúnta é go mbeidh bailchríoch curtha ar na hullmhúcháin sin. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar éascú chomhlíontacht FBManna i ndáil lena n- oibleagáidí agus a gceanglais faoin Rialachán seo, lena n- áirítear le treoraíocht a bheidh an Coimisiún le soláthair chun comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha a éascú, agus aird faoi leith á tabhairt ar FBManna.

(138) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh agus chun creat uaillmhianach comhchuibhithe maidir le pacáistíocht a bhunú, is gá Rialachán lena mbunaítear ceanglais ar phacáistíocht le linn a saolré iomláine a ghlacadh. Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 94/62/CE a aisghairm.

(139) Chun ligean do na Ballstáit na bearta riaracháin is gá a dhéanamh maidir le heagrú na nósanna imeachta údarúcháin ag na húdaráis inniúla, agus leanúnachas a choinneáil le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur siar.

(140) Ba cheart Treoir 94/62/CE a aisghairm le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, chun aistriú réidh agus leanúnachas a áirithiú go dtí go nglacfaidh an Coimisiún rialacha nua faoin Rialachán seo, agus chun foráil a dhéanamh maidir le leanúnachas i ndáil le cur i bhfeidhm chóras acmhainní dílse an Aontais i dtaca leis na boinn acmhainní dílse maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh- athchúrsáilte, ba cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí áirithe faoin Treoir sin maidir le lipéadú, spriocanna athchúrsála agus tarchur sonraí chuig an gCoimisiún ar feadh tréimhse ama áirithe fós.

(141) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin inbhuanaitheacht comhshaoil pacáistíochta a fheabhsú agus saorghluaiseacht pacáistíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach agus, de thairbhe a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal sin amháin, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais le haghaidh shaolré iomlán na pacáistíochta a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus lipéadú ionas gur féidir í a chur ar an margadh, chomh maith le freagracht, bailiú, cóireáil agus athchúrsáil leathnaithe an táirgeora i ndáil le dramhaíl ó phacáistíocht.
2. Leis an Rialachán seo, cuirtear le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh trí bhearta náisiúnta maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a chomhchuibhiú chun bacainní ar thrádáil, saobhadh agus cosc ar iomaíocht laistigh den Aontas a sheachaint, fad a chosnaítear nó a laghdaítear drochthionchar na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine, ar bhonn leibhéal ard cosanta comhshaoil.
3. Leis an Rialachán seo, cuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, trí bhíthin bearta atá i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE a leagan síos.

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an bpacáistíocht uile, gan beann ar an ábhar a úsáidtear, agus maidir leis an dramhaíl uile ó phacáistíocht, má úsáidtear an dramhaíl sin sa tionscal, suíomhanna monaraíochta, miondíola nó dáilte eile, oifigí, seirbhísí nó teaghlaigh nó má thagann an dramhaíl sin uathu siúd.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do cheanglais rialála an Aontais maidir le pacáistíocht amhail iad siúd a bhaineann le sábháilteacht, cáilíocht, cosaint na sláinte agus sláintíocht na dtáirgí pacáistithe, nó le ceanglais iompair, agus gan dochar d’fhorálacha Threoir 2008/98/CE a mhéid a bhaineann le bainistiú na dramhaíola guaisí.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'pacáistíocht' míreanna d'aon ábhar a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid chun táirgí a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh nó a chur i láthair agus ar féidir í a idirdhealú ina formáidí pacáistíochta bunaithe ar an bhfeidhm, ábhar agus dearadh atá acu, lena n- áirítear an méid seo a leanas:

(a) míreanna atá riachtanach chun an táirge a choimeád, chun tacú leis nó chun an táirge a chaomhnú le linn a shaolré gan a bheith ina gcodanna bunúsacha den táirge, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid, a ídiú nó a dhiúscairt in éineacht leis an táirge;

(b) comhpháirteanna, agus codanna coimhdeacha, de mhír dá dtagraítear i bpointe (a) atá comhtháite sa mhír;

(c) codanna coimhdeacha de mhír dá dtagraítear i bpointe (a) a chuirtear ar crochadh ar an táirge go díreach, nó a cheanglaítear go díreach den táirge, a bhfuil feidhm phacáistithe acu gan bheith ina gcodanna bunúsacha den táirge, a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid, a ídiú nó a dhiúscairt in éineacht leis an táirge;

(d) míreanna a dheartar chun iad a líonadh ag an díolphointe, agus a bhfuil sé beartaithe déanamh amhlaidh leo, ar choinníoll go mbíonn feidhm phacáistithe acu;

(e) míreanna indiúscartha a dhíoltar, a líontar nó a dheartar chun iad a líonadh ag an díolphointe, agus a bhfuil sé beartaithe déanamh amhlaidh leo, ar choinníoll go mbíonn feidhm phacáistithe acu;

(f) málaí tae nó caife atá riachtanach chun táirge tae nó caife a choimeád agus a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge;

(g) aonad caife nó tae, a bhfuil sciar amháin ann, atá riachtanach chun táirge caife nó tae a choimeád agus a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge;

(2) ciallaíonn 'pacáistíocht díolacháin' pacáistíocht a cheaptar chun a bheith ina haonad díolacháin ina bhfuil táirgí agus pacáistíocht don úsáideoir nó tomhaltóir deiridh ag an díolphointe;

(3) ciallaíonn 'pacáistíocht grúpála' pacáistíocht a cheaptar chun a bheith ina grúpáil de líon áirithe aonad díolacháin ag an díolphointe i gcás ina ndíoltar na haonaid díolacháin leis an úsáideoir deiridh nó i gcás nach bhfuil sé ach ina modh chun na seilfeanna a líonadh ag an díolphointe nó aonad chun stoc a choinneáil nó aonad dáilte a chruthú, pacáistíocht is féidir a bhaint den táirge gan difear a dhéanamh dá shaintréithe;

(4) ciallaíonn 'pacáistíocht iompair' pacáistíocht a cheaptar chun láimhseáil agus iompar roinnt aonad díolacháin nó pacáistí grúpáilte a éascú, lena n- áirítear pacáistíocht ríomhthráchtála, ach gan coimeádáin bóthair, iarnróid, loinge ná aeir a bheith a áireamh, chun damáiste ó láimhseáil fhisiceach agus ón iompar a chosc;

(5) ciallaíonn 'pacáistíocht ríomhthráchtála' pacáistíocht iompair a úsáidtear chun táirgí a sheachadadh i gcomhthéacs díolachán ar líne nó ar mhodh eile ciandíolachán leis an úsáideoir deiridh;

(6) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ pacáistíocht a sholáthar lena dáileadh, lena tomhailt nó lena húsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(7) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ pacáistíocht a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(8) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ monaróirí, soláthraithe pacáistíochta, allmhaireoirí, dáileoirí, dáileoirí deiridh agus soláthraí seirbhíse comhlíonta;

(9) ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a mhonaraíonn pacáistíocht faoina ainm féin nó trádmharc, nó a chuireann faoi deara pacáistíocht a dhearadh nó a mhonarú, agus a úsáideann an phacáistíocht sin chun táirgí faoina ainm féin nó trádmharc a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh nó a chur i láthair, gan é a bheith curtha ar an margadh roimhe sin;

(10) ciallaíonn ‘táirgeoir’ aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, lena n- áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE, a chuireann pacáistíocht ar fáil den chéad uair, laistigh de chríoch Ballstáit, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin;

(11) ciallaíonn ‘soláthróir’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a sholáthraíonn pacáistíocht nó ábhar pacáistíochta do mhonaróir a úsáideann an phacáistíocht sin chun táirgí faoina ainm féin nó trádmharc a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh nó a chur i láthair;

(12) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann pacáistíocht, nó táirge pacáistithe, ar mhargadh an Aontais ó thríú tír;

(13) ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t- allmhaireoir, ar duine é a chuireann pacáistíocht, nó táirge pacáistithe, ar fáil ar an margadh;

(14) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ón monaróir chun gníomhú thar a cheann i ndáil le cúraimí sonraithe maidir le hoibleagáidí an mhonaróra faoin Rialachán seo;

(15) ciallaíonn ‘ionadaí ceaptha don fhreagracht leathnaithe táirgeora’ duine dlítheanach nó duine nádúrtha atá bunaithe i mBallstát ina gcuireann an táirgeoir pacáistíocht ar fáil ar an margadh den chéad uair, seachas an Ballstát ina bhfuil an táirgeoir bunaithe, agus a gceapann an táirgeoir é i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 8a(5) de Threoir 2008/98/CE chun oibleagáidí an táirgeora sin faoi Chaibidil VII den Rialachán seo a chomhlíonadh;

(16) ciallaíonn ‘dáileoir deiridh’ an dáileoir a sheachadann táirgí pacáistithe nó táirgí is féidir a cheannach trí athlíonadh don úsáideoir deiridh;

(17) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críoch atá lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó nó dá ghairm;

(18) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach atá ina chónaí nó atá bunaithe san Aontas, ar cuireadh táirge ar fáil dó ina cháil mar thomhaltóir nó mar úsáideoir deiridh gairmiúil le linn a chuid gníomhaíochtaí

tionsclaíocha nó gairmiúla, agus nach gcuireann an táirge seo ar fáil ar an margadh san fhoirm ina sholáthraítear é;

(19) ciallaíonn ‘pacáistíocht ilchodach’ aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, dúntóirí agus séalú, nach féidir a scaradh de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin;

(20) ciallaíonn ‘dramhaíl ó phacáistíocht’ aon phacáistíocht nó ábhar pacáistíochta a thagann faoin sainmhíniú ar dhramhaíl a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE, cé is moite d’iarmhar an táirgthe;

(21) ciallaíonn ‘dramhaíl ó phacáistíocht a chosc’ bearta a dhéantar sula mbeidh aon phacáistíocht nó ábhar pacáistíochta ina dramhaíl ó phacáistíocht agus bearta lena laghdaítear méid na dramhaíola ó phacáistíocht, ionas go n- éilítear níos lú pacáistíochta, nó pacáistíocht ar bith, chun táirgí a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh nó a chur i láthair

(22) ciallaíonn ‘athúsáid’ aon oibríocht ina n- úsáidtear pacáistíocht in- athúsáidte arís don fheidhm chéanna ar ceapadh dó é;

(23) ciallaíonn ‘pacáistíocht aon úsáide’ pacáistíocht nach pacáistíocht in- athúsáidte é;

(24) ciallaíonn ‘uainíocht’ an ciogal a dhéanann pacáistíocht in- athúsáidte ón tráth a chuirtear ar an margadh in éineacht leis na táirgí eile a bhfuil sí ceaptha iad a choimeád ann, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh nó a chur i láthair, go dtí an tráth atáthar réidh í a athúsáid i gcóras le haghaidh athúsáide d’fhonn í a sholáthar d’úsáideoirí deiridh arís, in éineacht leis na táirgí;

(25) ciallaíonn ‘turas’ aistriú pacáistíochta, ó líonadh nó luchtú go folmhú nó díluchtú, mar chuid d’uainíocht nó ina aonar;

(26) ciallaíonn ‘córais le haghaidh athúsáide’ socruithe eagraíochtúla, teicniúla nó airgeadais, lena n- éascaítear an athúsáid i gcóras lúbiata nó córas lúboscailte. Meastar gur cuid de ‘chóras le haghaidh athúsáide’ iad córais éarlaise agus aisíoca nuair a áirithítear leo go mbailítear pacáistíocht le haghaidh athúsáide;

(27) ciallaíonn ‘athriochtú’ oibríocht a bhfuil gá leis chun pacáistíocht in- athúsáidte a athchóiriú ionas go mbeidh feidhm aici chun críoch a hathúsáidte;

(28) ciallaíonn ‘athlíonadh’ oibríocht ina líonann úsáideoir deiridh a choimeádán féin, a chomhlíonann an fheidhm phacáistíochta, le táirge nó roinnt táirgí a thairgeann an dáileoir deiridh i gcomhthéacs idirbhirt tráchtála;

(29) ciallaíonn ‘stáisiún athlíonacháin’ áit a dtairgeann dáileoir deiridh táirgí, is féidir a cheannach lena n- athlíonadh, d’úsáideoirí deiridh;

(30) ciallaíonn ‘ earnáil HORECA’ Gníomhaíochtaí Cóiríochta agus Seirbhísí Bia de réir NACE Ath. 2 – Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha[52];

(31) ciallaíonn ‘dearadh le haghaidh athchúrsála’ dearadh pacáistíochta, lena n- áirítear comhpháirteanna aonair pacáistíochta, chun a áirithiú gur féidir í a athchúrsáil le próisis bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha;

(32) ciallaíonn ‘athchúrsáilte ar scála’ go ndéantar pacáistíocht a bhailiú, a shórtáil agus a athchúrsáil le bonneagar úrscothach agus próisis úrscothacha, faoina gcumhdaítear 75 % ar a laghad de dhaonra an Aontais, lena n- áirítear dramhaíl ó phacáistíocht a onnmhairítear ón Aontas agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 47(5);

(33) ciallaíonn ‘catagóir phacáistíochta’ meascán d’ábhar agus dearadh sonrach pacáistíochta, lena gcinntear in- athchúrsáilteacht na pacáistíochta i ndáil le próisis bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus tá sé ábhartha maidir leis an sainmhíniú ar dhearadh na gcritéar athchúrsála;

(34) ciallaíonn ‘comhpháirt chomhtháite’ comhpháirt phacáistíochta a d’fhéadfadh a bheith difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, agus bhféadfadh ábhar difriúil a bheith ann, ach is cuid ríthábhachtach den aonad pacáistíochta agus dá fheidhm í agus ní chaithfear í a scaradh ón bpríomh- aonad pacáistíochta chun an táirge a úsáid agus is iondúil go ndiúscraítear í an tráth céanna a dhiúscraítear an t- aonad pacáistíochta, ach ní gá go ndéanfaí amhlaidh ar an mbealach diúscartha ceanna;

(35) ciallaíonn ‘comhpháirt ar leithligh’ comhpháirt phacáistíochta atá difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith ann, comhpháirt nach mór í a bhaint ina hiomláine agus ar bhonn buan den phríomh- aonad pacáistíochta chun rochtain a fháil ar an táirge, agus comhpháirt a dhiúscraítear roimh an aonad pacáistíocht agus ar bhealach ar leithligh de ghnáth;

(36) ciallaíonn ‘aonad pacáistíochta’ aonad ina iomláine, lena n- áirítear aon chomhpháirt chomhtháite nó aon chomhpháirt ar leithligh, a bhfuil feidhm phacáistíochta acu araon amhail coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh, stóráil, iompar agus cur i láthair na dtáirgí, agus lena n- áirítear aonaid neamhspleácha phacáistíochta ghrúpála nó pacáistíochta iompair i gcás ina ndiúscraítear iad roimh an díolphointe;

(37) ciallaíonn ‘pacáistíocht nuálach’ cineál pacáistíochta a mhonaraítear le hábhair nua, próisis deartha nó próisis táirgthe, as a dtagann feabhas suntasach ar fheidhmeanna pacáistíochta, amhail coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh nó cur i láthair táirgí, agus feabhas suntasach ar shochair chomhshaoil, cé is moite den phacáistíocht a thagann as modhnú pacáistíochta reatha chun cur i láthair na dtáirgí agus margaíocht a fheabhsú agus chun na críche sin amháin;

(38) ciallaíonn ‘amhábhair thánaisteacha’ ábhair a fuarthas trí phróisis athchúrsála agus ábhair is féidir a úsáid in ionad bun- amhábhar;

---

[52] NACE Ath. 2 — Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha – Lámhleabhair Táirgí agus Treoirlínte – Eurostat (europa.eu); Staitisticí cóiríochta agus seirbhísí bia – NACE Ath. 2 – Staitisticí arna Míniú (europa.eu)

(39) ciallaíonn ‘dramhaíl phlaisteach iarthomhaltais’ dramhaíl phlaisteach a ghintear ó tháirgí plaisteacha a cuireadh ar an margadh;

(40) ciallaíonn ‘pacáistíocht atá íogair ó thaobh pacáistíochta de’ pacáistíocht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid in aon fheidhm phacáistíochta faoi raon feidhme na Rialachán a leanas: (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 1935/2004,(CE) Uimh. 767/2009, (CE) Uimh. 2009/1223, (AE) 2017/745, (AE) 2017/746, (AE) 2019/4, (AE) 2019/6, Treoir 2001/83/CE, nó Treoir 2008/68/CE;

(41) ciallaíonn ‘pacáistíocht inmhúirínithe’ pacáistíocht ar féidir léi dianscaoileadh go fisiceach, go ceimiceach, go teirmeach nó go bitheolaíoch ar bhealach ina ndianscaoiltear an chuid is mó den mhúirín críochnaithe ina dhé- ocsaíd charbóin, ina shalainn mhianracha, ina bhithmhais agus ina uisce, de réir Airteagal 47(4), agus nach gcuirtear bac leis ar an mbailiú ar leithligh nó ar an bpróiseas nó gníomhaíocht mhúirniúcháin ina gcuirtear é faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch;

(42) ciallaíonn ‘buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad’ buidéil deochanna a liostaítear i gCuid F den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/904;

(43) ciallaíonn ‘plaisteach’ polaiméir de réir bhrí Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, a bhféadfadh breiseáin nó substaintí eile a bheith curtha leis, agus atá in ann feidhmiú mar phríomh- chomhpháirt de phacáistíocht, cé is moite de pholaiméirí nádúrtha nár athraíodh go ceimiceach;

(44) ciallaíonn ‘málaí siopadóireachta plaisteacha’ málaí siopadóireachta déanta as plaisteach, ar a bhfuil lámh nó gan lámh, a sholáthraítear le haghaidh tomhaltóirí ag díolphointe táirgí;

(45) ciallaíonn ‘málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma’ málaí siopadóireachta plaisteacha ar lú ná 50 miocrón a dtiús balla;

(46) ciallaíonn ‘málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadrom’ málaí siopadóireachta plaisteacha ar lú ná 15 mhiocrón a dtiús balla ;

(47) ciallaíonn ‘málaí siopadóireachta plaisteacha tiubha’ málaí siopadóireachta plaisteacha ar tiús balla atá níos idir 50 agus 99 miocrón;

(48) ciallaíonn ‘málaí siopadóireachta plaisteacha an- tiubh’ málaí siopadóireachta plaisteacha ar tiús balla atá os cionn 99 miocrón;

(49) ciallaíonn ‘gabhdán dramhaíola’ coimeádáin, araidí bruscair agus málaí a úsáidtear chun dramhaíl a stóráil agus a bhailiú;

(50) ciallaíonn ‘éarlais’ suim shocraithe airgid, nach bhfuil mar chuid de phraghas an táirgthe phacáistithe nó líonta a bhailítear ón úsáideoir deiridh nuair a cheannaítear táirge pacáistithe nó líonta den sórt sin, a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca i mBallstát faoi leith agus atá infhuascailte nuair a thugann an t- úsáideoir deiridh an phacáistíocht, lena ngabhann an éarlais, ar ais chuig pointe bailiúcháin a bhunaítear chun na críche sin;

(51) ciallaíonn ‘córas éarlaise agus aisíoca’ córais, ina ngearrtar éarlais ar an úsáideoir deiridh nuair a cheannaítear táirge pacáistithe nó líonta a chumhdaítear faoin gcóras seo, éarlais a aisíoctar leis an úsáideoir deiridh nuair a thugtar an phacáistíocht, lena ngabhann an éarlais, ar ais chuig pointe bailiúcháin a bhunaítear chun na críche sin;

(52) ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ doiciméad ina leagtar síos na ceanglais theicniúla atá le comhlíonadh ag táirge, próiseas nó seirbhís;

(53) ciallaíonn ‘caighdeán comhchuibhithe’ caighdeán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(54) ciallaíonn ‘measúnú comhréireachta’ an próiseas lena léirítear cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo i ndáil le pacáistíocht maidir le hinbhuaine, sábháilteacht, lipéadú agus faisnéis;

(55) ciallaíonn ‘eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí’ eintiteas dlítheanach a eagraíonn comhlíonadh oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora, ó thaobh airgeadais de nó ó thaobh airgeadais agus oibríochta de, thar ceann roinnt táirgeoirí;

(56) ciallaíonn ‘saolré’ na céimeanna leantacha idirnasctha trína dtéann pacáistíocht, ó amhábhar a fháil nó a ghiniúint as acmhainní nádúrtha go dtí an diúscairt deiridh.

(57) ciallaíonn ‘pacáistíocht lena mbaineann riosca’ pacáistíocht a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna poiblí eile a chosnaítear le ceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo nó de bhun an Rialacháin seo, seachas na cinn sin a liostaítear in Airteagal 56(1), trí bhíthin neamhchomhlíontacht leis an gceanglas sin;

(58) ciallaíonn ‘pacáistíocht lena mbaineann riosca tromchúiseach’ pacáistíocht lena mbaineann riosca a meastar ina leith, bunaithe ar mheasúnú, go bhfuil gá le hidirghabháil mhear ó na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n- áirítear i gcásanna nach mbíonn éifeachtaí láithreacha ag an neamhchomhlíontacht, de thoradh mhéid na neamhchomhlíontachta ábhartha nó na díobhála lena mbaineann;

(59) ciallaíonn ‘ardán ar líne’ ardán ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065;

(60) ciallaíonn ‘dramhaíl’ dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE, cé is moite de phacáistíocht in- athúsáidte a dhéantar a athriochtú;

Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘shubstaint ar ábhar imní í’ agus ‘iompróir sonraí’ a leagtar síos in Airteagal [2 phointe (28) agus (30)] de Rialachán [Éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe];

Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘bhainistiú dramhaíola’, ‘bailiú’, ‘bailiú ar leithligh’, ‘scéim freagrachta leathnaithe táirgeora’, ‘ullmhú le haghaidh athúsáide’ agus ‘athchúrsáil’ a leagtar síos in Airteagal 3, pointí (9), (10), (11), (21), (16) agus (17) de Threoir 2008/98/CE;

Tá feidhm ag na sainmhínithe ar ‘fhaireachas margaidh’, ‘údarás um fhaireachas margaidh’, ‘soláthraí seirbhíse comhlíonta’, ‘gníomhaíocht cheartaitheach’, ‘aisghairm’, ‘tarraingt siar’ agus ‘riosca’ a leagtar síos in Airteagal 3, pointí (3), (4), (11), (16), (22), (23) agus (18) de Rialachán (AE) 2019/1020.

Leagtar amach liosta táscach de mhíreanna a thagann faoin sainmhíniú ar phacáistíocht i bpointe (1) in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 4*
*Saorghluaiseacht*

1. Ní chuirfear pacáistíocht ar an margadh ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh sí an Rialachán seo.

2. Maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 den Rialachán seo a chur ar an margadh, ní thoirmiscfidh Ballstáit é sin, ní chuirfidh siad srian leis sin ná ní chuirfidh siad isteach air sin.

3. Maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán seo a chur ar an margadh, ní dhéanfaidh Ballstáit é sin a thoirmeasc, ní chuirfidh siad srian leis sin ná ní chuirfidh siad isteach air sin.

4. I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit ceanglais inbhuanaitheachta náisiúnta nó ceanglais faisnéise, de bhreis ar na cinn siúd a leagtar síos sa Rialachán seo, a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, ní thiocfaidh na ceanglais sin salach ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus, maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais faoin Rialachán seo a chur ar an margadh, ní thoirmiscfidh Ballstáit é sin, ní chuirfidh siad srian leis sin ná ní chuirfidh siad isteach air sin ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas náisiúnta sin.

5. Anuas ar na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 11, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le ceanglais eile maidir le lipéadú, chun an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó córas éarlaise agus aisíoca atá difriúil leis na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint.

6. Ag aontaí trádála, taispeántais nó imeachtaí comhchosúla, ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar thaispeáint pacáistíochta nach gcomhlíonann an Rialachán seo, ar choinníoll go gcuirtear in iúl ar chomhartha soléite nach gcomhlíonann an phacáistíocht an Rialachán seo agus nach mbeidh sí ar díol go dtí go mbeidh sí tugtha i gcomhréireacht.

## Caibidil II
## Ceanglais inbhuanaitheachta

*Airteagal 5*
*Ceanglas maidir le substaintí i bpacáistíocht*

1. Déanfar pacáistíocht a mhonarú ar bhealach ionas go ndéanfar láithreacht agus tiúchan substaintí, ar ábhar imní iad, mar chomhábhair den ábhar pacáistíochta nó aon cheann de na comhpháirteanna pacáistíochta a íoslaghdú, lena n- áirítear i ndáil lena láithreacht in astaíochtaí agus aon toradh ar bhainistiú dramhaíola, amhail amhábhair thánaisteacha, luaith nó ábhar eile le haghaidh diúscairt deiridh.

2. Gan dochar do na srianta maidir le ceimiceáin a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 nó, i gcás inarb infheidhme, do na srianta agus bearta sonracha i ndáil le pacáistíocht teagmhála bia i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, ní bheidh suim an leibhéil tiúchana de luaidhe, caidmiam, mearcair ná cróimiam heicsifhiúsach atá i bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistíochta níos mó ná 100 mg/kg.

3. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 2 sa doiciméadacht theicniúil a tharraingeofar suas i gcomhréir le hIarscríbhinn VII.

4. Maidir le ceanglais in- athchúrsáilteachta a bhunaítear i ngníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(5), ní chuirfidh siad srian le láithreacht substaintí i bpacáistíocht ná i gcomhpháirteanna pacáistíochta ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht cheimiceach go príomha. Tabharfar aghaidh leo, de réir mar is iomchuí, ar shubstaintí, ar ábhar imní iad, a dhéanann difear diúltach d’athúsáid agus d’athchúrsáil ábhar sa phacáistíochta ina bhfuil siad, agus sainaithneofar leo, de réir mar is iomchuí, na substaintí sonracha lena mbaineann agus na critéir agus srianta a ghabhann leo.

5. Ar mhaithe le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58, chun an Rialachán seo a leasú chun an méid a leanas a dhéanamh:

(a) suim an leibhéil tiúchana de luaidhe, caidmiam, mearcair ná cróimiam heicsifhiúsach atá i bpacáistíocht nó i gcomhpháirteanna pacáistíochta dá dtagraítear i mír 2 a ísliú;

(b) na coinníollacha faoi nach mbeidh feidhm ag an leibhéal tiúchana dá dtagraítear i mír 2 maidir le hábhair athchúrsáilte agus lúba táirge, atá i slabhra atá iata agus rialaithe, a chinneadh, chomh maith leis na cineálacha pacáistíochta a bheidh díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin a chinneadh. Beidh teorainn ama ag baint le gníomhartha tarmligthe den sórt sin, déanfar foráil leo maidir le ceanglais mhargaíochta agus faisnéise iomchuí, agus áireofar iontu ceanglais maidir le tuairisciú tráthrialta chun a áirithiú go ndéantar athbhreithniú ar an díolúine go tráthrialta.

*Airteagal 6*
*Pacáistíocht in- athchúrsáilte*

1. Beidh an phacáistíocht uile in-athchúrsáilte.

2. Measfar go bhfuil pacáistíocht in- athchúrsáilte i gcás ina gcomhlíonann sí an méid a leanas:

(a) deartar í ar bhealach lena hathchúrsáil;

(b) déantar í a bhailiú ar leithligh go héifeachtach éifeachtúil i gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus (2);

(c) déantar í a shórtáil ina sruthanna dramhaíola sainithe gan dochar a dhéanamh d'in- athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile;

(d) féadtar í a athchúrsáil ionas go mbeidh amhábhair thánaisteacha a thagann aisti ar cháilíocht leordhóthanach gur féidir iad a úsáid in ionad bun- amhábhar;

(e) féadtar í a athchúrsáil ar an mórchóir.

Beidh feidhm ag pointe (a) ón 1 Eanáir 2030 agus beidh feidhm ag pointe (e) ón 1 Eanáir 2035.

3. Ón 1 Eanáir 2030, comhlíonfaidh pacáistíocht in- athchúrsáilte na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' mar a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 agus, ón 1 Eanáir 2035, comhlíonfaidh sé na ceanglais maidir le hin- athchúrsáilteacht ar an mórchóir a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6. I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bhunú, chomh maith le gráid maidir le feidhmíocht athchúrsála bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II maidir le catagóirí pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin, chomh maith le rialacha maidir le modhnú ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc le táirgeoirí chun a n- oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a leagtar amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar an ngrád maidir le feidhmíocht athchúrsála na pacáistíochta, agus an céatadán d'ábhar

athchúrsáilte i gcás pacáistíochta plaistí. Cumhdófar faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' próisis bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus cumhdófar leis na comhpháirteanna pacáistíochta uile.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 den Iarscríbhinn a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, agus bonneagar bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála.

5. Ón 1 Eanáir 2030, ní mheasfar go mbeidh pacáistíocht in- athchúrsáilte má chomhfhreagraíonn sé do ghrád feidhmíochta E faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bhunaítear sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 don chatagóir pacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht.

Beidh na critéir sin bunaithe ar na paraiméadair mar a liostaítear iad i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II ar a laghad.

6. Maidir le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, bunóidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is féidir nó nach féidir pacáistíocht a athchúrsáil ar scála. Beidh an measúnú sin bunaithe, ar a laghad, ar na heilimintí seo a leanas:

(a) méid na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh san Aontas ina hiomláine agus méid na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh i ngach Ballstát;

(b) méid na dramhaíola ó phacáistíocht a bhailítear ar leithligh, in aghaidh an ábhair pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, san Aontas ina iomláine agus i ngach Ballstát;

(c) rátaí athchúrsáilte na dramhaíola ó phacáistíocht in aghaidh an chineáil pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, san Aontas ina iomláine agus i ngach Ballstát nó, i gcás nach féidir sonraí den sórt sin maidir le rátaí athchúrsála le haghaidh na dramhaíola ó phacáistíocht in aghaidh an chineáil pacáistíochta a chur ar fáil, toimhdí a dhéantar bunaithe ar rátaí meánchaillteanais dá dtagraítear in Airteagal 47(3);

(d) acmhainneachtaí bonneagair atá suiteáilte le haghaidh sórtáil agus athchúrsáil san Aontas ina iomláine maidir le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II.

7. Suífear an méid a leanas leis na critéir agus na ceanglais dá dtagraítear i mír 3:

(a) an bealach chun toradh an mheasúnaithe in- athchúrsáilteachta a léiriú i ngráid feidhmíochta in- athchúrsáilteachta ó A go E, mar a thuairiscítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II, bunaithe ar chéatadán an aonaid pacáistíochta, ó thaobh meáchain de, atá in- athchúrsáilte de réir mhír 1;

(b) critéir mhionsonraithe 'dearadh le haghaidh athchúrsála' le haghaidh gach ábhair agus catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;

(c) tuairisc ar na coinníollacha comhlíontachta i ndáil leis na gráid feidhmíochta faoi seach le haghaidh gach catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;

(d) modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n- oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 40, bunaithe ar an ngrád feidhmíochta pacáistíochta;

(e) an bealach chun measúnú a dhéanamh ar in- athchúrsáilteacht ar scála i gcás gach catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II chun na gráid nuashonraithe feidhmíochta in- athchúrsáilteachta a bhunú, ó 2035 amach.

8. Léireofar comhlíonadh na gceanglas, a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, sa doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

I gcás ina bhfuil comhpháirteanna comhtháite in aonad pacáistíochta, áireofar sa mheasúnú ar chomhlíonadh na gcritéar 'dearadh le haghaidh athchúrsála' agus comhlíonadh na gceanglas maidir le hin- athchúrsáilteacht ar an mórchóir na comhpháirteanna comhtháite uile.

I gcás ina bhfuil comhpháirteanna ar leithligh in aonad pacáistíochta, déanfar an measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas 'dearadh le haghaidh athchúrsála' agus comhlíonadh na gceanglas maidir le hin- athchúrsáilteacht ar scála ar leithligh i gcás gach comhpháirte ar leithligh.

Beidh comhpháirteanna uile aonaid pacáistíochta oiriúnach do na próisis bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus ní chuirfidh siad bac ar in- athchúrsáilteacht príomhchuid an aonaid pacáistíochta.

9. Ón 1 Eanáir 2030, agus de mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh tréimhse uasta de 5 bliana tar éis dheireadh na bliana féilire ina gcuirfear ar an margadh í.

I gcás ina mbaintear úsáid as an maolú sin, beidh doiciméadacht theicniúil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, ag gabháil leis an bpacáistíocht nuálach sin lena léireofar a nuálaí atá sí agus lena léireofar go gcomhlíonann sí an sainmhíniú in Airteagal 3(34) den Rialachán seo.

Tar éis na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i mír 8 ag gabháil le pacáistíocht den sórt sin.

10. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an méid seo a leanas roimh an 31 Nollaig 2034:

(a) neasphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (23), de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6;

(b) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745;

(c) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/746.

11. Na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n- oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in- athchúrsáilteachta, a chinntear i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin.

*Airteagal 7*
*Íosmhéid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach*

1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht, in aghaidh an aonaid pacáistíochta:

(a) 30 % i gcás pacáistíochta teagmhála íogaire de theireataláit phoileitléine (TPE), agus é sin an mhór- chomhphláirt;

(b) 10 % i gcás pacáistíochta teagmhála íogaire d'ábhair phlaisteacha seachas TPE, seachas buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad;

(c) 30 % i gcás buidéal deochanna plaisteach aon úsáide;

(d) 35 % i gcás pacáistíochta seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl plaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht, in aghaidh an aonaid pacáistíochta:

(a) 50 % i gcás pacáistíochta plaistí teagmhála íogaire, seachas buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad;

(b) 65 % i gcás buidéal deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad;

(c) 65 % i gcás pacáistíocht phlaisteach seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir leis an méid a leanas:

(a) neasphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (23), de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6;

(b) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745;

(c) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/746;

(d) forphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (24), de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe (26), de Rialachán (AE) 2019/6 i gcásanna inar gá an phacáistíocht sin chun ceanglais shonracha a chomhlíonadh chun cáilíocht an táirge íocshláinte a chaomhnú.

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le pacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe.

5. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 agus 3 san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII.

6. Faoin 1 Eanáir 2030, déanfar na ranníocaíochtaí airgeadais arna n- íoc ag táirgeoirí chun a n- oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a leagtar síos in Airteagal 40, a chomhlíonadh a mhodhnú bunaithe ar gcéatadán den ábhar athchúrsáilte a úsáidtear sa phacáistíocht.

7. Faoin 31 Nollaig 2026, beidh an chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh agus dheimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte a aisghabhtar ó dhramhaíl phlaisteach

iarthomhaltais, in aghaidh an aonaid pacáistíochta plaistí, agus formáid na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

8. Ón 1 Eanáir 2029, comhlíonfar le ríomh agus deimhniú an chéatadáin d’ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht faoi mhír 1 na rialacha a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7.

9. Faoin 1 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá le haghaidh maoluithe ar an gcéatadán íosta a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, nó le haghaidh athbhreithniú ar an maolú a bhunaítear faoi mhír 3 le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach.

Bunaithe ar an measúnú sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a leasú d’fhonn:

(a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal céatadáin íosta a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, agus, de réir mar is iomchuí,

(b) athbhreithniú a dhéanamh ar na maoluithe a bhunaítear i mír 3,

i gcás nach mbíonn teicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha ar fáil chun pacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil toisc nár údaraíodh iad faoi na rialacha ábhartha den Aontas nó toisc nach gcuirtear i bhfeidhm iad go leordhóthanach sa chleachtas.

10. Beidh an chumhacht ag an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun míreanna 1 agus 2 a leasú trí bhíthin na céatadáin íosta a choigeartú dá réir i gcás ina mbeadh bonn cirt faoi ghníomh den sórt sin de bharr easpa infhaighteachta nó praghsanna iomarcacha plaisteach athchúrsáilte sonrach, a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine nó sláinte ainmhithe, do shlándáil an tsoláthair bia nó don chomhshaol, rud a d’fhágfadh go mbeadh sé thar a bheith deacair na céatadáin íosta d’ábhar athchúrsáilte a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh. Agus meastóireacht á déanamh ar bhonn cirt le coigeartú den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarrataí ó dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha lena mbeidh faisnéis ábhartha agus sonraí maidir le staid an mhargaidh i gcás na dramhaíola plaistí iarthomhaltais sin, chomh maith leis an bhfianaise is fearr a bhfuil fáil air maidir leis na riosca lena mbaineann maidir le sláinte an duine agus sláinte ainmhithe, slándáil an tsoláthair bia agus an comhshaol.

11. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le húsáid ábhar pacáistíochta athchúrsáilte i bpacáistíocht seachas plaistigh agus, ar an mbonn sin, beidh measúnú déanta aige ar a oiriúnaí a bheadh sé bearta a bhunú, nó spriocanna a shocrú, maidir le méadú ar úsáid an ábhair athchúrsáilte i bpacáistíocht eile den sórt sin, agus i gcás inar gá, togra reachtach a chur i láthair.

*Airteagal 8*
*Pacáistíocht inmhúirínithe*

1. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (f)

agus (g), beidh lipéid ghreamaitheacha, a chuirfear ar thorthaí agus glasraí, agus málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadrom inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialófar go tionsclaíoch i saoráidí cóireála bithdhramhaíola.

2. I gcás inarb iomchuí, tá scéimeanna bailithe dramhaíola agus bonneagar cóireála dramhaíola le fáil chun a áirithiú go dtéann an phacáistíocht dá dtagraítear i mír 1 isteach i sruth bainistíochta dramhaíola orgánaí, tá an chumhacht ag na Ballstáit a éileamh nach gcuirfear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar fáil ar a margadh den chéad uair ach amháin más féidir a léiriú gur monaraíodh na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sin, ina n- iomláine, as polaiméir phlaisteacha in- bhithdhíghrádaithe atá inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch.

3. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beifear in ann pacáistíocht seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, lena n- áirítear pacáistíocht de pholaiméir phlaisteacha in- bhithdhíghrádaithe, a athchúrsáil gan difear a dhéanamh d'in- athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile.

4. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 agus 3 san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a leasú trí bhíthin cineálacha eile pacáistíochta a chur le cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear faoi na míreanna sin nuair a bhíonn bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicniúla agus rialála a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 9*
*Íoslaghdú pacáistíochta*

1. Dearfar pacáistíocht ar bhealach ionas go laghdófar a meáchan agus a toirt chuig an meáchan agus an toirt íosta is gá chun a feidhmiúlacht a áirithiú, agus ábhar déanta na pacáistíochta á chur san áireamh.

2. Pacáistíocht nach bhfuil gá léi chun aon cheann de na critéir feidhmíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh agus pacáistíocht ag a bhfuil saintréithe nach bhfuil gá leo ach amháin chun toirt bhraite an táirge a mhéadú, lena n- áirítear ballaí dúbailte, íochtair bhréige, agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, ní chuirfear ar an margadh iad, ach amháin má bhíonn dearadh na pacáistíochta faoi réir tásca geografacha tionscnaimh a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais.

3. Laghdófar spás folamh chuig an méid spáis is gá chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú mar a leanas:

(a) i gcás pacáistíocht díolacháin, i ndáil le toirt iomlán an táirge pacáistithe agus a shaintréithe;

(b) i gcás pacáistíocht ghrúpála agus pacáistíocht iompair, lena n- áirítear pacáistíocht díolacháin ríomhthráchtála, i ndáil le toirt iomlán na dtáirgí grúpáilte nó iompartha agus a bpacáistíocht díolacháin;

Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na míre seo, measfar gur spás folamh é spás a líonfar le gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin, clocha Styrofoam nó ábhair líonta eile.

4. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, agus beidh na heilimintí a leanas ann:

(a) míniú ar na sonraíochtaí, caighdeáin agus coinníollacha teicniúla a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an bpacáistíocht i leith na gcritéar feidhmíochta agus na modheolaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV;

(b) sainaithint na gceanglas deartha, lena gcoisctear tuilleadh laghdaithe ar mheáchan nó toirt na pacáistíochta, i gcás gach ceann de na critéir feidhmíochta seo;

(c) aon toradh tástála, staidéar nó foinse eile a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thoirt nó meáchan íosta na pacáistíochta a bhfuil gá leis.

I gcás pacáistíocht in- athúsáidte, cuirfear san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1 feidhm na pacáistíochta in- athúsáidte dá dtagraítear in Airteagal 10.

*Airteagal 10*
*Pacáistíocht in- athúsáidte*

1. Measfar go bhfuil pacáistíocht in- athúsáidte nuair a chomhlíonann sí na coinníollacha a leanas:

(a) rinneadh í a cheapadh, a dhearadh agus a chur ar an margadh chun í a athúsáid nó a athlíonadh;

(b) rinneadh í a cheapadh agus a dhearadh ionas go ndéanfadh sí a mhéad turas nó uainíochtaí ab fhéidir faoi ghnáthchoinníollacha intuartha úsáidte;

(c) is féidir í a fholmhú nó a dhíluchtú gan damáiste a dhéanamh don phacáistíocht, rud a choiscfí a athúsáid;

(d) is féidir í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athluchtú fad a áirithítear go gcomhlíontar na ceanglais sábháilteachta agus sláintíochta is infheidhme;

(e) is féidir í a athriochtú i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn VI, fad is féidir léi a feidhm bheartaithe a chomhlíonadh;

(f) is féidir í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athluchtú fad a choinnítear cáilíocht agus sábháilteacht an táirge phacáistithe agus is féidir lipéid a chur uirthi, chomh maith le faisnéis maidir le hairíonna an táirge sin agus na pacáistíochta féin, lena n- áirítear aon treoir nó faisnéis ábhartha chun sábháilteacht, úsáid leormhaith, inrianaitheacht agus seilfré an táirge a áirithiú;

(g) is féidir í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athluchtú gan sláinte ná sábháilteacht iad siúd a dhéanann sin a chur i mbaol;

(h) comhlíonann sí na ceanglais a bhaineann go sonrach le pacáistíocht in- athchúrsáilte nuair a bhíonn sí ina dramhaíl, mar a leagtar amach in Airteagal 6.

2. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1 san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII.

# Caibidil III
# Ceanglais maidir le lipéadú, marcáil agus faisnéis

*Airteagal 11*
*Lipéadú ar phacáistíocht*

1. Ón [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 42 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfear lipéad ar phacáistíocht ina mbeidh faisnéis maidir lena comhdhéanamh ábhair. Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht iompair. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála.

Marcálfar pacáistíocht faoi réir córais éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1), anuas ar an bpacáistíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, le lipéad comhchuibhithe a chuireadh ar bun sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a ghlacadh de bhun mhír 5.

2. Ón [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 48 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beidh lipéad ar phacáistíocht maidir le hath- inúsáidteachta na pacáistíochta agus cód QR nó cineál eile d'iompróir sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le hath- inúsáidteachta na pacáistíochta lena n- áirítear infhaigheacht de chóras i gcomhar athúsáide agus pointí bailithe, agus lena n- éascaítear rianú a dhéanamh ar an bpacáistíocht agus na turais agus na huainíochta a ríomh. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in- athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe.

3. I gcás ina marcáiltear aonad de phacáistíocht a chumhdaítear le hAirteagal 7 le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcion d'ábhar athchúrsáilte, comhlíonfaidh an lipéad sin leis an sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5) agus beidh sé bunaithe ar an modheolaíocht de bhun Airteagal 7(7). I gcás ina marcáiltear aonad de phacáistíocht phlaisteach le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcion de phlaisteach bithbhunaithe, comhlíonfaidh an lipéad sin leis an sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5).

4. Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus an cód QR nó cineál iompróra sonraí eile dá dtagraítear i mír 2, a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta ar an bpacáistíocht. Murab indéanta sin nó nach mbeidh údar leis sin mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, greamófar iad ar an bpacáistíocht ghrúpáilte.

I gcás ina n- éilítear le reachtaíocht an Aontais faisnéis maidir leis an táirge pacáistithe atá le cur ar fáil trí mheán sonraí, bainfear úsáid as aon iompróir sonraí amháin chun an fhaisnéis a éilítear a chur ar fáil le haghaidh an táirge phacáistithe agus le haghaidh na pacáistíochta.

5. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú le haghaidh lipéadú

pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

6. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht maidir le comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí teicneolaíochtaí um mharcáil digiteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe an Aontais, ní bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha úsáid as lipéid, marcanna, siombail nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe pacáistíochta nó roghanna maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú, ar ina leith a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe leis an Rialachán seo.

8. Pacáistíocht a áirítear i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a fhéadfaidh a shainaithint trí shiombail chomhfhreagrach ar fud na críche ina bhfuil feidhm leis an scéim nó córas sin. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin- athchúrsáilteacht nó ath- inúsáidteacht na pacáistíochta.

*Airteagal 12*

*Lipéadú maidir le gabhdán dramhaíola le haghaidh dramhaíl ó phacáistíocht a bhailiú*

Faoin 1 Eanáir 2028, déanfar lipéid, lena bhféadfar bailiúchán ar leithligh de gach ábhar sonrach de dhramhaíl ó phacáistíocht atá beartaithe le fáil réidh leis i ngabhdáin ar leithligh, a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta ar gach gabhdán chun dramhaíl ó phacáistíocht a bhailiú.

## Caibidil IV
## Oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha taobh amuigh de na hoibleagáidí i gCaibidlí V agus VII

*Airteagal 13*

*Oibleagáidí monaróirí*

1. Agus pacáistíocht á cur ar an margadh, áiritheoidh na monaróirí go gcomhlíonann an phacáistíocht an méid a leanas:

   (a) gur dearadh agus gur monaraíodh í i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagal 5 go hAirteagal 10;

   (b) gur lipéadaíodh í i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagal 11.

2. Sular gcuirtear pacáistíocht ar an margadh, déanfaidh na monaróirí an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 33, nó socróidh go ndéanfar thar a gceann é, agus tarraingeoidh siad an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII.

I gcás inar léiríodh leis an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 33 go gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais is infheidhme, tarraingeoidh monaróirí dearbhú comhréireachta AE suas i gcomhréir le hAirteagal 34.

3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus an dearbhú comhréireachta AE ar feadh 10 mbliana tar éis don phacáistíocht a bheith curtha ar an margadh.

4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta ann chun go bhfanfaidh an táirgeadh sraithe pacáistíochta i gcomhréir leis an Rialachán seo. Athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe na pacáistíochta, chomh maith le hathruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí teicniúla eile ar trína mbíthin a dhearbhaítear a comhréireacht nó trína bhfeidhmiú a bhfíoraítear a chomhréireacht, déanfaidh na monaróirí na hathruithe sin a chur san áireamh go leormhaith. I gcás ina bhfeiceann na monaróirí go bhféadfaidh difear a bheith déanta do chomhréireacht na pacáistíochta, déanfaidh siad athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta a shonraítear in Airteagal 33 agus in Iarscríbhinn VII, nó socróidh go ndéanfar ar a son é.

5. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir, nó eilimint eile lena gceadaítear iad a aithint, ar an bpacáistíocht, nó, i gcás nach féidir é sin de bharr mhéid nó chineál na pacáistíochta, áiritheoidh monaróirí go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach i ndoiciméad a ghabhann leis an táirge pacáistithe.

6. Léireoidh na Monaróirí ar an bpacáistíocht nó ar chód QR nó ar iompróir sonraí éigin eile a n- ainm, a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe mar aon lena seoladh poist agus, más ann dó, a modh leictreonach cumarsáide trínar féidir dul i dteagmháil leo, a léiriú ar an táirge. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear an fhaisnéis is gá ar fáil ar mar chuid den fhaisnéis tríd an gcód QR dá dtagraítear in Airteagal 11(2) nó tríd an iompróir sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11(4) nó i ndoiciméad a ghabhann leis an dtáirge pacáistithe. Tabharfar pointe aonair ar féidir dul i dteagmháil leis an monaróir ann le fios leis an seoladh poist. Beidh faisnéis den sórt sin soiléir, intuigthe agus inléite.

7. Áireoidh na monaróirí go mbeidh faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le míreanna 5 agus 6 soiléir, intuigthe agus inléite, agus nach ngabhfaidh sí in ionad faisnéis eile, nó nach bhféadfar leis sin faisnéis eile a dhoiléiriú nó a mheascadh suas le faisnéis a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais maidir le lipéadú an táirge phacáistithe.

8. Déanfaidh monaróirí, a mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil pacáistíocht atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais is infheidhme_a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh monaróirí údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, soláthróidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht na pacáistíochta a léiriú, lena n-áirítear an doiciméadacht theicniúil, i dteanga, nó i dteangacha, is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach. Cuirfear na doiciméid

ábhartha ar fáil laistigh de 10 lá ón uair a fhaigheann an t- údarás náisiúnta an t-iarratas. Rachaidh na monaróirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 a réiteach.

*Airteagal 14*
*Oibleagáidí faisnéise sholáthróirí na pacáistíochta nó na n- ábhar pacáistíochta*

1. Soláthróidh aon soláthraí pacáistíochta nó ábhar pacáistíochta an fhaisnéis agus an doiciméadacht go léir is gá don mhonaróir chun comhréireacht na pacáistíochta agus na n- ábhar pacáistíochta a léiriú leis an Rialachán seo, lena n- áirítear an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus lena gceanglaítear faoi Airteagail 5 go 10, i dteanga nó i dteangacha, is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach.

2. I gcás inarb iomchuí, beidh an doiciméadacht agus an fhaisnéis dá ndéantar foráil faoi reachtaíocht infheidhme maidir le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de mar chuid den fhaisnéis agus den doiciméadacht atá le soláthar ag an monaróir de bhun mhír 1.

*Airteagal 15*
*Oibleagáidí ionadaí údaraithe*

1. Féadfaidh monaróir, trí shainordú scríofa, ionadaí údaraithe a cheapadh.

Ní dhéanfaidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus an oibleagáid chun doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus a cheanglaítear faoi Airteagail 5 go 10, cuid de shainordú an ionadaí údaraithe.

2. Feidhmeoidh ionadaí údaraithe na cúraimí arna sonrú sa sainordú a gheofar ón monaróir. Ceadófar leis an sainordú don ionadaí údaraithe na nithe seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

(a) an dearbhú comhréireachta AE agus an dhoiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil do na húdaráis náisiúnta faireachais margaidh go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis don phacáistíocht a bheith curtha ar an margadh;

(b) obair a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, arna hiarraidh sin dóibh, maidir le haon bheart a rinneadh maidir le neamhchomhlíontacht na pacáistíochta a chumhdaítear faoi shainordú an ionadaí údaraithe;

(c) de thoradh iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhréireacht pacáistíochta a léiriú a chur ar fáil don údarás sin i dteanga, nó i dteangacha, is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca;

(d) de thoradh iarraidh ó údarás inniúil náisiúnta, na doiciméid ábhartha a chur ar fáil laistigh de 10 lá tar éis an iarraidh sin a fháil;

(e) an sainordú a fhoirceannadh má ghníomhaíonn an monaróir ar neamhréir lena oibleagáidí faoin Rialachán seo.

*Airteagal 16*
*Oibleagáidí allmhaireoirí*

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí pacáistíocht ar an margadh ach an phacáistíocht a bheidh i gcomhréir le ceanglais Airteagail 5 go 11.

2. Roimh dóibh pacáistíocht a chur ar an margadh áiritheoidh allmhaireoirí na nithe seo a leanas:

(a) go bhfuil an nós imeachta um measúnú comhréireachta iomchuí, dá dtagraítear in Airteagal 33 déanta, agus go bhfuil an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus a cheanglaítear faoi Airteagail 5 go 10 tarraingthe suas ag an monaróir;

(b) go bhfuil lipéadú iomchuí ar an bpacáistíocht i gcomhréir le hAirteagal 11,

(c) go bhfuil na doiciméid a cheanglaítear ag gabhal leis an bpacáistíocht;

(d) gur chomhlíon an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (6).

I gcás ina measann allmhaireoir nó go bhfuil údar aige chun a chreidiúint nach bhfuil pacáistíocht i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, ní chuirfidh an t- allmhaireoir an phacáistíocht ar an margadh go dtí go dtabharfar an phacáistíocht sin chun comhréireachta.

3. Agus a bpacáistíocht á cur ar an margadh, ba cheart do gach allmhaireoir a ainm, a thrádainm cláraithe nó a thrádmharc cláraithe mar aon lena sheoladh poist agus, más ann dó, a mhodh leictreonach cumarsáide trínar féidir dul i dteagmháil leis a léiriú ar an bpacáistíocht. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear an fhaisnéis is gá ar fáil tríd an iompróir sonraí nó i ndoiciméad a ghabhann leis an bpacáistíocht. Beidh na sonraí teagmhála soiléir, intuigthe agus inléite.

4. Áireoidh na monaróirí go mbeidh faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le mír 3 soiléir, intuigthe agus inléite, agus nach ngabhfaidh sí ionad faisnéis eile, nó nach bhféadfar leis sin faisnéis eile a dhoiléiriú nó é a mheascadh suas le faisnéis a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais maidir le lipéadú den tháirge phacáistithe.

5. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad atá an phacáistíocht faoina gcúram, nach gcuirfidh dálaí stórála ná iompair i gcontúirt comhlíonadh na gceanglas is infheidhme a leagtar amach Airteagail 5 go 11.

6. Déanfaidh monaróirí, a mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil pacáistíocht atá curtha ar an margadh acu, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí.

7. Cuirfidh allmhaireoir údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

8. Coimeádfaidh allmhaireoirí, ar feadh 10 mbliana tar éis don phacáistíocht a bheith curtha ar an margadh, cóip den dearbhú comhréireachta AE ar fáil do na údaráis um fhaireachas margaidh agus áiritheoidh gur féidir an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus a cheanglaítear faoi Airteagail 5 go 10 a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin.

9. Sa bhreis ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, soláthróidh allmhaireoirí don údarás sin an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht na pacáistíochta, lena n- áirítear an doiciméadacht theicniúil, leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, a léiriú i dteanga nó i dteangacha is féidir leis an údarás sin a thuiscint go héasca. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach. Cuirfear na doiciméid ábhartha ar fáil laistigh de 10 lá ón uair a fhaigheann an t- údarás náisiúnta an t- iarratas.

10. Rachaidh na hallmhaireoirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta inniúil maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a réiteach.

*Airteagal 17*
*Oibleagáidí dáileoirí*

1. Agus iad ag cur pacáistíocht ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí go cuí agus go cúramach maidir le ceanglais an Rialacháin seo.

2. Roimh dóibh pacáistíocht a chur ar fáil ar an margadh, fíoróidh dáileoirí na nithe seo a leanas:

(a) go bhfuil an táirgeoir, atá faoi réir na n- oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora don phacáistíocht, cláraithe i gclár na dtáirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40;

(b) go bhfuil lipéadú iomchuí ar an bpacáistíocht i gcomhréir le hAirteagal 11;

(c) gur chomhlíon an monaróir agus an t- allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (6) agus in Airteagal 16(3) faoi seach.

3. I gcás ina measann dáileoir, roimh dó pacáistíocht a chur ar fáil ar an margadh, nó go bhfuil údar aige chun a chreidiúint nach bhfuil an phacáistíocht i gcomhréir le haon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, nó nach bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh ag an monaróir, ní chuirfidh an t- allmhaireoir an phacáistíocht ar an margadh go dtí go dtabharfar an phacáistíocht sin chun comhréireachta nó go dtí go bhfuil an monaróir á chomhlíonadh.

Áiritheoidh dáileoirí, fad atá an phacáistíocht faoina gcúram, nach gcuirfidh dálaí stórála ná iompair i gcontúirt comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach Airteagail 5 go 11.

4. Áiritheoidh dáileoirí, a mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil pacáistíocht atá curtha ar fáil ar an margadh acu leis an dtáirge pacáistithe, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí.

Cuirfidh dáileoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

5. Soláthróidh dáileoirí, sa bhreis ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, don údarás sin an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhfuil rochtain acu orthu agus atá ábhartha chun comhréireacht na pacáistíochta leis na ceanglais is infheidhme a

leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a léiriú i dteanga nó i dteangacha, is éasca don údarás sin a thuiscint. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach.

Rachaidh dáileoirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a réiteach.

*Airteagal 18*
*Oibleagáidí soláthraithe seirbhíse comhlíonta*

Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse comhlíonta, le haghaidh na pacáistíochta a láimhseálann siad, nach ndéanfaidh na dálaí le linn ollstórála, láimhseála agus pacáistiú, seoladh a chur ar an bpacáistíocht nó é a sheoladh, comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a chur i mbaol i ndáil leis an bpacáistíocht.

*Airteagal 19*
*Cás ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí maidir le hallmhaireoirí agus dáileoirí*

Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo, agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 14, i gcás ina gcuirfidh sé pacáistíocht ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó ina modhnóidh sé pacáistíocht a cuireadh ar an margadh cheana sa tslí go bhféadfaí cur isteach ar na ceanglais ábhartha den Rialachán seo.

*Airteagal 20*
*Oibreoirí eacnamaíocha a shainaithint*

1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh sin, faisnéis a chur ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh maidir leis an méid a leanas:

   (a) sainaitheantas aon oibreora eacnamaíoch a sholáthair pacáistíocht dóibh;

   (b) sainaitheantas aon oibreora eacnamaíoch ar sholáthair siad pacáistíocht dó.

2. Beidh oibreoirí eacnamaíocha in ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, a sholáthar go ceann 10 mbliana tar éis don phacáistíocht a bheith soláthraithe dóibh agus go ceann 10 mbliana tar éis dóibh an phacáistíocht a sholáthar.

*Airteagal 21*
*Oibleagáid a bhaineann le pacáistíocht iomarcach*

1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí do dháileoir deiridh nó d'úsáideoir deiridh i bpacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair, nó pacáistíocht ríomhthráchtála, a áirithiú go bhfuil an cóimheas idir an spás folamh 40 % ar a mhéad.

2. Chun críoch an ríofa sin:

   (a) ciallóidh spás folamh an difríocht idir toirt iomlán den phacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair nó pacáistíocht ríomhthráchtála agus toirt iomlán de phacáistíocht díolacháin atá ann;

   (b) ciallóidh an cóimheas idir an spás folamh an cóimheas den spás folamh mar a shainmhínítear i bpointe (a) den mhír seo agus toirt iomlán den phacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair nó pacáistíocht ríomhthráchtála.

Measfar gur spás folamh é spás a líonfar le hábhair líonta amhail gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin nó clocha Styrofoam.

3. Beidh oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht díolacháin mar phacáistíocht ríomhthráchtála díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar síos i mír 1. Mar sin féin, áiritheoidh siad go mbeidh pacáistíocht díolacháin den sórt sin i gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 9.

*Airteagal 22*
*Srianta maidir le formáidí pacáistíochta áirithe a úsáid*

1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030.

3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe 3 d'Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Mholadh ón gCoimisiún 2003/361, mar is infheidhme an [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar an mbonneagar is gá maidir feidhmíocht de chóras athúsáide.

4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Iarscríbhinn V a leasú i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch leis an gcuspóir chun dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, breithneoidh an Coimisiún acmhainneacht na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear a laghdú agus tionchar comhshaoil dearfach á áirithiú aige ag an am céanna, agus cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht réitigh pacáistíochta malartacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht infheidhme maidir le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch den táirge pacáistithe a sheachaint.

*Airteagal 23*
*Oibleagáidí i ndáil le pacáistíocht in- athúsáidte*

1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann pacáistíocht in- athúsáidte ar an margadh go bhfuil córas athúsáide i bhfeidhm don phacáistíocht seo, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24 agus Iarscríbhinn VI.

2. Déanfar an tuairisc ar chomhlíontacht an chórais leis na ceanglais sin a tharraingt suas mar chuid den doiciméadacht theicniúil maidir le pacáistíocht in- athúsáidte atá le soláthar de bhun Airteagal 10(2). Chun na críche sin, iarrfaidh an monaróir na deimhnithe i scríbhinn ábhartha ó rannpháirtithe córais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 24*
*Oibleagáid a bhaineann le córais athúsáide*

1. Beidh oibreoirí eacnamaíocha atá ag baint úsáid as pacáistíocht in- athúsáidte rannpháirteach i gceann amháin nó níos mó de na córais maidir le hathúsáid agus áiritheoidh siad go mbeidh na córais maidir le hathúsáid, atá pacáistíocht in- athúsáidte mar chuid de, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCuid A d'IARSCRÍBHINN VI.

2. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as pacáistíocht in- athúsáidte athchóiriú ar phacáistíocht den sórt sin i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn VI, sula gcuirtear í ar fáil arís d'úsáideoirí deiridh.

*Airteagal 25*
*Srianta a bhaineann le hathlíonadh*

1. I gcás ina dtugann oibreoirí eacnamaíocha an deis táirgí a cheannach trí athlíonadh, cuirfidh siad úsáideoirí deiridh ar an eolas faoin méid a leanas:

   (a) cineálacha coimeádáin a fhéadfar a úsáid chun na táirgí ar fáil a cheannach trí athlíonadh;

   (b) na caighdeáin sláinteachais maidir le hathlíonadh,

   (c) freagracht an úsáideora deiridh i ndáil le sláinte agus sábháilteacht maidir le húsáid na gcoimeádán, dá dtagraítear i bpointe (a).

   Tabharfar an fhaisnéis sin chun dáta go tráthrialta agus beidh sí le feiceáil go soiléir ar an áitribh nó curtha ar fáil d'úsáideoirí deiridh ar shlí eile.

2. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann seirbhís athlíonta ar fáil go gcomhlíonfaidh stáisiúin athlíonta na ceanglais a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn VI agus aon ceanglas a leagtar síos in aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le táirgí a dhíol trí athlíonadh.

3. Áiritheoidh oibreoir eacnamaíocha a chuireann seirbhís athlíonadh ar fáil nach mbeidh an phacáistíocht ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí deiridh ag na stáisiúin athlíonta nó go mbeidh sé ar fáil mar chuid de córas éarlaise agus aisíoca.

4. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha diúltú coimeádán a chuireann an t- úsáideoir deiridh ar fáil a athlíonadh, mura chomhlíonann an t- úsáideoir deiridh na ceanglais a chuir an t- oibreoir eacnamaíoch in iúl i gcomhréir le mír 1.

*Airteagal 26*
*Spriocanna maidir le hathúsáid agus athlíonadh*

1. Ón 1 Eanáir 2030, áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit go mbeidh 90 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide.

2. Maidir leis an dáileoir deiridh a chuireann pacáistíocht díolacháin le haghaidh deochanna fuara nó teo, a chuirtear i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh 'beir leat', ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, áiritheoidh sé an méud sei a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 20 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonadh a chur ar fáil;

(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 80 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonadh a chur ar fáil.

3. Áiritheoidh dáileoir deiridh atá ag déanamh a ghníomhaíochta in earnáil na n- óstán, na mbialann agus na gcaiféanna agus atá ag cur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit pacáistíocht díolacháin le haghaidh bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise, agus de ghnáth a itear díreach ón gcoimeádán, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonadh a chur ar fáil;

(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 40 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.

4. Áiritheoidh an monaróir agus an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit pacáistíocht díolacháin deochanna meisciúla i bhfoirm beorach, deochanna meisciúla carbónáitithe, deochanna coipthe nach fíonta iad, táirgí fíona cumhraithe agus fíon torthaí, táirgí de bhun deochanna biotáilleacha, fíon, nó deochanna coipthe eile measctha le deochanna, deoch shóide, ceirtlis nó sú, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil;

(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.

5. Áiritheoidh an monaróir agus an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit pacáistíocht díolacháin deochanna meisciúla i bhfoirm fíona, cé is moite d'fhíon súilíneach, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 5 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil;

(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 15 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.

6. Áiritheoidh an monaróir agus an dáileoir deiridh, a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit pacáistíocht díolacháin deochanna neamh- mheisciúla i bhfoirm uisce, uisce a bhfuil siúcra, ábhar milsiúcháin eile breise curtha leo nó uiscí blaistithe, deochanna boga, líomanáid, tae oighrithe agus deochanna den sórt sin atá díreach réidh lena n- ól, fíorshú, sú nó úrfhíon torthaí nó glasraí agus caoineoga gan bhainne agus deochanna neamh- mheisciúla ag a bhfuil geir bhainne, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil;

(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.

7. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí plaisteacha, boscaí plaisteacha infhillte, buicéad agus drumaí chun earraí a iompar nó a phacáil i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna 12 agus 13, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, beidh 30 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in- athúsáidte;

(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 90 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in- athúsáidte.

8. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair le haghaidh táirge neamhbhia a iompar agus a sheachadadh a chuirtear ar fáil ar an margadh den chéad uair trí ríomhthráchtáil, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, beidh 10 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide;

(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 50 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide;

9. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair i bhfoirm cumhdach pailéid agus strapaí um chobhsú agus chosaint táirgí a chuirtear ar phailéid agus iad á n- iompair, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, beidh 10 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide;

(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 30 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear le haghaidh iompair laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in- athúsáidte;

10. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, seachas cairtchlár, a úsáidtear lasmuigh de phacáistíocht díolacháin chun méid áirithe de tháirgí a ghrúpáil chun aonad chun stoc a choinneáil a chruthú, an méid a leanas:

(a) ón 1 Eanáir 2030, beidh 10 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide;

(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 25 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in- athúsáidte.

11. Ríomhfar spriocanna a leagtar síos i míreanna 1 go 10 do thréimhse de bhliain féilire.

12. Beidh pacáistíocht iompair a úsáideann oibreoir eacnamaíoch in- athúsáidte i gcás ina n- úsáidtear í chun táirgí a iompar:

(a) idir suíomhanna éagsúla, ina mbíonn an t- oibreoir ag ghníomhú; nó

(b) idir aon cheann de na suíomhanna ina mbíonn an t- oibreoir ag ghníomhú agus na suíomhanna d’aon fhiontar nasctha eile nó fiontar comhpháirtíochta, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361

ón gCoimisiún, mar is infheidhme an [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailéid, boscaí, seachas boscaí cairtchláir, tráidirí, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, drumaí agus ceanastair, de gach méid agus ábhair, lena n- áirítear formáidí solúbtha.

13. Oibreoirí eacnamaíocha a sheachadann táirgí d'oibreoir eacnamaíoch eile laistigh de Bhallstát céanna, ní bhainfidh siad úsáid ach amháin as pacáistíocht iompair in- athúsáidte chun críoch táirgí den sórt sin a iompar.

Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailéid, boscaí, seachas boscaí cairtchláir, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, agus drumaí, de gach méid agus ábhair, lena n- áirítear formáidí solúbtha.

14. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid chun na spriocanna i míreanna 2 go 10 a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é:

(a) go bhfuil nach mó ná 1 000 kg de phacáistíocht curtha ar an margadh acu; nó

(b) go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, mar is infheidhme ar an [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach, an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

15. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid chun na spriocanna i míreanna 2 go 6 a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 m2, lena n- áirítear freisin gach limistéar stórála agus seolta.

16. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na nithe seo a leanas a bhunú:

(a) spriocanna le haghaidh táirgí eile nach gcumhdaítear faoi mhíreanna 1 go 6 den Airteagal seo agus formáidí pacáistíochta eile seachas iad a luaitear i míreanna 7 go 10, bunaithe ar an taithí dhearfach a fuarthas ó na bearta a ghlacadh ag Ballstáit faoi Airteagal 45(2),

(b) díolúintí d'oibreoirí eacnamaíocha sa bhreis ar na cinn a liostaítear i bpointí (a) go (c) de mhír 14 den Airteagal seo,

(c) díolúintí maidir le formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin.

17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar a oiriúnaí a bheadh sé bearta a bhunú, athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo, agus spriocanna nua a shocrú maidir le hathúsáid agus athlíonadh de phacáistíocht, agus i gcás inar gá, togra reachtach a chur i láthair.

*Airteagal 27*

*Rialacha maidir le baint amach na spriocanna athúsáide agus athlíonta a ríomh*

1. Chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26(1) a léiriú, déanfaidh an t- oibreoir eacnamaíoch a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit an méid a leanas a ríomh:

   (a) líon aonaid díolachán de na fearais sin atá i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide arna gcur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire;

   (b) líon aonaid díolachán de na fearais sin atá i bpacáistíocht seachas pacáistíocht in- athúsáidte dá dtagraítear i bpointe (a) arna gcur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire.

2. Chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26(2) go (6) a léiriú, déanfaidh an dáileoir deiridh, nó an monaróir, de réir mar is iomchuí, a chuireann táirgí den sórt sin ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, ríomh ar leithligh ar na nithe a leanas:

   (a) líon aonaid díolachán de dheochanna agus bia atá i bpacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide arna gcur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire;

   (b) líon aonaid díolachán de dheochanna agus bia arna gcur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire trí athlíonadh;

   (c) líon aonaid díolachán de dheochanna agus bia arna gcur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit ar mhodhanna eile nach iad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) i mbliain féilire.

3. Chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26(7) go (10) a léiriú, déanfaidh an t- oibreoir eacnamaíoch a úsáideann pacáistíocht den sórt sin, ríomh ar leithligh ar na nithe a leanas:

   (a) líon na n- aonad coibhéiseach de gach formáid phacáistíochta a liostaítear in Airteagal 26(7) go (10) ina gcuimsítear pacáistíocht in- athúsáidte laistigh de chóras athúsáide a úsáideadh sa bhliain féilire;

   (b) líon na n- aonad coibhéiseach de gach formáid phacáistíochta a liostaítear in Airteagal 26(7) go (10), seachas na cinn a léirítear i bpointe (a), a úsáideadh sa bhliain féilire.

4. Faoin 31 Nollaig 2028, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar rialacha mionsonraithe maidir le ríomh agus modheolaíocht maidir leis na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26.

   Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

*Airteagal 28*

*Tuairisciú do na húdaráis inniúla maidir le spriocanna athúsáide agus athlíonta*

1. Tuairisceoidh na hoibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 26(1) go (10) don údarás inniúil, dá dtagraítear in Airteagal 35 den Rialachán seo, na sonraí maidir le baint amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26 do gach bliain féilire.

2. Cuirfear an tuarascáil dtagraítear i mír 1 ar fáil laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana tuairisceoireachta a bailíodh na sonraí ina leith.

3. Bainfidh an chéad thréimhse tuairiscithe leis an mbliain féilire a thosaíonn ón 1 Eanáir 2030.

4. Bunóidh na húdaráis inniúla córais leictreonacha trína dtuairisceofar sonraí dóibh agus sonróidh siad na formáidí a bheidh le húsáid.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla aon fhaisnéis bhreise a iarraidh is gá chun iontaofacht na sonraí a thuairiscítear a áirithiú.

6. Poibleoidh na Ballstáit torthaí na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1.

# Caibidil V
# Malaí siopadóireachta plaisteacha

*Airteagal 29*
*Malaí siopadóireachta plaisteacha*

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun laghdú marthanach a bhaint amach ar thomhaltas málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar a gcríoch.

   Baintear amach laghdú marthanach má tá tomhaltas bliantúil nach mó ná 40 mála siopadóireachta plaisteach éadrom in aghaidh an duine, nó an sprioc chomhionann de réir meáchain, faoin 31 Nollaig 2025, agus dá éis sin faoin 31 Nollaig gach bliain ina dhiaidh sin.

2. Féadfaidh bearta atá le glacadh ag na Ballstáit chun an sprioc a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach a bheith éagsúil ag brath ar thionchar comhshaoil na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma, nuair a dhéantar iad a tháirgeadh, a athchúrsáil nó a dhiúscairt, agus ar a n- airíonna múirínithe, a marthanacht nó an úsáid shonrach atá beartaithe dóibh. Féadfaidh a áireamh le beart den sórt sin, de mhaolú ar Airteagal 4, srianta margaidh, ar choinníoll go bhfuil siad comhréireacha agus neamh- idirdhealaitheacha.

3. Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh, amhail ionstraimí eacnamaíocha agus spriocanna náisiúnta laghdaithe, a mhéid a bhaineann le haon chineál de mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma, gan beann ar a dar tiús balla, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an gConradh.

4. Féadfaidh na Ballstáit málaí siopadóireachta plaisteacha an- éadrom, atá riachtanach chun críoch sláinteachais nó a chuirtear ar fáil mar phacáistíocht díolacháin do bhia scaoilte chun cur amú bia a chosc, a eisiamh ó na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 1.

# Caibidil VI
# Comhréireacht na pacáistíochta

*Airteagal 30*
*Modhanna tástála, tomhais, agus ríofa*

Chun críoch comhlíontachta agus chun comhlíonadh na gceanglas maidir le pacáistíocht a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus 24 den Rialachán seo a fhíorú, déanfar tástálacha,

tomhais agus ríomhanna agus modh iontaofa, cruinn agus inatáirgthe á úsáid, lena gcuirfear san áireamh na modhanna úrscothacha a bhfuil aitheantas coitianta dó, agus ar meastar gur beag neamhchinnteachta a bhaineann lena dtorthaí.

*Airteagal 31*
*Toimhde na comhréireachta*

1. Measfar go bhfuil modhanna chun tástálacha, tomhais agus ríomhanna a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 30, atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, nó codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó codanna díobh a leagtar amach san Airteagal sin.

2. Pacáistíocht atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, agus ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go mbeidh siad i gcomhréir leis na ceanglais, nó le codanna díobh, agus a chumhdaítear leis na caighdeáin a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus 24.

*Airteagal 32*
*Sonraíochtaí teicniúla coiteanna*

1. Toimhdeofar maidir le pacáistíocht a bheidh i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla coiteanna dá dtagraítear i mír 2, nó le codanna díobh, go mbeidh an phacáistíocht sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus 24 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na sonraíochtaí teicniúla coiteanna sin nó le codanna díobh.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla coiteanna a bhunú le haghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus in Airteagal 24 ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) níl aon chaighdeán comhchuibhithe ann a chumhdaíonn na ceanglais ábhartha, tá an tagairt de sin foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ní chomhlíonann an caighdeán na ceanglais is cuspóir dóibh a chomhlíonadh;

   (b) d'iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán 1025/2012, ar eagraíocht Eorpach um chaighdeánú amháin nó níos mó chun caighdeán comhchuibhithe le haghaidh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 5 go 11 agus Airte 24 a dhréachtú nó a athbhreithniú agus comhlíontar ceachtar de na coinníollacha a leanas:

      (i)níor ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis an iarraidh a seoladh chucu;

      (ii)ghlac ar a laghad ceann amháin de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leis an iarraidh a seoladh chucu; ach maidir leis na caighdeáin a iarradh:

         – ní ghlactar leo laistigh den sprioc- am a leagadh síos san iarraidh;

         – ní chomhlíonann siad an iarraidh;

         – níl siad go hiomlán i gcomhréir leis na ceanglais is cuspóir dóibh a chumhdach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

3. Nuair a fhoilsítear tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu is gá na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2, nó codanna di lena gcumhdaítear na ceanglais céanna a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 agus Airteagal 24 a aisghairm nó a leasú.

*Airteagal 33*
*Nós imeachta um measúnú comhréireachta*

Déanfar measúnú comhréireachta ar phacáistíocht maidir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 34*
*Dearbhú comhréireachta AE*

1. Luafar sa dearbhú comhréireachta AE gur léiríodh gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 5 go 11.

2. Maidir leis an dearbhú comhréireachta AE, beidh an struchtúr modúil ann a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, agus beidh na heilimintí arna sonrú sa mhodúl a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ann agus déanfar é a nuashonrú go leanúnach. Aistreofar é go dtí an teanga nó go dtí na teangacha a éilíonn an Ballstát ina ndéantar an phacáistíocht a chur ar an margadh nó a chur ar fáil ar an margadh.

3. I gcás go mbeidh pacáistíocht nó an táirge pacáistithe faoi réir breis agus aon ghníomh amháin de chuid an Aontais lena n- éilítear dearbhú comhréireachta AE, tarraingeofar dearbhú comhréireachta AE aonair suas i leith gach gnímh den sórt sin de chuid an Aontais. Luafar sa dearbhú sin na gníomhartha de chuid an Aontais lena mbaineann agus a dtagairtí foilseacháin. Féadfaidh sé a bheith i sainchomhad ina mbeidh dearbhuithe comhréireachta AE ábhartha aonair éagsúla.

4. Tríd an dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas, gabhann an monaróir freagracht air féin go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.

# Caibidil VII
# Bainistiú ar phacáistíocht agus bainistíocht ar dhramhaíl ó phacáistíocht

## ROINN 1 – Forálacha ginearálta

*Airteagal 35*
*Údarás inniúil*

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagracht as cur chun feidhme agus forfheidhmiú na n- oibleagáid a leagtar amach sa Chaibidil seo agus in Airteagal 26(1) go (10), Airteagal 27, Airteagal 28, agus Airteagal 29.

2. Leagfaidh na Ballstáit síos mionsonraí maidir le heagrúchán agus oibríocht an údaráis inniúil nó na n- údarás inniúla, lena n- áirítear na rialacha riaracháin agus na rialacha nós imeachta lena rialaítear:

(a) clárú táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal 39;

(b) eagrúchán agus na gceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 39(7) agus faireachán orthu;

(c) formhaoirseacht ar chur chun feidhme na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal 40;

(d) ag cur faisnéis ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 50.

3. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n- údarás inniúil arna n- ainmniú de bhun mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh na Ballstáit aon athruithe ar ainmneacha nó ar sheoltaí na n-údarás inniúil sin in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.

*Airteagal 36Tuarascáil Luathrabhaidh*

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, tuarascálacha a tharraingt suas maidir le dul chun cinn i leith bhaint amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagail 38 agus 46 3 bliana ar a dhéanaí roimh gach spriocdháta a leagtar síos sna hAirteagail sin.

2. Beidh an méid seo a leanas mar chuid de na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) meastachán ar bhaint amach na spriocanna ag gach Ballstát;

(b) liosta na mBallstáit ar baolach nach ndéanfaidh siad na spriocanna a bhaint amach laistigh de na spriocdhátaí faoi seach, a mbeidh moltaí iomchuí do na Ballstáit lena mbaineann ag gabháil leis;

(c) samplaí de dhea- chleachtais a úsáidtear ar fud an Aontais a d'fhéadfadh treoir a thabhairt maidir le dul chun cinn a dhéanamh ionsar bhaint amach na spriocanna.

*Airteagal 37*
*Pleananna bainistithe dramhaíola*

Cuirfidh na Ballstáit caibidil tiomnaithe maidir le bainistíocht ar phacáistíocht agus bainistíocht ar dhramhaíl ó phacáistíocht sna pleananna bainistithe dramhaíola a cheanglaítear de bhun Airteagal 28 de Threoir 2008/98/CE, lena n- áirítear bearta a ghlacadh de bhun Airteagail 38 agus 45 den Rialachán seo.

**ROINN 2 – Cosc dramhaíola**

*Airteagal 38*
*Dramhaíl ó phacáistíocht a chosc*

1. Laghdóidh gach Ballstát an dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear in aghaidh an duine de réir a chéile i gcomparáid leis an dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear in aghaidh an duine in 2018 mar a thuairiscítear don Choimisiún de réir Chinneadh 2005/270/CE,

(a) 5 % faoi 2030;

(b) 10 % faoi 2035;

(c) 15 % faoin 2040.

2. Cuirfidh na Ballstáit bearta chun feidhme arb é is aidhm dóibh giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc agus chun tionchar comhshaoil na pacáistíochta a íoslaghdú.

3. Chun críoch mhír 2, féadfaidh na Ballstáit ionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile a úsáid chun dreasachtaí a sholáthar chun ord na réiteach dramhaíola a chur chun feidhme, amhail bearta dá dtagraítear in Iarscríbhinní IV agus IVa a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, nó ionstraimí agus bearta iomchuí eile, lena n- áirítear dreasachtaí trí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus ceanglais ar thairgeoirí nó ceanglais ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí chun pleananna maidir le dramhaíl a chosc a ghlacadh. Beidh bearta den sórt sin comhréireach agus neamh- idirdhealaitheach, déanfar iad a dhearadh ionas go ndéanfar bacainní ar thrádáil nó saobhadh iomaíochta a sheachaint i gcomhréir leis an gConradh.

4. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos le mír 1. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí dar leis an gCoimisiún, togra reachtach.

5. Fad a chloíonn Ballstát leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, féadfaidh sé forálacha a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh.

## ROINN 3

## Clár na dtáirgeoirí agus freagracht leathnaithe táirgeora

*Airteagal 39*
*Clár na dtáirgeoirí*

1. Bunóidh na Ballstáit clár a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo ag táirgeoirí pacáistíochta.

   Soláthrófar leis an gclár naisc chuig suíomhanna gréasáin de chláir náisiúnta táirgeoirí eile chun clárú na dtáirgeoirí nó clárú na n- ionadaí ceaptha um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a éascú.

2. Cuirfear d’oibleagáid ar tháirgeoirí clárú leis an gclár táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, cuirfidh siad isteach iarratas ar chlárú i ngach Ballstát ina gcuireann siad pacáistíocht ar fáil ar an margadh den chéad uair. I gcás ina mbeidh eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ceaptha ag táirgeoir dá dtagraítear in Airteagal 41(1), comhlíonfaidh an eagraíocht sin na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo, mura sonraíonn an Ballstát ina mbunaítear an clár a mhalairt.

3. Féadfaidh ionadaí ceaptha don fhreagracht leathnaithe táirgeoirí na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh thar ceann an táirgeora.

4. Ní chuirfidh táirgeoirí pacáistíocht ar fáil ar mhargadh Ballstáit, mura bhfuil siad, nó, i gcás inarb infheidhme, mura bhfuil a n- ionadaí ceaptha don fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, cláraithe sa Bhallstát sin.

5. Áireofar leis an iarratas ar chlárú an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le Cuid A d’Iarscríbhinn IX. Féadfaidh Ballstáit tuilleadh faisnéise nó tuilleadh doiciméad a iarraidh má theastaíonn sé sin chun an clár a úsáid go héifeachtach.

6. I gcás ina ndéanann ionadaí ceaptha um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí ionadaíocht thar ceann breis agus táirgeoir amháin, i dteannta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 5, soláthróidh sé ainm agus sonraí teagmhála gach ceann de na táirgeoirí ionadaithe ar leithligh.

7. Tuairisceoidh an táirgeoir nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ceaptha na táirgeora um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí, don údarás inniúil atá freagrach as an gclár, faoin 1 Márta le haghaidh gach bliana féilire iomláine roimhe sin, an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IX.

8. An t- údarás inniúil atá freagrach as an gclár:

(a) glacfaidh sé iarratais chun na táirgeoirí dá dtagraítear i mír 2 a chlárú trí chóras próiseála sonraí leictreonach a gcuirfear na sonraí díobh ar fáil ar shuíomh gréasáin na n-údarás inniúil;

(b) deonóidh sé clárúcháin agus soláthróidh uimhir chláraithe laistigh de 12 sheachtain ar a mhéad ón tráth a sholáthraítear an fhaisnéis uile a leagtar síos i míreanna 5 agus 6;

(c) féadfaidh sé módúlachtaí a leagan síos i leith cheanglais agus phróiseas an chlárúcháin gan ceanglais shubstainteacha a chur isteach sa bhreis ar na cinn a leagtar síos i míreanna 5 agus 6;

(d) féadfaidh sé táillí a bheidh costas- bhunaithe agus comhréireacha a mhuirearú ar tháirgeoirí chun na hiarratais dá dtagraítear i mír 2 a phróiseáil;

(e) gheobhaidh sé an tuarascáil dá dtagraítear i mír 7 agus déanfaidh faireachán uirthi.

9. Déanfaidh an táirgeoir, nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ceaptha an táirgeora maidir leis na bearta le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí, an t- údarás inniúil a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon athrú ar an bhfaisnéis sa chlárúchán agus maidir le haon scor buan i ndáil leis an bpacáistíocht, dá dtagraítear sa chlárúchán, a chur ar fáil ar an margadh i gcríoch an Bhallstáit. Déanfar táirgeoir a eisiamh ón gclár murab ann don táirgeoir a thuilleadh.

10. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis atá i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain saor in aisce ag na soláthraithe d'ardáin ar líne, lena bhféadfaidh tomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le táirgeoirí, ar an bhfaisnéis sa chlár.

11. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an fhormáid chun clárú, agus maidir le tuarascáil a dhéanamh, sa chlár agus lena sonraítear gráinneacht na sonraí le tuairisciú agus na cineálacha pacáistíochta agus catagóirí na n- ábhar atá le cumhdach faoin dtuarascáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

### *Airteagal 40*
### *Freagracht Leathnaithe Táirgeora*

1. Beidh freagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí pacáistíochta as pacáistíocht a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, faoi na scéimeanna a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 agus Airteagal 8a de Threoir 2008/98/CE leis an Roinn seo.

2. Ceapfaidh táirgeoir, trí shainordú i scríbhinn, ionadaí ceaptha le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát faoi seach seachas sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe, áit a gcuireann an phacáistíocht ar fáil den chéad uair.

3. Soláthraithe ardáin ar líne, a thagann faoi raon feidhme Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, ardáin a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí, gheobhaidh siad an fhaisnéis a leanas ó na táirgeoirí a chuireann pacáistíocht ar fáil do thomhaltóirí atá laistigh den Aontas:

(a) faisnéis maidir le clárú na dtáirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 39 sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir agus cláruimhreacha na dtáirgeoirí atá sa chlár sin;

(b) féindeimhniúchán ón táirgeoir ina ngabhann sé air féin gan a thairiscint ach pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 agus 2 den Airteagal seo sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir suite.

*Airteagal 41*
*Eagraíocht um Fhreagracht Táirgeoirí*

1. Féadfaidh táirgeoirí a chur ar iontaoibh eagraíochta um fhreagracht táirgeoirí arna húdarú i gcomhréir le hAirteagal 42 na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar a gceann. Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh chun go mbeidh an cur ar iontaoibh eagraíochta um fhreagracht táirgeoirí sainordaitheach.

2. Más rud é, ar chríoch Ballstáit, go bhfuil eagraíochtaí iolracha um fhreagracht táirgeoirí údaraithe chun oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí, áiritheoidh an Ballstát go gcumhdóidh na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, agus iad á nglacadh le chéile, críoch iomlán an Bhallstáit a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagail 42(3), 43 agus 44. Cuirfidh na Ballstáit ar iontaoibh an údaráis inniúil nó ceapfaidh siad tríú páirtí neamhspleách chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáid na n- eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ar bhealach comhordaithe.

3. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí ina seilbh a mhéid a bhaineann le faisnéis dílseánaigh nó faisnéis is inchurtha go díreach i leith táirgeoirí aonair nó a n- ionadaithe údaraithe.

4. Le cois na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), pointe (e) de Threoir 2008/98/CE, foilseoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí an fhaisnéis seo a leanas ar a láithreáin gréasáin gach bliain ar a laghad, faoi réir rúndacht tráchtála agus thionsclaíoch, faisnéis faoin méid pacáistíocht atá curtha ar fáil ar an margadh den chéad uair i gcríoch Ballstáit agus faisnéis maidir le líon na n- ábhar athchúrsáilte agus athshlánaithe i ndáil le méid na pacáistíocht dá raibh oibleagáidí um fhreagracht táirgeoirí á dhéanamh acu.

*Airteagal 42*
*Údarú maidir le comhlíonadh na freagrachta leathnaithe táirgeora*

1. Déanfaidh táirgeoir, i gcás ina mbeidh oibleagáidí i leith freagracht leathnaithe táirgeora á gcomhlíonadh ar bhonn aonair, nó na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí arna gceapadh i gcás ina mbeidh oibleagáidí i leith freagracht leathnaithe

táirgeora á gcomhlíonadh ar bhonn comhchoiteann, iarratas ar údarú ón údarás inniúil.

2. Déanfaidh an Ballstát lena bhearta lena leagtar síos rialacha riaracháin agus nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 35, na ceanglais agus mionsonraí an nós imeachta údarúcháin a bhunú, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil maidir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora a bheith á comhlíonadh ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, agus na rialacha mionsonraithe chun comhlíonadh a fhíorú, lena n- áirítear an fhaisnéis a bheidh le cur ar fáil ag táirgeoirí nó ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí chun na críche sin. Áireofar leis an nós imeachta údarúcháin ceanglais maidir le fíorú na socruithe a chuirfear i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos i mír 3 a áirithiú, mar aon le frámaí ama don fhíorú sin, ar tréimhsí iad nach mbeidh níos faide ná dhá sheachtain déag ón dáta a gcuirfear isteach sainchomhad iarratais iomlán. Déanfaidh saineolaí neamhspleách an fíorú sin agus eiseoidh sé tuarascáil fíorúcháin ar thoradh an fhíoraithe. Beidh an saineolaí neamhspleách sin neamhspleách ón údarás inniúil agus ón eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí nó na táirgeoirí údaraithe ar bhonn aonair.

3. Aireofar leis na bearta, atá le bunú ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 2, bearta lena n- áiritheofar an méid a leanas:

(a) go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8a(3), pointí (a) go (d), de Threoir 2008/98/CE á gcomhlíonadh;

(b) gur leordhóthanach na bearta arna gcur i bhfeidhm ag an táirgeoir nó ag an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí chun dramhaíl ó phacáistíocht a thabhairt ar ais nó a bhailiú gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus (2) agus Airteagal 44, saor in aisce, le minicíocht atá comhréireach don limistéar agus don mhéid a chumhdaítear, i ndáil le méid agus cineálacha na pacáistíochta arna chur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit ag an táirgeoir sin nó ag na táirgeoirí sin a ngníomhaíonn an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí thar a gceann;

(c) chuige sin tá na socruithe riachtanach, lena n- áirítear na réamh- shocruithe, i bhfeidhm leis na dáileoirí, údaráis phoiblí nó tríú páirtithe a dhéanann bainistíocht dramhaíola thar a gceann;

(d) tá an inniúlacht is gá maidir le sórtáil agus athchúrsáil ar fáil a áirithíonn go bhfuil an dramhaíl ó phacáistíocht a bhailítear faoi réir réamh- chóireála agus athchúrsála ina dhiaidh sin;

(e) go gcomhlíontar an ceanglas a leagtar síos i mír 6;

4. Cuirfidh an táirgeoir nó na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí an t- údarás inniúil ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis san iarratas ar údarú, faoi aon athruithe a bhaineann le téarmaí an údaraithe nó faoi scor buan d'oibríochtaí.

5. Féadfaidh an t- údarás inniúil cinneadh a dhéanamh an t- údarú ábhartha a chúlghairm go háirithe mura gcomhlíonann an táirgeoir nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí a thuilleadh na ceanglais maidir le cóireáil dramhaíola ó phacáistíocht a eagrú nó má theipeann air maidir le tuairisciú don údarás inniúil nó i ndáil le fógra a thabhairt faoi aon athruithe a bhaineann le téarmaí an údaraithe, nó má scoir sé nó sí de bheith i mbun oibríochta.

6. Déanfaidh táirgeoir, i gcás oibleagáidí i leith freagracht leathnaithe táirgeora a bheith á gcomhlíonadh ar bhonn aonair, agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí arna gceapadh i gcás oibleagáidí i leith freagracht leathnaithe táirgeora a bheith á gcomhlíonadh ar bhonn comhchoiteann, ráthaíocht leordhóthanach a chur ar fáil lena mbeartaítear na costais a chumhdach a bhaineann le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola atá dlite don táirgeoir, nó don eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí, i gcás neamhchomhlíonadh na n- oibleagáidí i leith freagracht leathnaithe táirgeora, lena n- áirítear i gcás ina scoirtear go buan dá oibríochtaí nó i gcás dócmhainneachta. D'fhéadfadh an ráthaíocht sin a bheith i bhfoirm árachas athchúrsála nó cuntas bainc blocáilte, nó rannpháirteachas ag an táirgeoir san eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí. Féadfaidh na Ballstáit ceanglais bhreise a shonrú maidir leis an ráthaíocht sin.

## ROINN 4

## Tabhairt ar ais, bailiú, córais aisíoca éarlaise

*Airteagal 43*
*Córais tabhairt ar ais agus bailithe*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar córais chun foráil a dhéanamh maidir le haischur agus bailiú ar leithligh gach dramhaíola ó phacáistíocht ó na húsáideoirí deiridh chun a áirithiú go ndéanfar cóireáil uirthi i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE, agus chun ullmhú na dramhaíola i gcomhair athúsáide agus athchúrsála d'ardcháilíocht a éascú.

2. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe ar mhír 1 a cheadú ar choinníoll nach ndéanann bailiú pacáistíochta nó codán de phacáistíocht i dteannta a chéile nó i dteannta le dramhaíl eile difear d'acmhainn na pacáistíochta sin nó na gcodán sin de dhramhaíl ó phacáistíocht a ullmhú i gcomhair athúsáide, athchúrsála nó oibriúchán aisghabhála eile i gcomhréir le hAirteagal 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE agus go ngintear aschur ón oibriúchán sin atá de cháilíocht atá inchomparáide leis an aschur a ghintear trí bhailiú ar leithligh.

3. Maidir leis na córais dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh siad oscailte do rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha na n- earnálacha lena mbaineann, na n- údarás poiblí inniúil agus na dtríú páirtithe a dhéanann bainistiú dramhaíola thar a gceann;

(b) cumhdóidh siad críoch iomlán an Bhallstáit agus gach dramhaíl ó phacáistíocht ó gach cineál pacáistíochta agus gníomhaíochta, agus cuirfidh siad san áireamh méid an daonra, méid agus comhdhéanamh ionchasach na dramhaíola ó phacáistíochta, chomh maith le hinrochtaineacht agus cóngaracht d'úsáideoirí deiridh. Áireofar leo bailiú ar leithligh i spásanna poiblí, in áitribh ghnó agus limistéir chónaitheacha;

(c) beidh siad oscailte do tháirgía dhéanfar a allmhairiú faoi choinníollacha neamh- idirdhealaitheacha, maidir leis na socruithe mionsonraithe agus aon taraifí a dhéanfar a fhorchur chun rochtain a fháil ar na córais, agus déanfar iad a dhearadh ionas go ndéanfar bacainní ar thrádáil nó saobhadh iomaíochta a sheachaint i gcomhréir leis an gConradh.

4. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun athchúrsáil dramhaíl ó phacáistíocht a chur chun cinn lena gcomhlíontar na caighdeáin cháilíochta maidir le húsáid ábhar athchúrsáilte sna hearnálacha ábhartha.

5. De mhaolú ar an oibleagáid maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola i mír 3, féadfar coinníollacha áirithe dramhaíola ó phacáistíocht a bhailiú i dteannta a chéile i gcás nach mbíonn éifeacht ag an mbailiú sin ar an gcumas oibríochtaí athchúrsála a dhéanamh orthu agus go mbíonn aschur na n- oibríochtaí sin de cháilíocht atá inchomparáide leis an aschur a bhaintear amach trí bhailiú ar leithligh.

*Airteagal 44*
*Córais éarlaise agus aisíoca*

1. Faoin 1 Eanáir 2029, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbunófar córais éarlaise agus aisíoca le haghaidh:

(a) bhuidéil deochanna aon úsáide de thoilleadh suas le trí lítear; agus

(b) coimeádáin deochanna miotail aon úsáide de thoilleadh suas le trí lítear.

2. Níl feidhm ag an oibleagáid a leagtar síos i mír 1 maidir le pacáistíocht maidir leis an méid a leanas:

(a) fíon, táirgí fíona cumhraithe, agus deochanna biotáilleacha;

(b) bainne agus táirgí bainne a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 1308/2013.

3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, beidh Ballstát díolmhaithe ón oibleagáid faoi mhír 1 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil ráta bhailithe deighilte na formáide pacáistíochta faoi seach, mar a éilítear in Airteagal 43(3) agus (4) agus mar a thuairiscítear don Choimisiún faoi Airteagal 50(1) pointe (c) os cionn 90 % de réir meáchain den phacáistíocht sin a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027. I gcás nár cuireadh tuairisciú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin, cuirfidh an Ballstát údar cuí réasúnaithe ar fáil, bunaithe ar shonraí náisiúnta bailíochtaithe, agus tuairisc ar na bearta arna gcur chun feidhme, go bhfuil na coinníollacha comhlíonta don díolúine a leagtar amach sa mhír seo;

(b) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, tugann an Ballstát fógra don Choimisiún faoina iarraidh ar dhíolúine agus cuireann sé isteach plean chun feidhme ina léirítear straitéis lena ghabhann gníomhaíochtaí coincréiteacha lena n- áirítear amlíne lena ndéantar a áirithiú go mbainfear an ráta bailithe ar leithligh de 90 % de mheáchan na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1.

4. Laistigh de 3 mhí tar éis dó an plean cur chun feidhme a fháil arna thíolacadh de bhun mhír 3, pointe (b), féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sin, má mheasann sé nach gcomhlíonann an plean sin na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c) den mhír sin. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann plean athbhreithnithe a thíolacadh laistigh de 3 mhí tar éis dó an iarraidh ón gCoimisiún a fháil.

5. Má laghdaítear an ráta bailithe ar leithligh le haghaidh na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 agus má fhanann sé faoi bhun 90 % de mheáchan formáide pacáistíochta

áirithe arna cur ar an margadh ar feadh 3 bliana féilire as a chéile, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil feidhm ag an díolúine a thuilleadh. Bunófar an córas éarlaise agus aisíoca faoin 1 Eanáir sa dara bliain féilire tar éis na bliana inar thug an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil feidhm ag an díolúine a thuilleadh.

6. Féachfaidh na Ballstáit le córais éarlaise agus aisíoca a bhunú agus a chothabháil go háirithe le haghaidh buidéil ghloine deochanna aon úsáide, cartáin deochanna agus pacáistíocht in- athúsáidte. Féachfaidh na Ballstáit le háirithiú go mbeidh córais éarlaise agus aisíoca le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe le haghaidh buidéil ghloine deochanna aon úsáide, ar fáil freisin le haghaidh pacáistíocht in- athúsáidte i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.

7. Fad a chloíonn Ballstát leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, féadfaidh sé forálacha a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh.

8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ionaid fillte agus deiseanna le haghaidh pacáistíocht in- athúsáidte lena ngabhann cuspóir agus formáid cosúil leo siúd arna mbunú faoi mhír 1 chomh háisiúil d'úsáideoirí deiridh agus atá deiseanna pacáistíochta aon úsáide a thabhairt ar ais do chóras éarlaise agus aisíoca.

9. Faoin 1 Eanáir 2028, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach córas éarlaise agus aisíoca, lena n- áirítear iad siúd arna mbunú faoi mhír 5, na critéir íosta a liostaítear in Iarscríbhinn X.

## ROINN 5

## Athúsáid agus athlíonadh

*Airteagal 45*
*Athúsáid agus athlíonadh*

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun bunú córas athúsáide pacáistíochta agus bunú córas athlíonta a spreagadh ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol. Comhlíonfaidh na córais sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 24 agus 25 agus Iarscríbhinn VI den Rialachán seo agus ní chuirfidh siad isteach ar shláinteachas bia ná ar shábháilteacht tomhaltóirí.

2. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh i measc na mbeart dá dtagraítear i mír 1:

   (a) úsáid córas éarlaise agus aisíoca a chomhlíonann na híoscheanglais in Iarscríbhinn X le haghaidh pacáistíocht in- athúsáidte agus le haghaidh formáidí pacáistíochta eile seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 44(1),

   (b) úsáid dreasachtaí eacnamaíocha, lena n- áirítear ceanglais ar dháileoirí críochnaitheacha, úsáid pacáistíochta aon úsáide a mhuirearú nó tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi chostas na pacáistíochta sin ag an bpointe díola,

   (c) ceanglais ar dháileoirí críochnaitheacha céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas iad siúd a chumhdaítear le spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26, a chur ar fáil i bpacáistíocht in- athúsáidte nó trí hathlíonadh ar choinníoll nach leanfaidh saobhadh as sin ar na bacainní inmheánacha margaidh nó trádála le haghaidh táirgí ó Bhallstáit eile.

## ROINN 6

## Spriocanna athchúrsála agus athchúrsáil a chur chun cinn

*Airteagal 46*

*Spriocanna athchúrsála agus athchúrsáil a chur chun cinn*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na spriocanna athchúrsála seo a leanas a chomhlíonadh lena gcumhdaítear a gcríoch iomlán:

   (a) faoin 31 Nollaig 2025, íosmhéid 65 % de réir meáchain gach dramhaíola ó phacáistíocht a ghintear;

   (b) faoin 31 Nollaig 2025, na híoschéatadáin seo a leanas de réir meáchain de na hábhair shonracha seo a leanas i ndramhaíl ó phacáistíocht a ghintear:

   (i)50 % de phlaisteach;

   (ii)25 % d'adhmad;

   (iii)70 % de mhiotail fheiriúla;

   (iv)50 % d'alúmanam;

   (v)70 % de ghloine;

   (vi)75 % de pháipéar agus cairtchlár;

   (c) faoin 31 Nollaig 2030, méid íosta 70 % de mheáchan gach dramhaíola ó phacáistíocht a ghintear;

   (d) faoin 31 Nollaig 2030, na híoschéatadáin seo a leanas de réir meáchain de na hábhair shonracha seo a leanas i ndramhaíl ó phacáistíocht a ghintear:

   (i)55 % de phlaisteach;

   (ii)30 % d'adhmad;

   (iii)80 % de mhiotail fheiriúla;

   (iv)60 % d'alúmanam;

   (v)75 % de ghloine;

   (vi)85 % de pháipéar agus cairtchlár.

2. Gan dochar do mhír 1, pointe (a), féadfaidh Ballstát na sprioc- amanna a leagtar amach i mír 1, pointí (b)(i) go (vi), a chur siar suas le 5 bliana, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil an maolú ar na spriocanna sa tréimhse churtha siar teoranta do 15 phointe céatadáin ar a mhéad ó sprioc shingil nó arna roinnt idir dhá sprioc,

(b) mar thoradh ar an maolú ar na spriocanna sa tréimhse chur siar, nach laghdaítear an ráta athchúrsála maidir le sprioc shingil faoi bhun 30 %,

(c) mar thoradh ar an maolú ar na spriocanna sa tréimhse churtha siar, nach laghdaítear an ráta athchúrsála maidir le sprioc shingil dá dtagraítear i mír 1, pointí (b)(v) nó (vi) de mhír 1 faoi bhun 60 %, agus

(d) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo, go dtugann an Ballstát fógra don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe

aige an spriocdháta a chur siar agus go ndéanann sé plean chur chun feidhme a thíolacadh don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo, a fhéadfar a chomhcheangal le plean chur chun feidhme arna chur isteach de bhun Airteagal 11(3), pointe (b) de Threoir 2008/98/CE.

3. Laistigh de 3 mhí tar éis dó an plean cur chun feidhme arna thíolacadh de bhun mhír 2, pointe (d) a fháil, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sin má mheasann an Coimisiún nach gcomhlíonann an plean sin na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XI. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann plean athbhreithnithe a thíolacadh laistigh de 3 mhí tar éis dó an iarraidh ón gCoimisiún a fháil.

4. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos i mír 1, pointí (c) agus (d), d'fhonn iad a mhéadú nó spriocanna breise a leagan amach. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí dar leis an gCoimisiún, togra reachtach.

5. I gcás inarb iomchuí, spreagfaidh na Ballstáit úsáid ábhar a fhaightear ó dhramhaíl athchúrsáilte ó phacáistíocht chun pacáistíocht agus táirgí eile a mhonarú tríd an méid a leanas:

(a) dálaí an mhargaidh a fheabhsú le haghaidh ábhar den sórt sin;

(b) athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha reatha lena gcoisctear úsáid na n- ábhar sin.

6. Fad a chloíonn Ballstát leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, féadfaidh sé forálacha a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh.

*Airteagal 47*
*Rialacha maidir le baint amach na spriocanna athchúrsála a ríomh*

1. Déanfar an ríomh maidir le baint amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 46(1) i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht atá ginte i mbliain féilire ar leith a ríomh. Ní mór ríomh uileghabhálach a dhéanamh ar an dramhaíl ó phacáistíocht i mBallstát.

3. Déanfaidh na Ballstáit meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht atá ginte agus athchúrsáilte i mbliain féilire ar leith a ríomh. Déanfar meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht atá athchúrsáilte a ríomh mar mheáchan na pacáistíochta atá éirithe chun bheith ina dramhaíl agus, tar éis í a chur faoin tseiceáil, faoin tsórtáil agus faoi na réamhoibríochtaí eile a bhfuil gá leo chun ábhair dhramhaíola nach ndírítear orthu leis an athphróiseáil iartheachtach a bhaint aisti agus chun athchúrsáil ar ardchaighdeán a áirithiú, go dtéann sí isteach san oibríocht athchúrsála ar dá réir a dhéantar ábhair dhramhaíola a athphróiseáil go hiarbhír ina dtáirgí, ina n- ábhair nó ina substaintí.

4. Maidir le pacáistíocht ilchodach agus pacáistíocht eile atá comhdhéanta de níos mó ná ábhar amháin déanfar ríomh agus tuairisciú in aghaidh an ábhair atá sa phacáistíocht. Féadfaidh Ballstáit maolú ón gceanglas seo i gcás ina bhfuil ábhar

áirithe ina chuid neamhshuntasach den aonad pacáistíochta, agus nach mó ná 5 % den aonad pacáistíochta é in aon chás.

5. Ní dhéanfar dramhaíl ó phacáistíocht arna honnmhairiú amach as an Aontas a ríomh ag an mBallstát inar bailíodh í ach amháin, más amhlaidh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1013/2006, gur féidir leis an onnmhaireoir a chruthú go gcomhlíonann seoladh na dramhaíola ceanglais an Rialacháin seo agus go ndearnadh athchúrsáil na dramhaíola ó phacáistíocht lasmuigh den Aontas faoi dhálaí atá nach mór comhionann leo siúd a fhorordaítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

6. Chun críocha mhír 3, déanfar meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht atá athchúrsáilte a thomhas nuair a rachaidh an dramhaíl isteach san oibríocht athchúrsála.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den Airteagal seo, féadfar meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht atá athchúrsáilte a thomhas ag aschur aon oibríochta sórtála ar choinníoll:

(a) go ndéanfar dramhaíl aschuir den sórt sin a athchúrsáil ina dhiaidh sin;

(b) nach ndéanfar meáchan na n- ábhar nó na substaintí a bhaintear aisti trí oibríochtaí breise roimh an oibríocht athchúrsála, agus nach ndéanfar a athchúrsáil ina dhiaidh sin, a áireamh i meáchan na dramhaíola a dhéanfar a thuairisciú mar dhramhaíl athchúrsáilte.

7. Bunóidh na Ballstáit córas éifeachtach rialaithe cáilíochta agus inrianaitheachta maidir leis an dramhaíl ó phacáistíocht chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 agus go 7. Féadfaidh an córas sin a bheith comhdhéanta de chláir leictreonacha arna mbunú de bhun Airteagal 35(4) de Threoir 2008/98/CE nó sonraíochtaí teicniúla maidir le ceanglais cháilíochta na dramhaíola sórtáilte. Féadfaidh sé bheith comhdhéanta freisin de mheánrátaí caillteanais le haghaidh dramhaíl shórtáilte maidir le cineálacha éagsúla dramhaíola agus cleachtas bainistíochta dramhaíola faoi seach, ar choinníoll nach féidir sonraí iontaofa a fháil ar dhóigh eile. Déanfar na meánrátaí caillteanais a ríomh ar bhonn na rialacha ríofa arna mbunú sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 11a(10) de Threoir 2008/98/CE.

8. I gcás ina gcuirtear ríomh an ráta athchúrsála i bhfeidhm maidir le cóireáil aeróbach nó anaeróbach dramhaíola in-bhithmhillte ó phacáistíocht, féadfar an méid dramhaíola a théann isteach sa chóireáil aeróbach nó anaeróbach a áireamh mar dhramhaíl athchúrsáilte ar choinníoll go ngineann an chóireáil sin aschur atá le húsáid mar tháirge athchúrsáilte, mar ábhar athchúrsáilte nó mar shubstaint athchúrsáilte. I gcás ina mbainfear úsáid as an aschur ar thalamh, ní fhéadfaidh na Ballstáit é a áireamh mar ní athchúrsáilte ach amháin más rud é gur ann do thairbhí don talmhaíocht mar thoradh ar an úsáid sin nó má thagann feabhas éiceolaíoch as an úsáid sin.

9. Más rud é nach dramhaíl a thuilleadh iad na hábhair dhramhaíola ó phacáistíocht de thoradh ar oibríocht ullmhúcháin sula ndéantar iad a athphróiseáil, féadfar na hábhair sin a áireamh mar ábhar athchúrsáilte ar choinníoll go bhfuil na hábhair sin beartaithe lena n- athphróiseáil ina dtáirgí, ina n- ábhair nó ina substaintí ina dhiaidh sin, bíodh sé sin chun na gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Ní áireofar mar ábhair athchúrsáilte, áfach, ábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad atá le húsáid mar bhreoslaí nó trí mhodhanna eile chun fuinneamh a ghiniúint, nó atá le loscadh, le haislíonadh nó le cur i líonadh talún.

10. Féadfaidh Ballstáit athchúrsáil miotal a scartar tar éis loscadh na dramhaíola a chur san áireamh i gcomhréir leis an sciar den dramhaíl ó phacáistíocht a loisctear ar choinníoll go gcomhlíonann na miotail athchúrsáilte critéir cháilíochta áirithe a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1004 ón gCoimisiún.

11. Maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a sheoltar chuig Ballstát eile chun críoch athchúrsála sa Bhallstát eile sin, ní fhéadfar í a áireamh mar athchúrsáilte ach ag an mBallstát inar bailíodh an dramhaíl sin ó phacáistíocht.

12. Ní dhéanfar dramhaíl ó phacáistíocht arna honnmhairiú ón Aontas a ríomh mar athchúrsáilte ag an mBallstát inar bailíodh í ach amháin, má chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 3 agus más amhlaidh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1013/2006, gur féidir leis an onnmhaireoir a chruthú go gcomhlíonann seoladh na dramhaíola ceanglais an Rialacháin sin agus go ndearnadh athchúrsáil na dramhaíola ó phacáistíocht lasmuigh den Aontas faoi dhálaí atá nach mór comhionann leo siúd a fhorordaítear le dlí comhshaoil an Aontais is ábhartha.

*Airteagal 48*

*Rialacha maidir le baint amach na spriocanna athchúrsála a ríomh trí hathúsáid a áireamh*

1. Féadfaidh Ballstát a chinneadh leibhéal coigeartaithe a bhaint amach maidir leis na spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 46(1) i leith bliain ar leith trí aird a tabhairt ar mheánsciar na pacáistíochta díolacháin in- athúsáidte, i rith na 3 bliana roimhe sin, a cuireadh ar an margadh den chéad uair agus a athúsáideadh mar chuid de chóras le haghaidh pacáistíocht a athúsáid.

   Déanfar an leibhéal coigeartaithe a ríomh tríd an méid a leanas a dhealú:

   (a) as na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 46(1), pointí (a) agus (c), an sciar den phacáistíocht díolacháin in- athúsáidte dá dtagraítear sa chéad fhomhír i ngach pacáistíocht díolacháin a chuirtear ar an margadh, agus

   (b) as na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 46(1), pointí (b) agus (d), an sciar den phacáistíocht díolacháin in- athúsáidte dá dtagraítear sa chéad fhomhír, atá comhdhéanta den ábhar pacáistíochta faoi seach, i ngach pacáistíocht díolacháin atá comhdhéanta den ábhar sin a chuirtear ar an margadh.

   Tógfar cúig phointe céatadáin ar a mhéid den mheánsciar de phacáistíocht díolacháin in- athúsáidte san áireamh chun leibhéal coigeartaithe na spriocanna faoi seach a ríomh.

2. Féadfaidh Ballstát méideanna na pacáistíochta adhmaid a dheisítear lena n-athúsáid a chur san áireamh agus na spriocanna á ríomh a leagtar síos in Airteagal 46(1), pointe (a), Airteagal 46(1), pointe (b)(ii), Airteagal 46(1), pointe (c), agus Airteagal 46(1), pointe (d)(ii).

## ROINN 7

## Faisnéis agus tuairisciú

*Airteagal 49*

*Faisnéis maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a chosc agus a bhainistiú*

1. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8a(2) de Threoir 2008/98/CE agus in Airteagal 11 den Rialachán seo, cuirfidh táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 41(1), eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, an fhaisnéis

seo a leanas ar fáil d'úsáideoirí deiridh, do thomhaltóirí ach go háirithe, maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a chosc agus a bhainistiú i ndáil leis an bpacáistíocht a sholáthraíonn na táirgeoirí laistigh de chríoch Ballstáit:

(a) ról úsáideoirí deiridh chun dhramhaíl a chosc, lena n- áirítear aon dea- chleachtas;

(b) socruithe athúsáide atá ar fáil le haghaidh pacáistíochta;

(c) ról úsáideoirí deiridh chun cur le bailiú ar leithligh ábhar dramhaíola ó phacáistíocht, lena n- áirítear pacáistíocht a láimhseáil ina bhfuil táirgí nó dramhaíl ghuaiseach;

(d) ciall na lipéad agus na siombailí a ghreamaítear, a mharcáiltear nó a phriontáiltear ar phacáistíocht i gcomhréir le hAirteagal 11 nó atá sna doiciméid a ghabhann leis an táirge pacáistithe;

(e) an tionchar a bhíonn ag diúscairt mhí- iomchuí dramhaíola ó phacáistíocht, amhail caitheamh bruscair nó diúscairt i ndramhaíl mheasctha chathrach, agus drochthionchar na pacáistíochta aon úsáide ar an gcomhshaol, málaí siopadóireachta plaisteacha go háirithe;

(f) na hairíonna múirínithe agus na roghanna iomchuí um bainistíocht dramhaíola maidir le pacáistíocht inmhúirínithe.

2. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 cothrom le dáta agus déanfar í a sholáthar trí bhíthin:

(a) suíomh gréasáin nó modh eile cumarsáide leictreonaí;

(b) faisnéis phoiblí;

(c) cláir agus feachtais oideachais;

(d) comharthaíocht i dteanga, nó i dteangacha is éasca d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí a thuiscint.

3. I gcás ina soláthrófar faisnéis go poiblí, caomhnófar an rúndacht maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus an dlí náisiúnta ábhartha.

*Airteagal 50*
*Tuairisciú chuig an gCoimisiún*

1. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na sonraí seo a leanas don Choimisiún do gach bliain féilire:

(a) sonraí maidir le hAirteagal 46(1), pointí (a) go (d) a chur chun feidhme, agus maidir le pacáistíocht in- athúsáidte,

(b) tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom, málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus málaí siopadóireachta plaisteacha tiubha in aghaidh an duine, ar leithligh le haghaidh gach catagóire;

(c) an ráta bailiúcháin ar leithligh do phacáistíocht a chumhdaítear leis an oibleagáid córais éarlaise agus aisíoca a chur ar bun a leagtar amach in Airteagal 44(1),

Féadfaidh na Ballstáit sonraí a sholáthar maidir le tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha an- tiubh in aghaidh an duine.

2. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na sonraí seo a leanas maidir le gach ábhar agus cineál pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn IX do gach bliain féilire:

(a) na méideanna pacáistíochta a chuirtear ar an margadh le haghaidh gach cineáil agus ábhair pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn IX;

(b) na méideanna dramhaíola ó phacáistíocht a bhailítear ar leithligh le haghaidh gach ábhair pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla 1 in Iarscríbhinn IX;

(c) na rátaí athchúrsála;

(d) acmhainneachtaí suiteáilte le haghaidh sórtála agus athchúrsála maidir le gach cineál agus ábhar pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1d'Iarscríbhinn II.

3. Bainfidh an chéad tréimhse tuairiscithe leis an méid a leanas:

(a) i ndáil le hoibleagáidí a leagtar síos i mír 1, pointí a agus b, agus mír 2, an chéad bhliain féilire iomlán tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme a bhunaíonn an fhormáid maidir le tuairisciú don Choimisiún, i gcomhréir le mír 7;

(b) i ndáil leis an oibleagáid a leagtar síos i mír 1, pointe c, an bhliain féilire a thosaíonn ón 1 Eanáir 2028.

4. Cuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ar fáil go leictreonach laistigh de 19 mí tar éis dheireadh na bliana tuairisceoireachta ar bailíodh na sonraí ina leith. Tabharfaidh siad tuairisc go leictreonach ar na sonraí laistigh de 19 mí ó dheireadh na bliana tuairiscithe ar mbaileofar na sonraí ina leith san fhormáid arna leagan síos ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 7.

5. Beidh tuarascáil seiceála cáilíochta in éineacht leis na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar an tuarascáil sin maidir le seiceáil ar cháilíocht a chur i láthair san fhormáid arna bunú ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 7.

6. Beidh tuarascáil ar na bearta a rinneadh de bhun Airteagal 47(5) agus (8), lena n- áirítear faisnéis mhionsonraithe ar na meánrátaí caillteanais i gcás inarb infheidhme, ag gabháil leis na sonraí a dhéanfaidh na Ballstáit a thuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

7. Glacfaidh an Coimisiún faoi [Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear:

(a) rialacha maidir le sonraí a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú i gcomhréir le mír 1, pointí (a) agus (c), agus 2, lena n- áirítear an mhodheolaíocht lena gcinntear dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear, agus formáid an tuairiscithe;

(b) an mhodheolaíocht lena ríomhfar tomhaltas bliantúil na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma in aghaidh an duine dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus formáid a dtuairiscithe;

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

8. Ceanglóidh na Ballstáit ar gach oibreoir eacnamaíoch a chuireann pacáistíocht ar fáil sna Ballstáit sonraí cruinne agus iontaofa a sholáthar do na húdaráis inniúla a ligeann do na Ballstáit a n- oibleagáid tuairiscithe faoin Airteagal seo a chomhlíonadh, agus i

gcás inarb ábhartha, na fadhbanna roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide maidir le soláthar sonraí cruinne á gcur san áireamh.

*Airteagal 51*
*Bunachair sonraí maidir le pacáistíocht*

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear bunachair sonraí ar bun maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, i gcás nach bhfuil na bearta siúd ar bun cheana, ar bhonn comhchuibhithe.

2. Áireofar an méid seo a leanas sna bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1:

(a) faisnéis faoi mhéid, saintréithe agus forbairt na sreafaí pacáistíochta agus dramhaíola ó phacáistíocht ar leibhéal na mBallstát aonair;

(b) faisnéis faoi thocsaineacht nó contúirt na n- ábhar pacáistíochta agus na gcomhpháirteanna a úsáidtear lena monarú;

(c) na sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn XII.

# Caibidil VIII
# Nósanna imeachta cosanta

*Airteagal 52*
*Nós imeachta chun déileáil le pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi ar an leibhéal náisiúnta*

1. Gan dochar d'Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údaráis um fhaireachas margaidh Ballstáit amháin chun a chreidiúint go mbaineann riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine le pacáistíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an bpacáistíocht lena mbaineann lena gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh.

I gcás ina bhfaigheann na húdaráis um fhaireachas margaidh amach le linn na meastóireachta sin nach gcomhlíonann an phacáistíocht na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh siad, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forchur ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus atá in-chomhthomhaiste le cineál agus, i gcás inarb ábhartha, le leibhéal an neamhchomhlíonta, chun go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht na ceanglais sin.

2. De mhaolú ó mhír 1, i gcás ina bhfuil riosca ann do shláinte an duine i ndáil le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de atá faoi réir reachtaíocht shonrach atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint, ní dhéanfaidh na húdaráis faireacháin measúnú ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe de thionscnamh an ábhair pacáistíochta, má aistrítear é ón ábhar pacáistithe chuig an ábhar pacáistíochta, ach cuirfidh siad fios ar na húdaráis atá inniúil maidir leis na rioscaí sin a rialú. Is éard a bheidh sna húdaráis sin na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6.

3. I gcás ina measann na húdaráis um fhaireachas margaidh nach bhfuil an neamhchomhlíonadh srianta dá gcríoch náisiúnta, cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta agus faoi na gníomhaíochtaí a d’éiligh siad ar an oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh.

4. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go nglacfar gach beart ceartaitheach iomchuí i dtaca leis an bpacáistíocht uile lena mbaineann a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais.

5. I gcás nach nglacfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha bearta ceartaitheacha leormhaithe laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, nó má leanann an neamhchomhlíonadh ar aghaidh, glacfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach is iomchuí chun an phacáistíocht a thoirmeasc nó a shrianadh óna bheith ar fáil ar a margadh náisiúnta, d’fhonn an phacáistíocht a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm.

Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas, gan mhoill, maidir leis na bearta sin.

6. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus cuimseofar inti na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an phacáistíocht neamhchomhlíontach, ionad tionscnaimh an táirge, cineál an neamhchomhlíonta atá líomhnaithe agus an neamhchomhlíonadh a bhaineann léi, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh agus na hargóintí a léirigh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha a shainaithint agus, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 54(1). Tabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios más ceann acu seo a leanas is cúis leis an neamhchomhlíonadh:

(a) nach gcomhlíonann an phacáistíocht na ceanglais inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagal 5 go 10 den Rialachán seo;

(b) easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe nó sna sonraíochtaí comhchoiteanna dá dtagraítear in Airteagail 31 agus 32 den Rialachán seo.

7. Déanfaidh na Ballstáit eile nach an Ballstát a chuir tús leis an nós imeachta iad an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon bhearta a glacadh agus maidir le haon fhaisnéis bhreise a mbeidh fáil acu uirthi a bhaineann le neamhchomhlíonadh na pacáistíochta lena mbaineann, agus, i gcás easaontais leis an mbeart náisiúnta a rinneadh, maidir lena n- agóidí.

8. Más rud é, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 a fháil, nach bhfuil aon agóid maidir le beart sealadach a ghlac Ballstát déanta ag Ballstát nó ag an gCoimisiún, measfar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart sin.

Féadfar foráil a dhéanamh le bearta sealadacha maidir le tréimhse níos faide nó níos giorra ná 3 mhí chun sainiúlachtaí na dtáirgí nó na gceanglas lena mbaineann a chur san áireamh.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an phacáistíocht a tharraingt siar óna margadh nó go nglacfar bearta sriantacha iomchuí eile gan mhoill i leith na pacáistíochta nó an mhonaróra lena mbaineann.

*Airteagal 53*
*Nós imeachta coimirce an Aontais*

1. Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 52(3) agus (4) a chur i gcrích, go ndéantar agóidí in aghaidh beart arna ghlacadh ag Ballstát, nó i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme cé acu an bhfuil nó nach bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta.

   Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

2. Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé é in iúl dóibh gan mhoill agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

   Má mheastar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta, glacfaidh na Ballstáit eile na bearta is gá lena áirithiú go dtarraingítear an phacáistíocht neamhchomhlíontach siar óna margadh, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

   Má mheastar nach bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta, tarraingeoidh an Ballstát lena mbaineann siar an beart sin.

3. I gcás ina meastar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta agus go gceanglaítear neamhchomhlíonadh na pacáistíochta le heasnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán seo, cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i bhfeidhm.

4. I gcás ina meastar go bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta agus ina ndéanfar neamhchomhlíonadh na pacáistíochta a chur i leith easnaimh sna sonraíochtaí teicniúla coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 32, déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, na sonraíochtaí teicniúla coiteanna lena mbaineann a ghlacadh, a leasú nó a aisghairm.

*Airteagal 54*
*Pacáistíocht chomhlíontach lena mbaineann riosca*

1. Más rud é, tar éis meastóireacht arna déanamh faoi Airteagal 52, go bhfaighidh Ballstát amach, cé go gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, go mbaineann riosca léi don chomhshaol nó do shláinte an duine, cuirfidh sé de cheangal, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forordú ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar cóimhéid le cineál an riosca, chun a áirithiú nach mbainfidh an riosca sin leis an bpacáistíocht lena mbaineann a thuilleadh nuair chuirtear í ar an margadh, chun an phacáistíocht a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm.

2. De mhaolú ó mhír 1, i gcás faoi riosca do shláinte an duine i ndáil le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de atá faoi réir reachtaíocht shonrach atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint, ní dhéanfaidh na húdaráis faireacháin measúnú ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe de thionscnamh an ábhair phacáistíochta,

má aistrítear í ón ábhar pacáistithe chuig an ábhar pacáistíochta, ach cuirfidh siad fios ar na húdaráis atá inniúil maidir leis na rioscaí sin a rialú. Is éard a bheidh sna húdaráis sin na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar bearta ceartaitheacha maidir leis an bpacáistíocht uile lena mbaineann atá curtha ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais ag an oibreoir eacnamaíoch.

4. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach maidir lena chuid torthaí agus na gníomhartha a rinneadh ina ndiaidh sin de bhun mhír 1. Áireofar san fhaisnéis sin na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun go sainaithneofaí an phacáistíocht lena mbaineann, tionscnamh agus slabhra soláthair na pacáistíochta, an cineál riosca a bhaineann léi agus cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh.

5. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar na bearta náisiúnta a rinneadh. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, cinnfidh an Coimisiún cé acu atá údar maith leis an mbeart náisiúnta nó nach bhfuil, agus i gcás inar gá, molfaidh sé bearta iomchuí.

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).

Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar iomchuí leo a bhaineann leis an gcomhshaol nó sláinte an duine a chosaint, déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58(4).

Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé é in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

*Airteagal 55*
*Rialuithe ar phacáistíocht atá ag teacht isteach chuig an Aontas*

1. Cuirfidh údaráis um fhaireachas margaidh in iúl gan mhoill do na húdaráis a ainmnítear de bhun Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 na bearta dá dtagraítear in Airteagal 52(4) den Rialachán seo i gcás nach bhfuil an neamhchomhlíonadh teoranta dá gcríoch náisiúnta féin. Cuirfear san áireamh sa teachtaireacht sin an fhaisnéis ábhartha uile, go háirithe na sonraí is gá chun an phacáistíocht neamhchomhlíontach a shainaithint a bhfuil feidhm ag na bearta ina leith, agus, i gcás táirge pacáistithe, an táirge féin.

2. Cuirfear in iúl an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 tríd an bhfaisnéis a chur isteach sa timpeallacht iomchuí um bainistíocht riosca custaim.

3. Déanfaidh an Coimisiún idirnasc a fhorbairt chun an chumarsáid dá dtagraítear i mír 1 ón gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 52(5) chuig an timpeallacht dá dtagraítear i mír 3 a uathoibriú. Tosóidh an t- idirnasc sin ag feidhmiú tráth nach déanaí ná 2 bhliain ón dáta a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme ábhartha dá dtagraítear i mír 5.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na rialacha nós imeachta agus mionsonraí na socruithe le haghaidh mhír 4, lena n- áirítear na feidhmiúlachtaí, na heiliminti sonraí agus próiseáil sonraí, chomh maith leis na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rúndacht agus an rialú i gcás an idirnaisc dá dtagraítear i mír 4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin de bhun Airteagal 59(3).

*Airteagal 56*
*Neamhchomhlíonadh foirmiúil*

1. I gcás ina ndéanann údarás um fhaireachas margaidh i mBallstát aon cheann de na cinntí seo a leanas, éileoidh sé ar an oibreoir ábhartha deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh lena mbaineann:

(a) níor tarraingíodh suas an dearbhú comhréireachta AE

(b) níor tarraingíodh suas i gceart an dearbhú comhréireachta AE;

(c) ní thugtar, leis an gcód QR ná an t- iompróir sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11 an rochtain ar an bhfaisnéis a éilítear i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(d) níl an doiciméadacht theicniúil ar fáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, níl sí iomlán nó tá earráidí inti;

(e) maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13(6) nó in Airteagal 16(3), níl sí ann, nó tá sí bréagach nó neamhiomlán;

(f) níor comhlíonadh aon cheanglas riaracháin eile a leagtar amach in Airteagail 13 nó 16;

(g) níor comhlíonadh na ceanglais maidir le srianta ar úsáid fhormáid áirithe pacáistíochta agus ar phacáistíocht iomarcach a leagtar amach in Airteagal 21 agus 22;

(h) i ndáil le pacáistíocht in- athúsáidte, ní chomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 24 maidir le córas athúsáide a bhunú, a oibriú agus páirt a ghlacadh ann;

(i) i ndáil le hathlíonadh, n chomhlíontar na ceanglais faisnéise a leagtar amach in Airteagal 25(1) agus (2);

(j) ní chomhlíontar na ceanglais maidir leis na stáisiúin athlíonta a leagtar amach in Airteagal 25(3);

(k) ní chomhlíontar na spriocanna athúsáide agus athlíonta in Airteagal 26.

2. I gcás ina leantar den neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) go (f), déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann gach beart iomchuí chun an phacáistíocht a chosc óna chur ar an margadh nó lena áirithiú go ndéantar í a aisghairm nó a tharraingt siar ón margadh.

3. I gcás ina leantar den neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 1, pointe (g) go (k), déanfaidh na Ballstáit na rialacha a chur i bhfeidhm maidir le pionóis a bhaineann le sáruithe ar an Rialachán seo a leagann na Ballstáit síos i gcomhréir le hAirteagal 62.

# Caibidil IX
# Soláthar poiblí glas

*Airteagal 57*
*Soláthar poiblí glas*

1. I gcás údaráis chonarthacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE nó in Airteagal 3(1) de Threoir 2014/25/AE, agus eintitis chonarthacha, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2014/25/AE, nuair a dhámhfaidh siad aon chonarthaí poiblí le haghaidh pacáistíochta nó táirgí pacáistithe i gcásanna atá cumhdaithe ag na Treoracha sin, cuirfidh siad na critéir maidir le soláthar poiblí glas i bhfeidhm atá le forbairt i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun mhír 3.

2. Beidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach i mír 1 maidir le haon nós imeachta soláthair ag údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha chun conarthaí poiblí a dhámhachtain le haghaidh pacáistíochta nó táirgí pacáistithe nó le haghaidh seirbhísí ina n-úsáidtear pacáistíocht nó táirgí pacáistithe, a dhéantar a thosú 12 mhí nó níos déanaí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe faoi seach atá le glacadh de bhun mhír 3.

3. Glacfaidh an Coimisiún faoi [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin*], gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 58 lena bhforlíonfar an Rialachán seo trí íoschritéir shainordaitheacha maidir le soláthar poiblí glas a bhunú bunaithe ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 agus ar heilimintí seo a leanas:

   (a) luach agus méid na gconarthaí poiblí arna ndámhadh le haghaidh pacáistíochta nó táirgí pacáistithe nó le haghaidh na seirbhísí nó na n- oibreacha ina n-úsáidtear pacáistíocht nó táirgí pacáistithe;

   (b) an gá le héileamh leordhóthanach a áirithiú maidir le pacáistíocht nó táirgí pacáistithe atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de;

   (c) féidearthacht eacnamaíoch na n-údarás conarthach nó na n-eintiteas conarthach pacáistíocht nó táirgí pacáistithe níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a cheannach, gan costais dhíréireacha a bheith i gceist.

   Forbrófar na critéir sin maidir le soláthar glas i gcomhréir leis na prionsabail i dTreoir 2014/24/AE agus i dTreoir 2014/25/AE agus leis an bprionsabal go n- éascaítear baint amach chuspóirí an Rialacháin seo leis an bpacáistíocht atá le roghnú ar bhonn na gcritéar sin.

# Caibidil X
# Cumhachtaí tarmligthe agus nós imeachta coiste

*Airteagal 58*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), Airteagal 7(9), Airteagal 7(10),

Airteagal 7(11), Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16) agus Airteagal 57(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), Airteagal 7(9), Airteagal 7(10), Airteagal 7(11), Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16) agus Airteagal 57(3) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi sin.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), Airteagal 7(9), Airteagal 7(10), Airteagal 7(11), Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16) agus Airteagal 57(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 59*
*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 39 de Threoir 2008/98/CE cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh i dtaobh na gcumhachtaí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 72, agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

## Caibidil XI
## Leasuithe

*Airteagal 60*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1020*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 mar a leanas:

(a) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(i)scriostar pointe 9;

(ii)cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘X [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile* ] Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol (IO L 155, 12.6.2019, lch. 1);
‘X [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile* ] Rialachán (AE)…/… maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE [*is faoi Oifig na bhFoilseachán atá sé na sonraí foilseacháin san Iris Oifigiúil a líonadh isteach*].

(b)in Iarscríbhinn II, scriostar pointe 8.

*Airteagal 61*
*Leasuithe ar Threoir (AE) 2019/904*

Leasaítear Treoir (AE) 2019/904 mar a leanas:

(a) in Airteagal 6(5), scriostar pointe (b);

(b) in Airteagal 13(1), scriostar pointe (e);

(c) Cuirtear in ionad Airteagal 13(3) ‘3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na sonraí agus an fhaisnéis arna dtuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo agus foilseoidh sé tuarascáil ar thorthaí a athbhreithnithe. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar eagrú bhailiú na sonraí agus na faisnéise, foinsí na sonraí agus na faisnéise agus an mhodheolaíocht a úsáidtear sna Ballstáit mar aon le hiomláine, iontaofacht, tráthúlacht agus comhsheasmhacht na sonraí agus na faisnéise sin. Féadfaidh moltaí sonracha le haghaidh feabhais a bheith sa mheasúnú. Déanfar an tuarascáil a tharraingt suas tar éis do na Ballstáit na sonraí a thuairisciú ar dtús agus gach 4 bliana dá éis sin.’

# Caibidil XII
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 62*
*Pionóis*

1. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Mura gcomhlíontar ceanglais Airteagail 21 go 26 gearrfar smachtbhanna trí fhíneáil riaracháin a fhorchur ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha.

2. I gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí an Bhallstáit maidir le gearradh fíneálacha riaracháin, féadfar an chéad mhír a chur i bhfeidhm sa chaoi go ndéanfaidh an t-údarás inniúil an nós imeachta fíneála a thionscnamh agus go ndéanfaidh na cúirteanna náisiúnta inniúla é a ghearradh, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na fíneálacha riaracháin dá dtagraítear sa mhír sin. In aon chás, beidh na fíneálacha a ghearrfar éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach freisin.

3. Déanfaidh na Ballstáit faoin [*Oifig na bhFoilseachán  cuir isteach an dáta = 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha sin agus faoi na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéantar difear dóibh.

*Airteagal 63*
*Meastóireacht*

Faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = [8 mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a mhéid a chuir sé le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

*Airteagal 64*
*Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha*

Aisghairtear Treoir 94/62/CE le héifeacht ó [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin*seo].

Mar sin féin, beidh feidhm ag na forálacha idirthréimhseacha seo a leanas:

(a) Beidh feidhm ag Airteagal 8(2) de Threoir 94/62/CE go dtí [Oifig na bhFoilseachán: [Cuir isteach dáta = 42 mhí tar éis  dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].];

(b) Beidh feidhm fós ag Airteagal 5(2) agus (3), Airteagal 6(1), pointí (d) agus (e), agus Airteagal 6a de Threoir 94/62/CE go dtí [*Oifig na*

*bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den bhliain féilire i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin* seo];

(c) Beidh feidhm fós ag Airteagail 12(3a) (3b), (3c) agus (4) de Threoir 94/62/CE go dtí [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den bhliain féilire i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ach amháin a mhéid a bhaineann le tarchur sonraí chuig an gCoimisiún, a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige go dtí [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = an lá deireanach den bhliain féilire i ndiaidh 54 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn XIII.

*Airteagal 65*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin*seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n- aisghairtear Treoir 94/62/CE |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| 03 – An Margadh Aonair<br>09 – An Comhshaol & An tAthrú Aeráide |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

☒ **síneadh ar bheart atá ann faoi láthair**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é is cuspóir ginearálta don togra reachtach tionchair dhiúltacha na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol a laghdú agus feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, rud a threiseoidh le gnóthachain ó thaobh éifeachtúlachta de san earnáil. Is é is aidhm dó luachshlabhra athléimneach a chruthú, ag tosú le dearadh na pacáistíochta go hathúsáid nó ath- chomhtháthú i dtáirgí ardchaighdeáin, agus ar an gcaoi sin poist nuálacha 'ghlasa' a chruthú i dtionscal pacáistithe ísealcharbóin. |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

| |
|---|
| 1. Giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú;<br>2. Geilleagar ciorclach a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtach;<br>3. Glacadh le hábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a chur chun cinn. |

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

| |
|---|
| Le samhaltú rogha na tosaíochta le haghaidh 2030, tugtar le fios laghdú ar ghiniúint dramhaíola, laghdú ar GCT, agus seachaint seachtrachtaí comhshaoil. |

[1] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Baintear amach coigiltis eacnamaíocha ar an iomlán trí chostais bainistithe dramhaíola agus ídiú pacáistíochta a laghdú. Meastar go mbeidh glanmhéadú beag de thart ar 29 000 'post glas' mar thoradh ar na tionchair chasta ar an bhfostaíocht.

Mar thoradh ar rogha na tosaíochta laghdaítear an gá le breoslaí iontaise agus méadaítear an ráta foriomlán d'athchúrsáil pacáistíochta faoi 6,5 % in 2030, cé go laghdaítear líonadh talún faoi 9 %. Mar thoradh ar an ugach sin don chiorclaíocht laghdaítear go mór an gá le hamhábhair neamhshaothraithe amhail adhmad, gloine agus alúmanam.

Ar an iomlán, trí bhogadh i dtreo geilleagair níos ciorclaí laistigh den phacáistíocht bhainfí amach tairbhí amhail custaiméirí a chumhachtú, tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a laghdú, spleáchas an Aontais ar an allmhairiú le haghaidh amhábhar agus breoslaí iontaise a laghdú, nuálaíocht a spreagadh agus borradh a chur faoi théarnamh eacnamaíoch, agus sa deireadh caiteachas teaghlaigh neamhriachtanach a laghdú.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

Beidh siad seo a leanas ar na táscairí maidir le dul chun cinn agus baint amach na gcuspóirí:

Cáilíocht mhéadaithe na n- ábhar athchúrsáilte (amhábhair thánaisteacha);

Éifeachtúlachtaí feabhsaithe athchúrsála agus gnóthú ábhair níos fearr le haghaidh ábhar pacáistithe (e.g. plaisteach, miotal, gloine, páipéar/cairtchlár, teicstílí, adhmad, ceirmeacht);

Beidh an phacáistíocht go léir go hiomlán in- athchúrsáilte faoi 2030;

Modhnaítear i gceart táillí faoi Scéimeanna Freagrachta Sínte;

Spriocanna sainordaitheacha maidir le hábhar athchúrsáilte le haghaidh pacáistíochta plaistí;

Spriocanna athúsáide agus athlíonta le haghaidh earnálacha áirithe.

## 1.5. Na forais leis na tograí / na tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Bheadh gá na ceanglais mhionsonraithe a shonrú trí ghníomhartha cur chun feidhme/tarmligthe i dtréimhse ama idir 3–8 mbliana. Eascróidh sraith gníomhaíochtaí i dtéarmaí gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme agus tuarascálacha féideartha measúnaithe tionchair ón Rialachán seo atá beartaithe. Cumhdófar leis sin comhlíonadh ceanglais inbhuanaitheachta a fhíorú, córas seiceála comhréireachta, ceanglais inbhuaine, chomh maith le faisnéis agus lipéadú. Tá liosta mionsonraithe de na gníomhaíochtaí sin a bheartaítear thíos:

- Oibleagáidí tuairiscithe maidir le spriocanna athchúrsála, formáidí pacáistíochta áirithe a bhailiú agus málaí siopadóireachta plaisteacha a ídiú;

Ceanglais in- athchúrsáilteachta le haghaidh catagóirí áirithe pacáistíochta;

- Rialacha tuairiscithe comhchuibhithe le haghaidh scéimeanna um fhreagracht tuairiscithe leathnaithe;

- Rialacha comhchuibhithe maidir le ríomh agus fíorú le haghaidh an chion athchúrsáilte sa phacáistíocht;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna maidir le cion athchúrsáilte i bhfianaise forbairtí teicniúla agus eacnamaíocha;

- Rialacha comhchuibhithe le haghaidh na gceanglas agus na bhformáidí lipéadaithe um shórtáil tomhaltóirí, pacáistíocht in- athchúrsáilte, ábhar athchúrsáilte, ábhar inmhúirínithe agus iompróirí eile sonraí digiteacha;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhíolúintí ar shrianta maidir le substaintí arb údar imní iad i bpacáistíocht;

- Critéir shainordaitheacha íosta a bhunú maidir le soláthar poiblí glas.-

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Léirítear le fógraí margaidh inmheánaigh le déanaí ó na Ballstáit go mbíonn costas breise le híoc ag na hoibreoirí eacnamaíocha mar thoradh ar chur chun feidhme roinnt forálacha nach bhfuil comhchuibhithe go hiomlán faoin Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht (PPWD) is infheidhme faoi láthair, amhail ceanglais lipéadaithe, nó ceanglais doiléire, amhail ceanglais fhíor- riachtanacha i ndáil le pacáistíocht a íoslaghdú nó in- athchúrsáilteacht. Léiríonn siad siúd go soiléir go bhfuil gá le comhchuibhiú breise ní hamháin chun bheith in ann oibriú ar bhealach níos costéifeachtaí, ach freisin chun déileáil le héiginnteacht rialála i leith na gceanglas comhshaoil don phacáistíocht, ionas go mbeifear in ann infheistíocht iomchuí a dhéanamh sa bhonneagar.

Ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin go leordhóthanach, ar a gconlán féin. Margadh mór amháin, seachas 27 margadh aonair, atá i margadh pacáistíochta an Aontais ar mórán bealaí. Tá leibhéil arda de thrádáil trasteorann idir Ballstáit mar shaintréith ag an margadh pacáistíochta, agus pacáistíocht curtha ar an margadh i mBallstáit éagsúla ag go leor táirgeoirí. Cuireann tionscnaimh náisiúnta ar go leor bealaí le hilroinnt bhreise an mhargaidh inmheánaigh agus le heaspa éifeachtachta. Ar an gcaoi chéanna, tá na hábhair imní maidir leis an gcomhshaol i réimse na pacáistíochta forleathan, agus na príomhchúiseanna atá taobh thiar díobh comónta i ngach Ballstát.

Is léir go bhfuil luach breise ag baint le comhcheanglais a shocrú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, mar go n- áiritheofar leis sin margadh inmheánach comhchuibhithe a fheidhmíonn go maith agus, dá bhrí sin, cothroime iomaíochta do thairgeoirí pacáistíochta. Trí cheanglais agus spriocanna a shocrú ar leibhéal an Aontais, déanfar an t- aistriú i dtreo pacáistíochta atá in- athúsáidte nó in- athchúrsáilte ar bhealach atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, ar bhealach comhtháite i ngach Ballstát, rud a chruthóidh margadh níos mó agus níos éifeachtúla. Trí leas a bhaint as a neart chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach don phacáistíocht, tacófar le spriocanna a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtaí.

Bainfear amach barainneachtaí scála trí chuir chuige chomhsheasmhacha i dtreo, mar shampla, tionchar a imirt ar dhearadh na pacáistíochta ar shlí a bhféadfar pacáistíocht a bhailiú, a shórtáil agus a athchúrsáil ar bhealach níos costéifeachtaí gach áit san AE. Ní fhéadfaí an comhchuibhiú sin agus dá bharr sin barainneachtaí scála a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí na mBallstát amháin.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá roinnt tionscnaimh ghaolmhara an-tábhachtach don phacáistíocht: Leis an Treoir Réime maidir le Dramhaíl (WFD) bunaítear coincheapa atá infheidhme go cothrománach i ndáil le giniúint dramhaíola agus bainistíocht dramhaíola, lena n- áirítear cóireáil dramhaíola, athchúrsáil agus téarnamh. Cruthaítear leis ord na réiteach dramhaíola, a thugann tús áite do dhramhaíl a chosc in áit athúsáide agus/nó athchúrsála, agus ina dhiaidh sin athchúrsáil in áit roghanna eile téarnaimh agus diúscairt dheireanach trí hathlíonadh. Thairis sin, cuirtear d'oibleagáid ar Bhallstáit scéimeanna feidhmiúla um Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora a bheith i bhfeidhm, lena n- áirithítear go mbíonn táirgeoirí na dtáirgí freagrach as céim na dramhaíola a bhainistiú i ndáil lena gcuid táirgí. Sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach (CEAP), gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé measúnú ar an indéantacht a bhaineann le comhchuibhiú na gcóras ar leithligh um bhailiú dramhaíola sna Ballstáit.

Leis an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide (SUPD) dírítear – i measc táirgí plaisteacha eile – ar phacáistíocht phlaisteach áirithe (e.g. málaí siopadóireachta plaisteacha, cupáin dí, coimeádáin bia agus dí lena n- áirítear buidéil) agus é mar phríomhchuspóir caitheamh bruscair agus a thionchar ar an gcomhshaol a chosc. Tá toirmisc ar tháirgí ann, chomh maith leis an oibleagáid do Bhallstáit bailiú ar leithligh na hathchúrsála a áirithiú agus méid na ngrúpaí áirithe de phlaistigh aon úsáide a laghdú. Ar deireadh, bunaíodh leis spriocanna maidir le híosmhéid ábhar athchúrsáilte i ndáil le buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad.

Gníomh dlí eile i ndáil le pacáistíocht phlaisteach é an Cinneadh Acmhainní Dílse (ORD) ó 2020, lenar bunaíodh acmhainn dhílis atá bunaithe ar dhramhaíl phlaisteach ó phacáistíocht nach ndéantar a athchúrsáil i mBallstáit shonracha, gan beann ar cibé acu go gcomhlíonann na Ballstáit sin an sprioc nó nach gcomhlíonann. Le ORD cruthaítear dreasacht le haghaidh na mBallstát chun bearta a chur i bhfeidhm chun rátaí níos athchúrsála níos airde a shaothrú don phacáistíocht phlaisteach. Tugtar solúbthacht leis do na Ballstáit ó thaobh cinneadh a dhéanamh i leith a gcuid iarrachtaí rátaí arda d'athchúrsáil plaisteach a bheith acu i gcomhréir le WFD.

Is é PPWD, áfach, an phríomhuirlis ar leibhéal an Aontais a dhéileálann le pacáistíocht a chur ar an margadh agus ceanglais i ndáil le deireadh a ré. Tá forálacha freisin a bhaineann leis an bpacáistíocht nó atá ábhartha dó i reachtaíocht eile AE. Mar thoradh ar an athbhreithniú ar PPWD moladh Rialachán cuimsitheach chun ceanglais inbhuanaitheachta a leagan amach don phacáistíocht (in- athchúrsáilteacht, bithbhunaithe, pacáistíocht inmhúirínithe agus in- bhithmhillte, úsáid ábhair athchúrsáilte agus substaintí guaiseacha i bpacáistíocht), déileáil le dramhaíl ó phacáistíocht a chosc agus a athúsáid, lipéadú le haghaidh bailiú ar leithligh, bailiú agus athchúrsáil pacáistíochta, córais éarlaise agus aisíoca, ceanglais EPR agus ceanglais an tsoláthair phoiblí ghlais i ndáil leis an bpacáistíocht.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tagann na tionscnaimh faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, lena dtreoraítear straitéis téarnaimh an Aontais. Aithníonn an Comhaontú Glas na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh inár n- inbhuanaitheacht iomaíoch trí Eoraip atá níos cothroime, níos glaise agus níos digití a thógáil. Áirítear leis sin an geilleagar ciorclach, arb é an príomhspreagthóir ó thaobh téarnamh ábhar a mhéadú agus cáilíocht na n-  amhábhar tánaisteach a fheabhsú.

Léirítear tacaíocht agus tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh sa taighde ar réimse an gheilleagair chiorclaigh agus go háirithe dearadh níos fearr pacáistíochta agus téarnamh ábhar a fheabhsú le líon na dtionscadal a mhaoinítear faoin gclár Fís 2020 (os cionn 100 tionscadal) agus an ranníocaíocht airgeadais maidir lena gcur chun feidhme (thart ar EUR 500 milliún). Tacóidh torthaí na dtionscadal sin le ciorclaíocht na bhformáidí pacáistíochta agus cuirfidh siad chun cinn iad.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Go teoiriciúil, d'fhéadfaí reachtaíochtaí náisiúnta a bhunú sna Ballstáit. Ní bheadh aon ráthaíocht ann, áfach, go gcuirfí i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud an Aontais agus is cinnte go gcuirfeadh sin le tuilleadh ilroinnte sa mhargadh inmheánach.

Ní féidir cúraimí a sheachtrú a bhaineann le reachtaíocht thánaisteach a fhorbairt ar leibhéal an Aontais.

## 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2023 go 2027

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[2]

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n- áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

---

[2] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard- Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin. |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| N/B – cf. thuas. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| N/B – cf. thuas. |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| N/B – cf. thuas. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann faoi láthair nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| N/B – cf. thuas. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann faoi láthair

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN.[1] | ó thíortha de chuid CSTE[2] | ó thíortha is iarrthóirí[3] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1 | 3 2 05 An Clár don Mhargadh Aonair — Staidreamh ardchaighdeáin faoin Eoraip a tháirgeadh agus a scaipeadh | LD. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 3 | 09 02 02 An Geilleagar Ciorclach agus cáilíocht saoil | LD. | TÁ | NÍL | /NÍL | NÍL |
| 7 | 20 01 02 01 – Luach saothair agus liúntais | LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 01 01 Baill foirne ar conradh | LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 01 03 – Státseirbhísigh náisiúnta atá sannta go sealadach chun na hinstitiúide | LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 06 01 - Costas misin agus ionadaíochta | LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 7 | 20 02 06 02 — Cruinnithe, grúpaí saineolaithe | LN. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

| N/B |
|---|

1 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
2 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
3 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | An margadh aonair, an nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha |
|---|---|---|

| **Ard-Stiúrthóireacht: ESTAT** | | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027 agus ina dhiaidh sin** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| 3 2 05 An Clár don Mhargadh Aonair — Staidreamh ardchaighdeáin faoin Eoraip a tháirgeadh agus a scaipeadh | Gealltanais | (1) | 0,090 | 0,090 | 0,090 | 0,125 | 0,140 | **0,535** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,090 | 0,090 | 0,090 | 0,125 | 0,140 | **0,535** |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS ESTAT** | Gealltanais | =(1) | **0,090** | **0,090** | **0,090** | **0,125** | **0,140** | **0,535** |
| | Íocaíochtaí | =(2) | **0,090** | **0,090** | **0,090** | **0,125** | **0,140** | **0,535** |

Chun tacú le bailiú sonraí i réimse na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht, tá gá le conarthaí seirbhíse um modheolaíocht agus bailíochtú, agus an líon conarthaí le méadú in 2026 agus 2027 mar gheall ar an oibleagáid nua tuairiscithe. Méadú ar cháilíocht sonraí a bheidh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin agus ní hamháin go rachaidh sé sin chun tairbhe na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht chomh maith le málaí siopadóireachta plaisteacha, cuirfidh sé leis an acmhainn dhílis phlaistigh freisin

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **3** | Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol |
|---|---|---|

| **Ard-Stiúrthóireacht: ENV** | | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027 agus ina dhiaidh sin** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| 09 02 02 An Geilleagar Ciorclach agus cáilíocht saoil | Gealltanais | (1) | 0,500 | 0,500 | 0,500 | 0,200 | 0,400 | **2,100** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,500 | 0,500 | 0,500 | 0,200 | 0,400 | **2,100** |
| **IOMLÁN leithreasuithe do AS ENV** | Gealltanais | =(1) | **0,500** | **0,500** | **0,500** | **0,200** | **0,400** | **2,100** |
| | Íocaíochtaí | =(2) | **0,500** | **0,500** | **0,500** | **0,200** | **0,400** | **2,100** |

Eascraíonn costais AS an Chomhshaoil ó riachtanais soláthair maidir le bailiú sonraí agus anailís ar in- athchúrsáilteacht cineálacha pacáistíochta, modheolaíocht a bhunú le haghaidh ábhair athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach etc. (méid measta de EUR 2,1 milliún le haghaidh na tréimhse 2023-2027).

– .

| | | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,590 | 0,590 | 0,590 | 0,325 | 0,540 | **2,635** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,590 | 0,590 | 0,590 | 0,325 | 0,540 | **2,635** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4 | **0,590** | **0,590** | **0,590** | **0,325** | **0,540** | **2,635** |
| | Íocaíochtaí | =5 | **0,590** | **0,590** | **0,590** | **0,325** | **0,540** | **2,635** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

Chun an roinn seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' a iontráladh ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 agus ina dhiaidh sin | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ENV | | | | | | | |
| □ Acmhainní daonna | | 0,644 | 0,732 | 0,732 | 0,817 | 0,817 | **3,742** |
| □ Caiteachas riaracháin eile | | 0,484 | 0,484 | 0,484 | 0,484 | 0,484 | **2,420** |
| **IOMLÁN AS ENV** | Leithreasuithe | **1,128** | **1,216** | **1,216** | **1,301** | **1,301** | **6,162** |

**Tá gá le 3** phost in AS an Chomhshaoil (foireann reatha) maidir leis an gcur is cúiteamh a bhaineann leis an rialachán agus dá chur chun feidhme tríd is tríd mar aon le reachtaíocht thánaisteach a ullmhú agus a dhréachtú de réir na sprioc- amanna a bheartaítear leis an Rialachán ar Phacáistíocht agus Dhramhaíl ó Phacáistíocht.

Is gá 4 bhall foirne chonarthacha bhreise **(2 SNE agus 2 CA)** chun an obair theicniúil a chur i gcrích, lena n- áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach ar fhorbairtí teicniúla agus eacnamaíocha i ndáil le fáil na pacáistíochta agus na n- ábhar;

- Oibleagáidí tuairiscithe maidir le spriocanna athchúrsála, formáidí pacáistíochta áirithe a bhailiú agus málaí siopadóireachta plaisteacha a ídiú'

Ceanglais in- athchúrsáilteachta le haghaidh catagóirí áirithe pacáistíochta;

- Rialacha tuairiscithe comhchuibhithe le haghaidh scéimeanna um fhreagracht tuairiscithe leathnaithe;

- Rialacha comhchuibhithe maidir le ríomh agus fíorú le haghaidh an chion athchúrsáilte sa phacáistíocht;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna maidir le cion athchúrsáilte i bhfianaise forbairtí teicniúla agus eacnamaíocha;

- Rialacha comhchuibhithe le haghaidh na gceanglas agus na bhformáidí lipéadaithe um shórtáil tomhaltóirí, pacáistíocht in- athchúrsáilte, ábhar athchúrsáilte, ábhar inmhúirínithe agus iompróirí eile sonraí digiteacha;- Athbhreithniú ar dhíolúintí o shrianta ar shubstaintí arb údar imní iad i bpacáistíocht;

- Critéir shainordaitheacha íosta a bhunú maidir le soláthar poiblí glas;

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 agus ina dhiaidh sin | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ESTAT | | | | | | | |
| □ Acmhainní daonna | | 0,157 | 0,157 | 0,242 | 0,242 | 0,242 | **1,040** |
| □ Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS ESTAT** | Leithreasuithe | 0,157 | 0,157 | 0,242 | 0,242 | 0,242 | **1,040** |

Tá leathphost riarthóra tiomanta ag ESTAT i láthair na huaire chun pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht chomh maith le málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a bhailíochtú agus a threorú go modhúil. Chun dul i ngleic leis an iliomad dúshlán a ghabhann leis an bpacáistíocht agus an dramhaíl ó phacáistíocht agus ídiú málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma, tá gá le staidreamh cáilíochta atá bunaithe ar bhearta cuimsitheacha agus inchomparáide ar fud tíortha. Mar shampla, gabhann go leor dúshláin theicniúla le pacáistíocht in- athúsáidte a thomhas i gcórais lúboscailte. Chun críocha treoraíocht mhodheolaíoch agus tacaíocht theicniúil níos fearr chomh maith le bearta leantacha a fhorbairt leis na Ballstáit, tá gá le leathphost AD breise ó 2023.

Chun an mhodheolaíocht a fhorbairt agus a bhunú le haghaidh na hoibleagáide breise tuairiscithe ar in- athchúrsáilteacht le haghaidh 2028, tá gá le post CA ó 2025 ar aghaidh.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithefaoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **1,285** | **1,373** | **1,458** | **1,543** | **1,543** | **7,202** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027 agus ina dhiaidh sin** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | **1,875** | **1,963** | **2,048** | **1,868** | **2,083** | **9,837** |
| | Íocaíochtaí | **1,875** | **1,963** | **2,048** | **1,868** | **2,083** | **9,837** |

### *3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **N** | Bliain**N+1** | Bliain**N+2** | Bliain**N+3** | Cuir isteach an oiread blianta a theastaíonn le fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6) | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | |

| ⇩ | Saghas[1] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[2]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

1 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).
2 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin COM*

3.2.3.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

3.2.3.2.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027 agus ina dhiaidh sin** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,801 | 0,889 | 0,974 | 1,059 | 1,059 | **4,782** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,480 | 0,480 | 0,480 | 0,480 | 0,480 | **2,400** |
| **Fo- iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **1,285** | **1,373** | **1,458** | **1,543** | **1,543** | **7,202** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[1] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |
| Acmhainní daonna | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | |
| **Fo- iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B | N/B |

1 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| IOMLÁN | **1,285** | **1,373** | **1,458** | **1,543** | **1,543** | **7,202** |
|---|---|---|---|---|---|---|

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.3. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027 agus ina dhiaidh sin** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |
| 20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 2 | 3 | 4 | 5 | 5 |
| 20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [2] | | | | | | |
| | | | | | | |
| 01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach) | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **6** | **7** | **8** | **9** | **9** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| Oifigigh agus pearsanra sealadach | AS ENV: Tá gá le trí phost riarthóra (foireann reatha) le haghaidh idirbheartaíochta agus chun an rialachán a chur chun feidhme go ginearálta, mar aon leis an obair |
|---|---|

2 Fo- uasteorainn d'fhoireann sheachtrach a chumhdaítear faoi leithreasuithe oibriúcháin (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | dhifriúil ullmhaithe agus reachtaíocht thánaisteach a dhréachtú de réir na sprioc- amanna a bheartaítear leis an Rialachán ar Phacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.<br>AS ESTAT: Tá go leor dúshlán teicniúil ag gabháil le pacáistíocht in- athúsáidte a thomhas ag baill foirne i gcórais lúboscailte. Chun críocha treoraíocht mhodheolaíoch agus tacaíocht theicniúil níos fearr chomh maith le bearta leantacha a fhorbairt leis na Ballstáit, tá gá le leathphost AD breise ó 2023. Áirithítear tacaíocht TF le seirbhísí cothrománacha san aonad ESTAT.E.2, a mheastar a bheith comhionann le 1/20 de phost AST do na bailiúcháin sonraí maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht chomh maith le málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma. |

| 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|
| 1 AD (0,5 reatha, 0,5 nua)<br>0,05 AST (reatha) | 1 AD (0,5 reatha, 0,5 nua)<br>0,05 AST (reatha) | 1 AD (0,5 reatha, 0,5 nua)<br>0,05 AST (reatha) | 1 AD (0,5 reatha, 0,5 nua)<br>0,05 AST (reatha) | 1 AD (0,5 reatha, 0,5 nua)<br>0,05 AST (reatha) |

| | |
|---|---|
| Pearsanra seachtrach | Tá gá leis na poist END (reatha) agus CA (breise) chun an obair theicniúil a chur i gcrích, a thacaíonn le hullmhú gníomhartha i ndáil le:<br>• Oibleagáidí tuairiscithe maidir le spriocanna athchúrsála, formáidí pacáistíochta áirithe a bhailiú agus málaí siopadóireachta plaisteacha a ídiú'<br>• Ceanglais in- athchúrsáilteachta le haghaidh catagóirí áirithe pacáistíochta;<br>• Rialacha tuairiscithe comhchuibhithe le haghaidh scéimeanna um fhreagracht shínte tuairiscithe;<br>• Rialacha comhchuibhithe maidir le ríomh agus fíorú le haghaidh an ábhair athchúrsáilte sa phacáistíocht;<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna um ábhar athchúrsáilte i bhfianaise forbairtí teicniúla agus eacnamaíocha;<br>• Rialacha comhchuibhithe le haghaidh na gceanglas agus na bhformáidí lipéadaithe um shórtáil tomhaltóirí, pacáistíocht in- athchúrsáilte, ábhar athchúrsáilte, ábhar inmhúirínithe agus iompróirí eile sonraí digiteacha;<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar dhíolúintí ar shrianta maidir le substaintí arb údar imní iad i bpacáistíocht;<br>• Critéir shainordaitheacha íosta a bhunú maidir le soláthar poiblí glas;<br><br>Chun na cúraimí sin a chur i gcrích, tá gá le 4 bhall foirne chonarthacha bhreise, 2 SNE agus 3 CA (Tá CA amháin leithdháilte do ESTAT) |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain**N**[1] | Bliain**N+ 1** | Bliain**N+ 2** | Bliain**N+ 3** | Cuir isteach an oiread blianta a theastaíonn le fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

1 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[2] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain**N** | Bliain**N+1** | Bliain**N+2** | Bliain**N+3** | Cuir isteach an oiread blianta a theastaíonn le fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| N/B. |
|---|

Aon bharúil eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[2] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis asbhaint 20 % le haghaidh costais bhailiúcháin.